CÚIRT GHINEARÁLTA
AN AONTAIS EORPAIGH

# Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta

an 4 Márta 2015 (IO L 105, 23.4.2015, lch. 1)

**Leagan comhdhlúite**

## Arna leasú le:

| | | *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Uimhir | Leathanach | Dáta |
| M1 | Leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2016 | L 217 | 71 | 12.8.2016 |
| M2 | Leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2016 | L 217 | 72 | 12.8.2016 |
| M3 | Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2016 | L 217 | 73 | 12.8.2016 |
| M4 | Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 31 Iúil 2018 | L 240 | 67 | 25.9.2018 |
| M5 | Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 11 Iúil 2018 | L 240 | 68 | 25.9.2018 |
| M6 | Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 30 Samhain 2022 | L 44 | 8 | 14.2.2023 |
| M7 | Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 10 Iúil 2024 | L 2024/2095 | | 12.8.2024 |

## Arna gceartú le:

| | | *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* | |
|---|---|---|---|
| | | Uimhir | Dáta |
| C1 | Ceartúchán ar na Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 10 Iúil 2024 | L 2024/90835 | 23.12.2024 |

**Is uirlis dhoiciméadach amháin an leagan comhdhlúite seo de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, arna ullmhú ag an gClárlann. Foilsítear na leaganacha barántúla de na téacsanna lena mbaineann, lena n-áirítear a mbrollaigh, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.**

GA

**CLÁR**


**FORÁLACHA TOSAIGH** ..... **12**

Airteagal 1 Sainmhínithe ..... 12
Airteagal 2 Raon feidhme na Rialacha seo ..... 14

**TEIDEAL I** **EAGRÚ NA CÚIRTE GINEARÁLTA** ..... **15**

Caibidil 1 COMHALTAÍ NA CÚIRTE GINEARÁLTA ..... 15

Airteagal 3 Feidhmeanna Breithimh agus Abhcóide Ghinearálta ..... 15
Airteagal 4 Tús téarma oifige Breithiúna ..... 15
Airteagal 5 Mionn a ghlacadh ..... 15
Airteagal 6 Gealltanas sollúnta ..... 16
Airteagal 7 Breitheamh a chur as a oifig ..... 16
Airteagal 8 Ord tosaíochta ..... 16

Caibidil 2 UACHTARÁNACHT NA CÚIRTE GINEARÁLTA ..... 17

Airteagal 9 Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta a thoghadh ..... 17
Airteagal 10 Freagrachtaí Uachtarán na Cúirte Ginearálta ..... 17
Airteagal 11 Freagrachtaí Leas-Uachtarán na Cúirte ..... 18
Airteagal 12 I gcás nach féidir le hUachtarán ná le Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta feidhmiú ..... 18

Caibidil 3 DLÍSHEOMRAÍ AGUS FOIRMÍOCHTAÍ NA CÚIRTE GINEARÁLTA ..... 19

Cuid 1. Comhdhéanamh na nDlísheomraí agus foirmíochtaí na Cúirte Ginearálta 19

Airteagal 13 Comhdhéanamh na nDlísheomraí ..... 19
Airteagal 14 Foirmíocht inniúil na Cúirte Ginearálta ..... 19
Airteagal 15 Comhdhéanamh an Mhór-Dhlísheomra ..... 19
Airteagal 15a Comhdhéanamh an Dlísheomra de mhéid idirmheánach ..... 20
Airteagal 16 Breitheamh a tharraingt siar ó chás agus a scaoileadh ó chás a thriail ..... 20
Airteagal 17 I gcás nach féidir le comhalta de chuid fhoirmíocht na Cúirte Ginearálta feidhmiú ..... 20

Cuid 2. Uachtaráin na nDlísheomraí 22

Airteagal 18 Uachtaráin na nDlísheomraí a thoghadh ..... 22
Airteagal 19 Cumhachtaí Uachtarán Dlísheomra ..... 22
Airteagal 20 I gcás nach féidir le hUachtarán Dlísheomra feidhmiú ..... 22

Cuid 3. Pléití 23

Airteagal 21 Nósanna imeachta maidir le pléití ..... 23
Airteagal 22 Líon na mBreithiúna a ghlacfaidh páirt sna pléití ..... 23
Airteagal 23 Córam an Mhór-Dhlísheomra ..... 23

| | | |
|---|---|---|
| Airteagal 23a | Córam an Dlísheomra de mhéid idirmheánach | 24 |
| Airteagal 24 | Córam na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear nó triúr Breithiúna | 24 |
| Caibidil 4 | SANNADH AGUS ATHSHANNADH CÁSANNA, AINMNIÚ BREITHIÚNA IS RAPOIRTÉIR, TARCHUR CHUIG FOIRMIOCHTAÍ NA CÚIRTE AGUS TARMLIGEAN CÁSANNA CHUIG BREITHEAMH AONAIR | 25 |
| Airteagal 25 | Critéir an tsannta | 25 |
| Airteagal 26 | Cás a shannadh don chéad uair agus ainmniú Breithimh is Rapóirtéir | 25 |
| Airteagal 27 | Breitheamh is Rapóirtéir nua a ainmniú agus cás a athshannadh | 26 |
| Airteagal 28 | Cás a shannadh do Dhlísheomra ina mbeidh líon difriúil Breithiúna | 27 |
| Airteagal 29 | Tarmligean chuig Breitheamh aonair | 28 |
| Caibidil 5 | ABHCÓIDÍ GINEARÁLTA A AINMNIÚ | 29 |
| Airteagal 30 | Cúinsí ina bhféadfar Abhcóide Ginearálta a ainmniú | 29 |
| Airteagal 31 | Nós Imeachta chun Abhcóidí Ginearálta a ainmniú chun caingne díreacha a láimhseáil | 29 |
| Airteagal 31a | Abhcóidí Ginearálta a thoghadh chun iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil | 30 |
| Airteagal 31b | Nós imeachta chun Abhcóidí Ginearálta a ainmniú chun iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil | 30 |
| Caibidil 6 | AN CHLÁRLANN | 31 |
| Cuid 1. | An Cláraitheoir | 31 |
| Airteagal 32 | Ceapadh an Chláraitheora | 31 |
| Airteagal 33 | Leas-Chláraitheoir | 32 |
| Airteagal 34 | I gcás nach féidir leis an gCláraitheoir ná leis an Leas-Chláraitheoir feidhmiú | 32 |
| Airteagal 35 | Freagrachtaí an Chláraitheora | 32 |
| Airteagal 36 | An Clár a choimeád | 32 |
| Airteagal 37 | Teacht ar an gClár | 33 |
| Airteagal 38 | Rochtain ar chomhad an cháis | 33 |
| Cuid 2. | Seirbhísí | 33 |
| Airteagal 39 | Oifigigh agus seirbhísigh eile | 33 |
| Caibidil 7 | OIBRIÚ NA CÚIRTE GINEARÁLTA | 34 |
| Airteagal 40 | Suíomh shuíonna na Cúirte Ginearálta | 34 |
| Airteagal 41 | Féilire obair bhreithiúnach na Cúirte Ginearálta | 34 |
| Airteagal 42 | Tionól Iomlánach | 35 |
| Airteagal 43 | Miontuairiscí a ullmhú | 35 |
| **TEIDEAL II** | **TEANGACHA** | 36 |

| | | |
|---|---|---|
| Airteagal 44 | Teanga an cháis | 36 |
| Airteagal 45 | Teanga an cháis a chinneadh | 36 |
| Airteagal 46 | Teanga an cháis a úsáid | 37 |
| Airteagal 47 | Freagrachtaí an Chláraitheora maidir le socrúcháin teanga | 39 |
| Airteagal 48 | Socruithe teanga fhoilseacháin na Cúirte Ginearálta | 39 |
| Airteagal 49 | Téacsanna barántúla | 39 |
| **TEIDEAL III** | **CAINGNE DÍREACHA** | 40 |
| Airteagal 50 | Raon feidhme | 40 |
| Caibidil 1 | FORÁLACHA GINEARÁLTA | 40 |
| Cuid 1. | Ionadaíocht na bpáirtithe | 40 |
| Airteagal 51 | Oibleagáid ionadaíochta | 40 |
| Cuid 2. | Cearta agus oibleagáidí ionadaithe na bpáirtithe | 41 |
| Airteagal 52 | Pribhléidí, díolúintí agus saoráidí | 41 |
| Airteagal 53 | Stádas ionadaithe na bpáirtithe | 41 |
| Airteagal 54 | Díolúine a tharscaoileadh | 42 |
| Airteagal 55 | Eisiamh ó na himeachtaí | 42 |
| Airteagal 56 | Léachtóirí ollscoile | 43 |
| Cuid 2a | Cumarsáid le hionadaithe na bpáirtithe trí e-Curia *(M5)* | 43 |
| Airteagal 56a | e-Curia | 43 |
| Cuid 3. | Seirbheáil | 44 |
| Airteagal 57 | Modhanna seirbheála | 44 |
| Cuid 4. | Teorainneacha ama | 44 |
| Airteagal 58 | Teorainneacha ama a ríomh | 44 |
| Airteagal 59 | Imeachtaí in aghaidh beart arna ghlacadh ag institiúid agus foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh | 45 |
| Airteagal 60 | Teorainneacha ama a fhadú mar gheall ar fhad slí | 45 |
| Airteagal 61 | Teorainneacha ama a shocrú agus síneadh a chur leo | 45 |
| Airteagal 62 | Doiciméid nós imeachta a thaiscfear lasmuigh de theorainn ama | 46 |
| Cuid 5. | Stiúradh na n-imeachtaí agus déileáil le cásanna | 46 |
| Airteagal 63 | Stiúradh na n-imeachtaí | 46 |
| Airteagal 64 | Nádúr sáraíochta na n-imeachtaí | 46 |
| Airteagal 65 | Doiciméid nós imeachta a sheirbheáil agus na cinntí a ghlacfar le linn na n-imeachtaí | 46 |
| Airteagal 66 | Sonraí pearsanta daoine nádúrtha a fhágáil ar lár ón doiciméad poiblí | 46 |
| Airteagal 66a | Sonraí seachas sonraí pearsanta daoine nádúrtha a fhágáil ar lár ón doiciméad poiblí | 47 |
| Airteagal 67 | An t-ord ina ndéileálfar le cásanna | 47 |
| Airteagal 68 | Uamadh | 47 |

| | | |
|---|---|---|
| Airteagal 69 | Bac ar imeachtaí | 48 |
| Airteagal 70 | Breitheanna i leith bac a chur ar imeachtaí agus imeachtaí a atosú | 48 |
| Airteagal 71 | Fad agus éifeachtaí baic | 48 |
| Airteagal 71a | Cásanna píolótacha | 49 |
| Caibidil 2 | DOICIMÉID NÓS IMEACHTA | 49 |
| Airteagal 72 | Rialacha maidir le doiciméid nós imeachta a thaisceadh trí e-Curia | 49 |
| Airteagal 73 | (aisghairthe) | 50 |
| Airteagal 74 | (aisghairthe) | 50 |
| Airteagal 75 | Fad pléadálacha i scríbhinn | 50 |
| Caibidil 3 | AN CHUID I SCRÍBHINN DEN NÓS IMEACHTA | 50 |
| Airteagal 76 | Inneachar an iarratais | 50 |
| Airteagal 77 | (aisghairthe) | 51 |
| Airteagal 78 | Iarscríbhinní a ghabhann leis an iarratas | 51 |
| Airteagal 79 | Foilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh | 52 |
| Airteagal 80 | Iarratas a sheirbheáil | 52 |
| Airteagal 81 | An chosaint | 52 |
| Airteagal 82 | Doiciméid a sheachadadh | 53 |
| Airteagal 83 | Freagra agus athfhreagra | 53 |
| Caibidil 4 | SAINCHEISTEANNA DLÍ, FIANAISE AGUS LEASÚ AN IARRATAIS | 53 |
| Airteagal 84 | Saincheist nua dlí | 53 |
| Airteagal 85 | Fianaise a thabharfar ar aird nó a thairgfear | 54 |
| Airteagal 86 | Leasú an iarratais | 54 |
| Caibidil 5 | RÉAMHTHUARASCÁIL | 55 |
| Airteagal 87 | Réamhthuarascáil | 55 |
| Caibidil 6 | BEARTA EAGRÚCHÁIN NÓS IMEACHTA AGUS BEARTA FIOSRÚCHÁIN | 56 |
| Airteagal 88 | Gnéithe ginearálta | 56 |
| Cuid 1. | Bearta eagrúcháin nós imeachta | 56 |
| Airteagal 89 | Aidhm | 56 |
| Airteagal 90 | Nós Imeachta | 57 |
| Cuid 2. | Bearta fiosrúcháin | 58 |
| Airteagal 91 | Aidhm | 58 |
| Airteagal 92 | Nós Imeachta | 58 |
| Airteagal 93 | Toghairm finnéithe | 59 |
| Airteagal 94 | Finnéithe a cheistiú | 59 |
| Airteagal 95 | Oibleagáidí finnéithe | 60 |
| Airteagal 96 | Tuarascáil ó shaineolaí | 60 |
| Airteagal 97 | Mionn finnéithe agus saineolaithe | 61 |

| | | |
|---|---|---|
| Airteagal 98 | Mionnú éithigh finnéithe agus saineolaithe | 61 |
| Airteagal 99 | Agóid i gcoinne finné nó saineolaí | 61 |
| Airteagal 100 | Costais na bhfinnéithe agus na saineolaithe | 62 |
| Airteagal 101 | Litreacha rogáide | 62 |
| Airteagal 102 | Miontuairiscí ar éisteachtaí fiosrúcháin | 63 |
| Cuid 3. | Déileáil le faisnéis, le hábhar agus le doiciméid rúnda i gcomhthéacs bearta fiosrúcháin | 63 |
| Airteagal 103 | Déileáil le faisnéis agus ábhar rúnda | 63 |
| Airteagal 104 | Doiciméid a bhfuil rochtain diúltaithe ag Institiúid ina leith | 64 |
| Caibidil 7 | FAISNÉIS NÓ ÁBHAR A BHAINEANN LE SLÁNDÁIL AN AONTAIS NÓ LE SLÁNDÁIL BALLSTÁIT AMHÁIN DÁ CHUID NÓ NÍOS MÓ NÓ LE RIARADH A gCAIDREAMH IDIRNÁISIUNTA | 64 |
| Airteagal 105 | Déileáil le faisnéis nó le hábhar a bhaineann le slándáil an Aontais nó le slándáil Ballstáit amháin dá chuid nó níos mó nó le riaradh a gcaidreamh idirnáisiúnta | 64 |
| Caibidil 8 | AN CHUID Ó BHÉAL DEN NÓS IMEACHTA | 67 |
| Airteagal 106 | An chuid ó bhéal den nós imeachta | 67 |
| Airteagal 106a | Comhéisteacht | 67 |
| Airteagal 107 | Dáta na héisteachta | 67 |
| Airteagal 107a | Rannpháirtíocht in éisteacht trí fhíschomhdháil | 67 |
| Airteagal 108 | Neamhláithreacht na bpáirtithe ón éisteacht | 68 |
| Airteagal 109 | Cásanna a éisteacht i seomra iata | 68 |
| Airteagal 110 | Éisteacht a stiúradh | 68 |
| Airteagal 110a | Éisteachtaí a chraoladh | 69 |
| Airteagal 111 | Deireadh leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta | 70 |
| Airteagal 112 | Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a thabhairt | 70 |
| Airteagal 113 | An chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú | 70 |
| Airteagal 114 | Miontuairiscí na héisteachta | 71 |
| Airteagal 115 | An éisteacht a thaifeadadh | 71 |
| Caibidil 9 | BREITHIÚNAIS AGUS ORDUITHE | 71 |
| Airteagal 116 | Dáta fógartha breithiúnais | 71 |
| Airteagal 117 | Inneachar breithiúnais | 71 |
| Airteagal 118 | Breithiúnas a fhógairt agus a sheirbheáil | 72 |
| Airteagal 119 | Inneachar ordaithe | 72 |
| Airteagal 120 | Ordú a shíniú agus a sheirbheáil | 73 |
| Airteagal 121 | Éifeacht cheangailteach breithiúnas agus orduithe | 73 |
| Airteagal 122 | Foilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh | 74 |
| Caibidil 10 | BREITHIÚNAIS MHAINNEACHTANA | 74 |
| Airteagal 123 | Breithiúnais mhainneachtana | 74 |
| Caibidil 11 | RÉITEACH CAIRDIÚIL AGUS SCOR D'IMEACHTAÍ | 75 |

| | | |
|---|---|---|
| Airteagal 124 | Réiteach cairdiúil | 75 |
| Airteagal 125 | Scor d'imeachtaí | 75 |
| Caibidil 11a | NÓS IMEACHTA MAIDIR LE COMHAONTÚ CAIRDIÚIL ARNA THIONSCNAMH AG AN gCÚIRT GHINEARÁLTA i gCÁSANNA DE BHUN AIRTEAGAL 270 CFAE | 75 |
| Airteagal 125a | Nós Imeachta | 75 |
| Airteagal 125b | Éifeacht chomhaontú na bpríomhpháirtithe | 76 |
| Airteagal 125c | Clár agus comhad ar leith | 76 |
| Airteagal 125d | Comhaontú cairdiúil agus imeachtaí breithiúnacha | 77 |
| Caibidil 12 | CAINGNE AGUS SAINCHEISTEANNA A DHÉANFAR A CHINNEADH LE hORDÚ | 77 |
| Airteagal 126 | Caingean is cinnte go follasach go dteipfidh uirthi | 77 |
| Airteagal 127 | Caingean a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais | 78 |
| Airteagal 128 | Dlínse a dhiúltú | 78 |
| Airteagal 129 | Urchosc iomlán ar leanúint le cás | 78 |
| Airteagal 130 | Réamhagóidí agus ceisteanna | 78 |
| Airteagal 131 | Cásanna nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais as stuaim na Cúirte Ginearálta féin | 79 |
| Airteagal 132 | Caingne a bhfuil bunús leo go follasach | 79 |
| Caibidil 13 | TÁILLÍ AGUS COSTAIS | 80 |
| Airteagal 133 | Breith maidir le costais | 80 |
| Airteagal 134 | Rialacha ginearálta ar leithroinnt na gcostas | 80 |
| Airteagal 135 | Cothromas agus costais mhíréasúnta nó chráiteacha | 80 |
| Airteagal 136 | Costais i gcás scor d'imeachtaí | 81 |
| Airteagal 137 | Costais i gcás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais | 81 |
| Airteagal 138 | Costais idiragraí | 81 |
| Airteagal 139 | Táillí imeachtaí | 81 |
| Airteagal 140 | Costais inghnóthaithe | 82 |
| Airteagal 141 | Modhanna íocaíochta | 82 |
| Caibidil 14 | IDIRAGAIRT | 82 |
| Airteagal 142 | Cuspóir agus éifeachtaí na hidiragartha | 82 |
| Airteagal 143 | Iarratas ar idiragairt | 83 |
| Airteagal 144 | Cinneadh maidir le hiarratas ar idiragairt | 83 |
| Airteagal 145 | Pléadálacha i scríbhinn a thíolacadh | 84 |
| Caibidil 15 | CÚNAMH DLÍTHIÚIL | 85 |
| Airteagal 146 | Gnéithe ginearálta | 85 |
| Airteagal 147 | Iarratas ar chúnamh dlíthiúil | 85 |
| Airteagal 148 | Breith maidir le hiarratas ar chúnamh dlíthiúil | 86 |
| Airteagal 149 | Réamhíocaíochtaí agus freagracht as costais | 87 |
| Airteagal 150 | Cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar | 88 |

| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 16 | NÓSANNA IMEACHTA PRÁINNE | 88 |
| Cuid 1. | Nós imeachta brostaithe | 88 |
| Airteagal 151 | Cinneadh maidir leis an nós imeachta brostaithe | 88 |
| Airteagal 152 | Iarratas ar nós imeachta brostaithe | 89 |
| Airteagal 153 | Tosaíocht | 89 |
| Airteagal 154 | An chuid i scríbhinn den nós imeachta | 89 |
| Airteagal 155 | An chuid ó bhéal den nós imeachta | 90 |
| Cuid 2. | Fionraíocht oibrithe nó forghníomhaithe agus bearta eile idirlinne | 90 |
| Airteagal 156 | Iarratas ar oibriú a chur ar fionraí nó ar bhearta idirlinne eile | 90 |
| Airteagal 157 | Nós Imeachta | 91 |
| Airteagal 158 | Breith ar an iarratas | 91 |
| Airteagal 159 | Athrú sna himthosca | 92 |
| Airteagal 160 | Iarratas nua | 92 |
| Airteagal 161 | Iarratais de bhun Airteagail 280 CFAE agus 299 CFAE agus 164 CCEFA | 92 |
| Caibidil 17 | IARRATAIS A BHAINEANN LE BREITHIÚNAIS AGUS ORDUITHE | 92 |
| Airteagal 162 | Iarratais a shannadh | 92 |
| Airteagal 163 | Bac ar imeachtaí | 93 |
| Airteagal 164 | Breithiúnais agus orduithe a cheartú | 93 |
| Airteagal 165 | Cás ina mainnítear breith a thabhairt | 94 |
| Airteagal 166 | Iarratas ar bhreithiúnas mainneachtana a chur ar ceal | 94 |
| Airteagal 167 | Imeachtaí tríú páirtí | 95 |
| Airteagal 168 | Léiriú ar bhreithiúnais agus ar orduithe | 95 |
| Airteagal 169 | Athbhreithniú | 96 |
| Airteagal 170 | Díospóid a bhaineann le costais inghnóthaithe | 97 |
| **TEIDEAL IV** | **IMEACHTAÍ A BHAINEANN LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA** | 98 |
| Airteagal 171 | Raon feidhme | 98 |
| Caibidil 1 | PÁIRTITHE SNA hIMEACHTAÍ | 98 |
| Airteagal 172 | Cosantóir | 98 |
| Airteagal 173 | Stádas na bpáirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc os comhair na Cúirte Ginearálta | 98 |
| Airteagal 174 | Ionadú ar pháirtí | 99 |
| Airteagal 175 | Iarratas ar ionadú | 99 |
| Airteagal 176 | Cinneadh maidir le hiarratais ar ionadú | 100 |
| Caibidil 2 | IARRATAIS AGUS FRITHAIGHNEACHTAÍ | 100 |
| Airteagal 177 | Iarratais | 100 |
| Airteagal 178 | Iarratais a sheirbheáil | 101 |
| Airteagal 179 | Páirtithe atá údaraithe chun frithaighneacht a thaisceadh | 102 |

| | | |
|---|---|---|
| Airteagal 180 | Frithaighneacht | 102 |
| Airteagal 181 | Clabhsúr a chur leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta | 102 |
| Caibidil 3 | CROS-ÉILEAMH | 103 |
| Airteagal 182 | Cros-éileamh | 103 |
| Airteagal 183 | Inneachar an chros-éilimh | 103 |
| Airteagal 184 | An t-ordú a bheidh á lorg, saincheisteanna agus argóintí dlí an chros-éilimh | 103 |
| Airteagal 185 | Frithaighneacht ar an gcros-éileamh | 103 |
| Airteagal 186 | Clabhsúr leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta | 104 |
| Airteagal 187 | Nasc idir an phríomhchaingean agus an cros-éileamh | 104 |
| Caibidil 4 | GNÉITHE EILE DEN NÓS IMEACHTA | 104 |
| Airteagal 188 | Ábhar na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta | 104 |
| Airteagal 189 | Fad pléadálacha i scríbhinn | 104 |
| Airteagal 190 | Costais | 104 |
| **TEIDEAL V** | **NÓSANNA IMEACHTA TAR ÉIS BREITH A CHUR AR CEAL AR ACHOMHARC AGUS CÁS A THARCHUR AR AIS CHUN NA CÚIRTE GINEARÁLTA** | 106 |
| Caibidil 1 | BREITHEANNA NA CÚIRTE GINEARÁLTA A THABHARFAR I nDIAIDH A BREITH A CHUR AR CEAL AGUS A THARCHUR AR AIS CHUICI | 106 |
| Airteagal 191 | Cur ar ceal agus tarchur ón gCúirt Bhreithiúnais | 106 |
| Airteagal 192 | Sannadh an cháis | 106 |
| Airteagal 193 | Stiúradh na n-imeachtaí | 106 |
| Airteagal 194 | Rialacha is infheidhme maidir leis na himeachtaí | 107 |
| Airteagal 195 | Costais | 107 |
| **TEIDEAL VI** | **TARCHUR CHUN RÉAMHRIALÚ** | 108 |
| Caibidil 1 | FORÁLACHA GINEARÁLTA | 108 |
| Airteagal 196 | Raon feidhme | 108 |
| Airteagal 197 | Forálacha is infheidhme | 108 |
| Airteagal 198 | Seirbheáil | 108 |
| Caibidil 2 | AN CHUID I SCRÍBHINN DEN NÓS IMEACHTA | 109 |
| Airteagal 199 | Inneachar na hiarrata ar réamhrialú | 109 |
| Airteagal 200 | Foilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh | 109 |
| Airteagal 201 | Anaithnidiú agus sonraí a fhágáil ar lár | 109 |
| Airteagal 202 | Rannpháirtíocht in imeachtaí i leith réamhrialú | 110 |
| Airteagal 203 | Páirtithe sna príomhimeachtaí | 111 |
| Airteagal 204 | Aistriúchán agus seirbheáil na hiarrata ar réamhrialú | 111 |
| Airteagal 205 | Doiciméid nós imeachta a thaisceadh | 112 |

| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 3 | RÉAMHTHUARASCÁIL | 113 |
| Airteagal 206 | Réamhthuarascáil | 113 |
| Caibidil 4 | BEARTA A FHÉADFAIDH AN CHÚIRT GHINEARÁLTA A GHLACADH | 114 |
| Airteagal 207 | Tarchuir chuig an gCúirt Bhreithiúnais | 114 |
| Airteagal 208 | Uamadh | 114 |
| Airteagal 209 | Bac ar imeachtaí agus imeachtaí a atosú | 115 |
| Airteagal 210 | Bearta eagrúcháin nós imeachta | 115 |
| Airteagal 211 | Bearta fiosrúcháin | 116 |
| Airteagal 212 | Iarraidh ar shoiléiriú | 116 |
| Caibidil 5 | AN CHUID Ó BHÉAL DEN NÓS IMEACHTA | 116 |
| Airteagal 213 | Éisteacht | 116 |
| Airteagal 214 | Comhéisteacht | 117 |
| Airteagal 215 | Dáta na héisteachta | 117 |
| Airteagal 216 | Rannpháirtíocht in éisteacht trí fhíschomhdháil | 117 |
| Airteagal 217 | Cásanna a éisteacht i seomra iata | 118 |
| Airteagal 218 | Éisteacht a stiúradh | 118 |
| Airteagal 219 | Éisteachtaí a chraoladh | 118 |
| Airteagal 220 | Clabhsúr na héisteachta | 119 |
| Airteagal 221 | Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a thabhairt | 119 |
| Airteagal 222 | An chuid ó bhéal den nós imeachta a tosú nó a atosú | 120 |
| Airteagal 223 | Miontuairiscí na héisteachta | 120 |
| Airteagal 224 | An éisteacht a thaifeadadh | 120 |
| Caibidil 6 | BREITHIÚNAIS AGUS ORDUITHE | 120 |
| Airteagal 225 | Easpa dlínse fhollasach nó do-ghlacthacht fhollasach | 120 |
| Airteagal 226 | Freagra trí ordú réasúnaithe | 121 |
| Airteagal 227 | Cúinsí ina bhfanfaidh cás os comhair na Cúirte Ginearálta | 121 |
| Airteagal 228 | Costais na n-imeachtaí réamhrialaithe | 121 |
| Airteagal 229 | Dáta fógartha breithiúnais | 121 |
| Airteagal 230 | Inneachar breithiúnais | 121 |
| Airteagal 231 | Breithiúnas a fhógairt agus a sheirbheáil | 122 |
| Airteagal 232 | Inneachar ordaithe | 122 |
| Airteagal 233 | Ordú a shíniú agus a sheirbheáil | 123 |
| Airteagal 234 | Éifeacht na mbreithiúnas agus na n-orduithe | 123 |
| Airteagal 235 | Breithiúnais agus orduithe a cheartú | 124 |
| Airteagal 236 | Léiriú a dhéanamh ar réamhrialú | 124 |
| Caibidil 7 | AN NÓS IMEACHTA BROSTAITHE | 124 |
| Airteagal 237 | Nós imeachta brostaithe | 124 |
| Airteagal 238 | Doiciméid nós imeachta a sheachadadh | 125 |
| Caibidil 8 | CÚNAMH DLÍTHIÚIL | 125 |

Airteagal 239 Iarratas ar chúnamh dlíthiúil ..... 125
Airteagal 240 Breith maidir le hiarratas ar chúnamh dlíthiúil ..... 126
Airteagal 241 Réamhíocaíochtaí cúnaimh dhlíthiúil ..... 126
Airteagal 242 Cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar ..... 126

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA** ..... 127

Airteagal 243 Rialacha cur chun feidhme ..... 127
Airteagal 244 Forfheidhmiú ..... 127
Airteagal 245 Aisghairm ..... 127
Airteagal 246 Foilsiú agus teacht i bhfeidhm na Rialacha seo ..... 127

**FORÁLACHA TOSAIGH**

*Airteagal 1 (M1) (M3) (M5) (M7)*
**Sainmhínithe**

1. Sna Rialacha seo:

   (a) cuirfear forálacha den Chonradh ar an Aontas Eorpach in iúl le huimhir an airteagail chuí roimh na litreacha “CAE”;

   (b) cuirfear forálacha den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh in iúl le huimhir an airteagail chuí roimh na litreacha “CFAE”;

   (c) cuirtear forálacha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach in iúl le huimhir an airteagail chuí roimh na litreacha “CCEFA”;

   (d) ciallaíonn “Reacht” an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;

   (e) ciallaíonn “Comhaontú LEE”[1] an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

   (f) ciallaíonn “Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle” Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa [2];

2. Chun críocha na Rialacha seo:

   (a) ciallaíonn “an Chúirt Ghinearálta”, i gcásanna a shanntar nó a tharchuirtear chun Dlísheomra, an Dlísheomra sin agus, i gcásanna a dhéantar a tharmligean nó a shannadh do Bhreitheamh aonair, an Breitheamh sin;

   (b) ciallaíonn “Uachtarán”, mura sonraítear a mhalairt:

      – i gcásanna nach bhfuil sannta d’fhoirmíocht de chuid na Cúirte fós, Uachtarán na Cúirte Ginearálta;

      – i gcásanna a shanntar do Dhlísheomra, Uachtarán an Dlísheomra dá sannfar an cás;

---

1 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

2 IO 17, 6.10.1958, lch. 385.

– i gcásanna a tharmligfear ar Bhreitheamh aonair nó a shanntar do Bhreitheamh aonair, an Breitheamh sin;

(c) ciallaíonn "páirtí" agus "páirtithe", mura sonraítear a mhalairt, aon pháirtí sna himeachtaí, idiragraithe san áireamh;

(d) ciallaíonn "príomhpháirtí" agus "príomhpháirtithe" an t-iarratasóir nó an cosantóir nó an bheirt acu, de réir mar a bheidh;

(e) ciallaíonn "daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht" na páirtithe, na Stáit, na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí dá n-údaraítear, de bhun an Airteagail sin, pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh i dtarchur chun réamhrialú;

(f) ciallaíonn "ionadaithe na bpáirtithe" na dlíodóirí agus na gníomhairí a fheidhmeoidh ar son na bpáirtithe os comhair na Cúirte Ginearálta i gcomhréir le hAirteagal 19 den Reacht, agus féadfaidh comhairleoir nó dlíodóir a bheith ag gníomhaire de chúnamh dó nuair is cuí sin;

(g) ciallaíonn "institiúidí" Institiúidí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 13(1) CAE agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí arna mbunú leis na Conarthaí, nó le gníomh arna ghlacadh chun iad a chur chun feidhme, a fhéadfaidh a bheith ina bpáirtithe os comhair na Cúirte Ginearálta;

(h) ciallaíonn "Oifig" Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh nó an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí, de réir mar a bheidh;

(i) ciallaíonn "Údarás Faireacháin CSTE" Údarás Faireacháin Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa dá dtagraítear i gComhaontú LEE;

(j) ciallaíonn "caingne díreacha" na caingne go léir is féidir a thaisceadh sa Chúirt Ghinearálta, cé is moite d'iarrataí ar réamhrialú;

(k) ciallaíonn "Rialacháin Foirne" an Rialachán ina leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh;

(l) ciallaíonn "e-Curia" feidhmchlár Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lena bhféadtar doiciméid nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil go leictreonach.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme na Rialacha seo**

Déantar le forálacha na Rialacha seo, a mhéid is gá, forálacha cuí CAE, CFAE, CCEFA agus an Reachta a chur chun feidhme agus a fhorlíonadh.

## TEIDEAL I
## EAGRÚ NA CÚIRTE GINEARÁLTA

### Caibidil 1
### COMHALTAÍ NA CÚIRTE GINEARÁLTA

*Airteagal 3 (M4) (M7)*

**Feidhmeanna Breithimh agus Abhcóide Ghinearálta**

1. I bprionsabal, déanfaidh comhaltaí uile na Cúirte Ginearálta feidhmeanna Breithimh a chomhlíonadh.

2. Gairfear "Breithiúna" ar chomhaltaí na Cúirte Ginearálta anseo feasta.

3. Féadfaidh gach Breitheamh, seachas an tUachtarán, an Leas-Uachtarán agus Uachtaráin Dhlísheomraí na Cúirte Ginearálta, in imthosca a shonraítear in Airteagail 30 go 31b, feidhmeanna Abhcóide Ghinearálta a chomhlíonadh.

4. Ní bheidh feidhm ag tagairtí don Abhcóide Ginearálta sna Rialacha seo ach amháin maidir le cásanna ina bhfuil Breitheamh tar éis a bheith ainmnithe mar Abhcóide Ginearálta.

*Airteagal 4*

**Tús téarma oifige Breithiúna**

Tosóidh téarma oifige Breithimh ar an dáta atá socraithe chun na críche sin in ionstraim a cheaptha. Mura gceaptar dáta tosaithe an téarma oifige san ionstraim, tosóidh an téarma ar dháta foilsithe na hionstraime sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

**Mionn a ghlacadh**

Sula rachaidh siad i mbun a ndualgas, glacfaidh na Breithiúna an mionn seo a leanas dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Reacht ag suí poiblí den Chúirt Bhreithiúnais:

"Mionnaím go gcomhlíonfaidh mé mo dhualgais go neamhchlaon coinsiasach; mionnaím go gcoimeádfaidh mé pléití na Cúirte Ginearálta faoi rún."

*Airteagal 6*
**Gealltanas sollúnta**

Láithreach tar éis an mionn a ghlacadh, síneoidh na Breithiúna dearbhú trína dtabharfaidh siad an gealltanas sollúnta dá bhforáiltear sa tríú mír d'Airteagal 4 den Reacht.

*Airteagal 7*
**Breitheamh a chur as a oifig**

1. I gcás go n-iarrtar ar an gCúirt Bhreithiúnais, de réir Airteagal 6 den Reacht, a chinneadh, tar éis di dul i gcomhairle leis an gCúirt Ghinearálta, an bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige gan bheith á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi gan bheith á bhfreastal a thuilleadh ag Breitheamh, iarrfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta ar an mBreitheamh a bheidh i gceist uiríll a dhéanamh gan an Cláraitheoir a bheith i láthair.

2. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta na cúiseanna a bheidh lena tuairim.

3. Ní foláir do thuairim ina dtabharfar le fios nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhlíonadh nó nach bhfuil na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal a thuilleadh ag Breitheamh de chuid na Cúirte Ginearálta vóta tromlach Bhreithiúna na Cúirte Ginearálta i gcomhréir le hAirteagal 48 den Reacht a bhaint amach. Sa chás sin, cuirfear sonraí na vótála in iúl don Chúirt Bhreithiúnais.

4. Is trí rúnbhallóid a dhéanfar an vótáil gan an Cláraitheoir a bheith i láthair; ní bheidh an Breitheamh i dtrácht rannpháirteach sa phlé.

*Airteagal 8*
**Ord tosaíochta**

1. Áireofar ord tosaíochta na mBreithiúna de réir an dáta a chuaigh siad i mbun a gcuid dualgas.

2. I gcás comhshinsearacht i seilbh oifige ar an mbonn sin, is de réir aoise a áireofar an t-ord.

3. Má athnuaitear téarmaí oifige Breithiúna, fágfar iad san ord tosaíochta ina raibh siad.

## Caibidil 2
## UACHTARÁNACHT NA CÚIRTE GINEARÁLTA

*Airteagal 9*
### Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta a thoghadh

1. Láithreach tar éis an athraithe dá bhforáiltear in Airteagal 254(2) CFAE ar chuid de na Breithiúna, déanfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Ginearálta a thoghadh as a líon féin go ceann téarma trí bliana.

2. I gcás post Uachtarán na Cúirte Ginearálta a bheith folamh roimh ghnáthdháta éagtha a théarma oifige, toghfaidh an Chúirt Ghinearálta comharba ar feadh iarmhar an téarma.

3. Is trí rúnbhallóid a dhéanfar na toghcháin dá bhforáiltear san Airteagal seo. Má fhaigheann Breitheamh tromlach glan de vótaí Bhreithiúna na Cúirte Ginearálta i gcomhréir le hAirteagal 48 den Reacht, toghfar é. Mura bhfaighidh Breitheamh ar bith tromlach glan, cuirfear ballóidí eile ar siúl go dtí go mbainfear an tromlach sin amach.

4. Ansin, déanfaidh na Breithiúna Leas-Uachtarán na Cúirte a thoghadh as a líon féin go ceann téarma trí bliana i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo. Beidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo má tá post Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta folamh roimh ghnáthdháta éagtha a théarma oifige.

5. Déanfar ainmneacha Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta arna dtoghadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 10 (M6)*
### Freagrachtaí Uachtarán na Cúirte Ginearálta

1. Déanfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta ionadaíocht don Chúirt.

2. Stiúrfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta gnóthaí dlíthiúla agus riarachán na Cúirte Ginearálta.

3. Beidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta ina Uachtarán ar an tionól iomlánach dá dtagraítear in Airteagal 42.

4. Beidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta ina Uachtarán ar an Mór-Dhlísheomra. Sa chás sin beidh feidhm ag Airteagal 19.

5. Má dhéantar Uachtarán na Cúirte Ginearálta a shannadh chuig Dlísheomra, is é a bheidh ina Uachtarán ar an Dlísheomra sin. Sa chás sin beidh feidhm ag Airteagal 19.

6. I gcásanna nach bhfuil sannta d'fhoirmíocht de chuid na Cúirte Ginearálta fós, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta na bearta eagrúcháin nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 89 a ghlacadh agus beidh de chumhacht aige na cinntí dá dtagraítear in Airteagail 66 agus 66a a ghlacadh.

*Airteagal 11 (M7)*

**Freagrachtaí Leas-Uachtarán na Cúirte**

1. Beidh Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta de chúnamh ag Uachtarán na Cúirte Ginearálta i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus déanfaidh sé ionadaíocht ar a shon sa chás nach féidir leis an Uachtarán feidhmiú.

2. Déanfaidh sé ionadaíocht thar ceann Uachtarán na Cúirte Ginearálta ar iarraidh uaidh, i leith na bhfeidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 10(1) agus (2).

3. Sonróidh an Chúirt Ghinearálta, trí chinneadh, na coinníollacha faoina bhféadfaidh an Leas-Uachtarán feidhmiú in ionad Uachtarán na Cúirte Ginearálta ina cháil bhreithiúnach. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Beidh an Leas-Uachtarán, dá dtagraítear in Airteagal 15a, ina Uachtarán ar an Dlísheomra de mhéid idirmheánach. Sa chás sin, beidh feidhm ag Airteagal 19.

5. Faoi réir Airteagal 10(5), má dhéantar Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta a shannadh chuig Dlísheomra, is é a bheidh ina Uachtarán ar an Dlísheomra sin. Sa chás sin, beidh feidhm ag Airteagal 19.

*Airteagal 12*

**I gcás nach féidir le hUachtarán ná le Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta feidhmiú**

I gcás nach féidir le hUachtarán ná le Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta feidhmiú ag an am céanna, is duine d'Uachtaráin na nDlísheomraí a ghlacfaidh feidhmeanna an Uachtaráin, nó, ina éagmais sin, duine de na Breithiúna eile de réir an oird tosaíochta arna leagan síos in Airteagal 8.

Caibidil 3
DLÍSHEOMRAÍ AGUS FOIRMÍOCHTAÍ NA CÚIRTE GINEARÁLTA

Cuid 1. Comhdhéanamh na nDlísheomraí agus foirmíochtaí na Cúirte Ginearálta

*Airteagal 13*
**Comhdhéanamh na nDlísheomraí**

1. Cuirfidh an Chúirt Ghinearálta eagar Dlísheomraí de thriúr agus de chúigear Breithiúna uirthi féin.

2. Cinnfidh an Chúirt Ghinearálta, ar thogra ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta, cé hiad na Breithiúna a ngabhfaidh leis na Dlísheomraí.

3. Déanfar na cinntí a ghlacfar i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 14 (M7)*
**Foirmíocht inniúil na Cúirte Ginearálta**

1. I gcomhréir le hAirteagal 13, déanfaidh Dlísheomraí ina mbeidh triúr nó cúigear Breithiúna cásanna os comhair na Cúirte Ginearálta a éisteacht agus breith a thabhairt ina dtaobh.

2. Féadfaidh an Mór-Dhlísheomra nó an Dlísheomra de mhéid idirmheánach cásanna a éisteacht agus breith a thabhairt ina dtaobh i gcomhréir leis na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 28.

3. Féadfaidh Breitheamh aonair cásanna a éisteacht agus breith a thabhairt ina dtaobh nuair a dhéanfar iad a tharmligean chuige i gcomhréir leis na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 29.

*Airteagal 15*
**Comhdhéanamh an Mhór-Dhlísheomra**

1. Cúig Bhreitheamh déag a bheidh sa Mhór-Dhlísheomra.

2. Cinnfidh an Chúirt Ghinearálta conas mar a ainmneofar na Breithiúna a bheidh sa Mhór-Dhlísheomra. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 15a (M7)*

**Comhdhéanamh an Dlísheomra de mhéid idirmheánach**

1. Naonúr Breithiúna a bheidh sa Dlísheomra de mhéid idirmheánach.

2. Cinnfidh an Chúirt Ghinearálta conas mar a ainmneofar na Breithiúna a bheidh sa Dlísheomra de mhéid idirmheánach. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 16*

**Breitheamh a tharraingt siar ó chás agus a scaoileadh ó chás a thriail**

1. I gcás go measann Breitheamh, i gcomhréir leis an gcéad mhír agus leis an dara mír d'Airteagal 18 den Reacht, nár cheart dó páirt a ghlacadh i dtriail aon cháis, cuirfidh sé sin in iúl d'Uachtarán na Cúirte Ginearálta agus scaoilfidh an tUachtarán é ón gcás.

2. Má mheasann Uachtarán na Cúirte Ginearálta nár cheart do Bhreitheamh páirt a ghlacadh i dtriail aon cháis, i gcomhréir leis an gcéad mhír agus leis an dara mír d'Airteagal 18 den Reacht, cuirfidh sé sin in iúl don Bhreitheamh lena mbaineann agus tabharfaidh sé éisteacht don Bhreitheamh sin sula ndéanfaidh sé cinneadh.

3. I gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 18 den Reacht, i gcás deacracht a bheith ann maidir leis an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, déanfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta na nithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a tharchur chuig an tionól iomlánach. Sa chás sin, is trí rúnbhallóid a dhéanfar an vótáil, gan an Cláraitheoir a bheith i láthair, tar éis don Bhreitheamh lena mbaineann uiríll a dhéanamh agus gan é a bheith páirteach sa phlé.

*Airteagal 17 (M7)*

**I gcás nach féidir le comhalta de chuid fhoirmíocht na Cúirte Ginearálta feidhmiú**

1. Mura féidir líon na mBreithiúna dá bhforáiltear in Airteagal 15 a bhaint amach sa Mhór-Dhlísheomra de bharr nach féidir le Breitheamh feidhmiú sula dtosaíonn na pléití nó sula ndéantar na pléadálacha i gcás, ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta Breitheamh chun an Dlísheomra sin a chomhlánú ar mhaithe leis an líon Breithiúna is gá a bhaint amach arís.

2. Mura féidir líon na mBreithiúna dá bhforáiltear in Airteagal 15a a bhaint amach sa Dlísheomra de mhéid idirmheánach de bharr nach féidir le Breitheamh feidhmiú sula dtosaíonn na pléití nó sula ndéantar na pléadálacha i gcás, ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta Breitheamh chun an Dlísheomra sin a chomhlánú ar mhaithe leis an líon Breithiúna is gá a bhaint amach arís.

3. Mura féidir líon na mBreithiúna dá bhforáiltear a bhaint amach i nDlísheomra ina bhfuil triúr nó cúigear Breithiúna de bharr nach féidir le Breitheamh feidhmiú sula dtosaíonn na pléití nó sula ndéantar na pléadálacha i gcás, ainmneoidh Uachtarán an Dlísheomra sin Breitheamh eile de chuid an Dlísheomra sin a ghabhfaidh ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú. I gcás nach bhféadfar Breitheamh de chuid an Dlísheomra chéanna a ainmniú in ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú, cuirfidh Uachtarán an Dlísheomra é sin in iúl d'Uachtarán na Cúirte Ginearálta a ainmneoidh Breitheamh eile de réir critéir a chinnfidh an Chúirt Ghinearálta ar mhaithe leis an líon Breithiúna is gá a bhaint amach arís. Foilseofar an cinneadh agus na critéir sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Mura féidir le Breitheamh ar a tharmligfear cás nó a shannfar cás dó mar Bhreitheamh aonair feidhmiú, ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta Breitheamh eile le cur in ionad an Bhreithimh sin.

Cuid 2. Uachtaráin na nDlísheomraí

*Airteagal 18*
**Uachtaráin na nDlísheomraí a thoghadh**

1. Déanfaidh na Breithiúna Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil triúr agus cúigear Breithiúna a thoghadh as a measc féin, de bhun na bhforálacha in Airteagal 9(3).

2. Toghfar Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna go ceann téarma trí bliana. Féadfar iad a atoghadh uair amháin.

3. Toghfar Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil triúr Breithiúna ar feadh saintéarma.

4. Déanfar Uachtaráin na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear Breithiúna a thoghadh láithreach i ndiaidh Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta a thoghadh de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 9.

5. I gcás post Uachtaráin Dlísheomra a bheith folamh roimh ghnáthdháta éagtha a théarma oifige, toghfaidh na Breithiúna comharba ar feadh iarmhar an téarma.

6. Déanfar ainmneacha Uachtaráin na nDlísheomraí arna dtoghadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 19*
**Cumhachtaí Uachtarán Dlísheomra**

1. Déanfaidh Uachtarán Dlísheomra na cumhachtaí a thugtar dó leis na Rialacha seo a fheidhmiú, tar éis an Breitheamh is Rapóirtéir a éisteacht.

2. Féadfaidh Uachtarán Dlísheomra aon chinneadh atá faoina chúram a chur faoi bhráid an Dlísheomra.

*Airteagal 20 (M7)*
**I gcás nach féidir le hUachtarán Dlísheomra feidhmiú**

Gan dochar d'Airteagail 10(5) agus 11(5), mura féidir le hUachtarán Dlísheomra feidhmiú, déanfaidh Breitheamh de chuid na foirmíochta sin feidhmeanna an Uachtaráin a fheidhmiú de réir an oird tosaíochta a leagtar síos in Airteagal 8.

Cuid 3. Pléití

*Airteagal 21*
**Nósanna imeachta maidir le pléití**

1. Beidh pléití na Cúirte Ginearálta ina rún agus fanfaidh siad amhlaidh.

2. I ndiaidh éisteachta, is iad na Breithiúna a ghlac páirt san éisteacht agus iad sin amháin a ghlacfaidh páirt sna pléití.

3. Gach Breitheamh a ghlacfaidh páirt sna pléití, tabharfaidh sé a thuairim agus na fáthanna atá léi.

4. Cinnfear breith na Cúirte Ginearálta de réir na gconclúidí ar a dtiocfaidh tromlach na mBreithiúna tar éis chríoch na díospóireachta deiridh. Caithfear na vótaí in ord contrártha don ord tosaíochta a leagtar síos in Airteagal 8, cé is moite den Bhreitheamh is Rapóirtéir, a chaithfidh a vóta i dtosach báire, agus den Uachtarán, a chaithfidh an vóta deiridh.

*Airteagal 22*
**Líon na mBreithiúna a ghlacfaidh páirt sna pléití**

Más rud é, toisc nach féidir le Breitheamh a bheith i láthair, gur ré-uimhir Breithiúna atá ann, staonfaidh an Breitheamh is sóisearaí de réir bhrí Airteagal 8 de na Rialacha seo ó pháirt a ghlacadh sa phlé, ach amháin más eisean an tUachtarán nó an Breitheamh is Rapóirtéir. Sa chás áirithe sin, is é an Breitheamh go díreach is sinsearaí ná é a staonfaidh ó pháirt a ghlacadh sna pléití.

*Airteagal 23 (M7)*
**Córam an Mhór-Dhlísheomra**

1. Ní bheidh breitheanna an Mhór-Dhlísheomra bailí ach amháin má tá aon Bhreitheamh déag ina suí.

2. Mura sroichfear an córam de bharr nach féidir le Breitheamh feidhmiú, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta Breitheamh eile a ainmniú ar mhaithe le córam an Mhór-Dhlísheomra a bhaint amach.

3. Mura féidir an córam a bhaint amach a thuilleadh i ndiaidh don éisteacht a bheith ann, cuirfear Breitheamh eile in ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú mar a fhoráiltear i mír 2 agus eagrófar éisteacht nua ar iarratas ó phríomhpháirtí nó ó dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta uaithi féin a leithéid a eagrú chomh maith. Ní

mór éisteacht nua a bheith ann má ghlactar bearta fiosrúcháin i gcomhréir le hAirteagal 91(a) agus (d) agus Airteagal 96(2). Mura n-eagrófar éisteacht nua, ní bheidh feidhm ag Airteagal 21(2).

*Airteagal 23a (M7)*

**Córam an Dlísheomra de mhéid idirmheánach**

1. Ní bheidh breitheanna an Dlísheomra de mhéid idirmheánach bailí ach amháin má tá seachtar Breithiúna ina suí.

2. Mura sroichfear an córam de bharr nach féidir le Breitheamh feidhmiú, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta Breitheamh eile a ainmniú ar mhaithe le córam an Dlísheomra de mhéid idirmheánach a bhaint amach.

3. Mura féidir an córam a bhaint amach a thuilleadh i ndiaidh don éisteacht a bheith ann, cuirfear Breitheamh eile in ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú mar a fhoráiltear i mír 2 agus eagrófar éisteacht nua ar iarratas ó phríomhpháirtí nó ó dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta uaithi féin a leithéid a eagrú chomh maith. Ní mór éisteacht nua a bheith ann má ghlactar bearta fiosrúcháin i gcomhréir le hAirteagal 91(a) agus (d) agus Airteagal 96(2). Mura n-eagrófar éisteacht nua, ní bheidh feidhm ag Airteagal 21(2).

*Airteagal 24 (M7)*

**Córam na nDlísheomraí ina bhfuil cúigear nó triúr Breithiúna**

1. Ní bheidh breitheanna na nDlísheomraí a bhfuil triúr nó cúigear Breithiúna iontu bailí ach amháin má tá triúr Breithiúna ina suí.

2. Mura sroichfear an córam i nDlísheomra a bhfuil triúr nó cúigear Breithiúna iontu de bharr nach féidir le Breitheamh feidhmiú, ainmneoidh Uachtarán an Dlísheomra sin Breitheamh eile de chuid an Dlísheomra sin a ghabhfaidh ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú. I gcás nach bhféadfar Breitheamh de chuid an Dlísheomra chéanna a ainmniú in ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú, cuirfidh Uachtarán an Dlísheomra é sin in iúl d'Uachtarán na Cúirte Ginearálta a ainmneoidh Breitheamh eile de réir critéir a chinnfidh an Chúirt Ghinearálta ar mhaithe le córam an Dlísheomra a bhaint amach arís. Foilseofar an cinneadh agus na critéir sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Mura féidir an córam a bhaint amach a thuilleadh i ndiaidh don éisteacht a bheith ann, cuirfear Breitheamh eile in ionad an Bhreithimh nach féidir leis feidhmiú mar a fhoráiltear i mír 2 agus eagrófar éisteacht nua ar iarratas ó phríomhpháirtí nó ó dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta uaithi féin a leithéid a eagrú chomh maith. Ní

mór éisteacht nua a bheith ann má ghlactar bearta fiosrúcháin i gcomhréir le hAirteagal 91(a) agus (d) agus Airteagal 96(2). Ní mór éisteacht nua a eagrú sa chás gur ghá Breithiúna a chur in ionad níos mó ná Breitheamh amháin a ghlac páirt sa chéad éisteacht. Mura n-eagrófar éisteacht nua, ní bheidh feidhm ag Airteagal 21(2).

## Caibidil 4
## SANNADH AGUS ATHSHANNADH CÁSANNA, AINMNIÚ BREITHIÚNA IS RAPOIRTÉIR, TARCHUR CHUIG FOIRMIOCHTAÍ NA CÚIRTE AGUS TARMLIGEAN CÁSANNA CHUIG BREITHEAMH AONAIR

*Airteagal 25 (M7)*
### Critéir an tsannta

1. Leagfaidh an Chúirt Ghinearálta síos na critéir ar dá réir a dhéanfar cásanna a leithroinnt ar na Dlísheomraí. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta Dlísheomra amháin nó níos mó a shannadh chun cásanna a bhaineann le hábhar sonrach a éisteacht agus breith a thabhairt ina dtaobh. Ceapfaidh an Chúirt Ghinearálta Dlísheomra amháin nó níos mó a bheidh freagrach as iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil.

2. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 26 (M7)*
### Cás a shannadh don chéad uair agus ainmniú Breithimh is Rapóirtéir

1. A luaithe agus is féidir tar éis an doiciméad tionscanta imeachtaí a thaisceadh, déanfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta an cás a shannadh do cheann de na Dlísheomraí de réir na gcritéar arna leagan síos ag an gCúirt Ghinearálta i gcomhréir le hAirteagal 25. Sannfar na hiarrataí ar réamhrialú ar Dhlísheomra ina mbeidh cúigear Breithiúna ina suí.

2. Maidir le gach cás a shannfar don Dlísheomra, déanfaidh Uachtarán an Dlísheomra ainmniúchán Breithimh a bheidh le gníomhú mar Bhreitheamh is Rapóirtéir a mholadh d'Uachtarán na Cúirte Ginearálta. Déanfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta cinneadh i dtaobh an ainmniúcháin sin.

3. Más rud é, in aon cheann de na Dlísheomraí a bhfuil triúr nó cúigear Breithiúna iontu, gur mó líon na mBreithiúna a shannfar don Dlísheomra ná triúr nó cúigear faoi seach, cinnfidh Uachtarán an Dlísheomra cé acu de na Breithiúna a n-iarrfar orthu a bheith rannpháirteach i mbreith an cháis.

*Airteagal 27 (M6) (M7)*

**Breitheamh is Rapóirtéir nua a ainmniú agus cás a athshannadh**

1. Mura féidir le Breitheamh is Rapóirtéir feidhmiú, déanfaidh Uachtarán na foirmíochta cuí an méid sin a chur in iúl d'Uachtarán na Cúirte Ginearálta a ainmneoidh Breitheamh is Rapóirtéir nua. Mura ngabhann an Breitheamh is Rapóirtéir nua leis an Dlísheomra dár sannadh an cás i dtosach, tabharfaidh an Dlísheomra lena mbaineann an Breitheamh is Rapóirtéir nua breith sa chás.

2. D'fhonn an nasc idir cásanna ar bhonn a n-ábhar a chur san áireamh, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta, trí bhíthin cinneadh réasúnaithe agus tar éis dó éisteacht a thabhairt do na Breithiúna is Rapóirtéir lena mbaineann, cásanna a athshannadh ar Bhreitheamh is Rapóirtéir ag ligean don Bhreitheamh is Rapóirtéir céanna réamhfhiosrúchán a dhéanamh maidir leis na cásanna go léir lena mbaineann. Mura mbaineann an Breitheamh is Rapóirtéir leis an Dlísheomra dár sannadh an cás i dtosach, tabharfaidh an Dlísheomra lena mbaineann an Breitheamh is Rapóirtéir nua breith sa chás.

3. Ar mhaithe le riaradh cuí an cheartais agus i gcúinsí eisceachtúla, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta, sula gcuirfear an réamhthuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 87 i láthair, trí chinneadh réasúnaithe agus tar éis dó na Breithiúna lena mbaineann a éisteacht, Breitheamh is Rapóirtéir eile a shannadh. Mura ngabhann an Breitheamh is Rapóirtéir nua leis an Dlísheomra dár sannadh an cás i dtosach, tabharfaidh an Dlísheomra lena mbaineann an Breitheamh is Rapóirtéir nua breith sa chás.

4. Sula ndéanfaidh sé an Breitheamh is Rapóirtéir a ainmniú de réir mar a fhoráiltear i míreanna 1 go 3, iarrfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta ar Uachtaráin na nDlísheomraí lena mbaineann a dtuairimí a thabhairt.

5. Sa chás go bhfuil athrú tagtha ar chomhdhéanamh na nDlísheomraí mar thoradh ar chinneadh de chuid na Cúirte Ginearálta maidir le sannadh Breithiúna ar Dhlísheomraí, éistfear agus tabharfar breith i gcás os comhair an Dlísheomra lena mbaineann an Breitheamh is Rapóirtéir tar éis an chinnidh sin mura mbeidh tús curtha leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta nó mura mbeidh an cinneadh maidir le breith a thabhairt gan an chuid ó bhéal den nós imeachta glactha.

6. Gan dochar do na forálacha a leagtar síos i mír 5, más amhlaidh, i gcás a bhaineann le hiarraidh ar réamhrialú nó a thagann faoi ábhar sonrach de réir bhrí Airteagal 25, nach bhfuil an chuid ó bhéal den nós imeachta tosaithe nó nach bhfuil an cinneadh chun breith a thabhairt gan an chuid ó bhéal den nós imeachta glactha nuair a ghlacfar cinneadh na Cúirte Ginearálta maidir le sannadh Breithiúna ar Dhlísheomraí, sannfar Breitheamh is Rapóirtéir nua ó Dhlísheomra a éisteann iarrataí ar réamhrialú nó an t-ábhar sin agus a thugann breith ina dtaobh, más rud é go bhfuil an chéad Bhreitheamh is Rapóirtéir

sannta do Dhlísheomra nach n-éisteann iarrataí ar réamhrialú nó an t-ábhar sin agus nach dtugann breith ina dtaobh.

7. Sa chás go dtoghfar an Breitheamh is Rapóirtéir atá ainmnithe chun iarraidh ar réamhrialú a láimhseáil chun feidhmeanna Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú agus iarrataí ar réamhrialú á láimhseáil, sannfar Breitheamh is Rapóirtéir nua ó Dhlísheomra a éisteann iarrataí ar réamhrialú agus a thugann breith ina dtaobh chun iarraidh nach bhfuil an chuid ó bhéal den nós imeachta ina leith tosaithe nó nach bhfuil an cinneadh chun breith a thabhairt gan an chuid ó bhéal den nós imeachta glactha ina leith ar dháta an tofa a láimhseáil.

*Airteagal 28 (M4) (M6) (M7)*

**Cás a shannadh do Dhlísheomra ina mbeidh líon difriúil Breithiúna**

1. Féadfar cás a shannadh don Mhór-Dhlísheomra, don Dlísheomra de mhéid idirmheánach, nó do Dhlísheomra ina mbeidh líon difriúil Breithiúna má fhágann an deacracht dhlíthiúil, tábhacht an cháis nó imthosca áirithe gur cinneadh cóir é sin.

2. Féadfaidh an Dlísheomra ar os a chomhair a bheidh an cás, tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, uaidh féin nó ar iarratas ó phríomhpháirtí, a mholadh don tionól iomlánach go dtarchuirfear an cás de réir mar a fhoráiltear i mír 1.

3. Féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta nó Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta a mholadh don tionól iomlánach go dtarchuirfear an cás de réir mar a fhoráiltear i mír 1 go dtí go mbeidh clabhsúr curtha leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta nó, i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 106(3), nó ag Airteagal 213(2), sula dtabharfaidh an Dlísheomra a éisteann an cás breith gan an chuid ó bhéal den nós imeachta.

4. Is é an tionól iomlánach a dhéanfaidh an cinneadh i leith cás a tharchur chuig foirmíocht le líon níos mó Breithiúna.

5. Is é an tionól iomlánach a dhéanfaidh an cinneadh i leith caingean dhíreach a tharchur chuig foirmíocht le líon níos lú Breithiúna, tar éis na príomhpháirtithe a éisteacht.

6. Mura bhfuil deacracht ag baint leis na ceisteanna dlí arna n-ardú in iarraidh ar réamhrialú, féadfaidh an Dlísheomra ina mbeidh cúigear Breithiúna ina suí a mbeidh an iarraidh sin faoina bhráid cinneadh a dhéanamh an iarraidh sin a tharchur chuig Dlísheomra ina mbeidh triúr Breithiúna ina suí. Cinnfidh an Chúirt Ghinearálta conas mar a ainmneofar an triúr Breithiúna a bheidh sa Dlísheomra sin. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

7. Déanfaidh Dlísheomra ina mbeidh ar a laghad cúigear Breithiúna ina suí breith a thabhairt sa chás ar iarraidh amhlaidh ó Bhallstát nó institiúid de chuid an Aontais is páirtí sna himeachtaí.

8. Tabharfaidh an Dlísheomra de mhéid idirmheánach breith ar iarraidh ar réamhrialú ar iarraidh amhlaidh ó Bhallstát nó institiúid an Aontais is páirtí sna himeachtaí, i gcomhréir leis an gceathrú mír d’Airteagal 50 den Reacht.

*Airteagal 29 (M3)*

**Tarmligean chuig Breitheamh aonair**

1. Féadfaidh an Breitheamh is Rapóirtéir ina shuí dó mar Bhreitheamh aonair na cásanna seo a leanas arna sannadh do Dhlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna, i gcás inarb iomchuí iad breith a thabhairt amhlaidh, ag féachaint don easpa deacrachta dlíthiúla nó do thábhacht theoranta an cháis nó d’easpa imthosca ar leith eile agus ina mbeifear tar éis iad a tharmligean i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo:

   (a) cásanna dá dtagraítear in Airteagal 171 thíos;

   (b) cásanna a thabharfar de bhun an cheathrú mír d’Airteagal 263 CFAE, an tríú mír d’Airteagal 265 CFAE agus Airteagal 268 CFAE nach n-ardófar leo ach ceisteanna arna soiléiriú cheana leis an gcásdlí socair nó a bheidh mar chuid de shraith cásanna ina mbeidh an faoiseamh céanna á lorg agus a mbeidh breith chríochnaitheach tugtha cheana i gceann díobh;

   (c) cásanna a thabharfar de bhun Airteagal 272 CFAE.

2. Ní fhéadfar cásanna a tharmligean chuig an mBreitheamh aonair:

   (a) i gcás caingean le haghaidh neamhniú maidir le dlíthiúlacht gnímh a bhfuil feidhm ghinearálta aige nó i gcásanna ina ndéanfar pléadáil neamhdhleathachta go sainráite maidir le dlíthiúlacht gnímh a bhfuil feidhm ghinearálta aige;

   (b) i gcás caingean a thabharfar de bhun Airteagal 270 CFAE ina ndéantar pléadáil neamhdhleathachta a thabhairt ar aird go sainráite i gcoinne gníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige, mura bhfuil breith tugtha cheana féin ag an gCúirt Bhreithiúnais nó ag an gCúirt Ghinearálta ar na ceisteanna arna n-ardú leis an bpléadáil sin.

   (c) i gcásanna maidir le cur chun feidhme na rialacha a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

      – iomaíocht agus rialú comhchruinnithe,

- cabhracha ó Stáit,

- bearta chun trádáil a chosaint,

- comheagrú na margaí talmhaíochta, ach amháin cásanna a bheidh mar chuid de shraith cásanna ina mbeidh an faoiseamh céanna á lorg agus a mbeidh breith chríochnaitheach tugtha cheana i gceann dóibh.

3. Maidir leis an gcinneadh i dtaobh cás a tharmligean chuig Breitheamh aonair, is é an Dlísheomra ina shuí le triúr Breithiúna ar os a comhair atá an cás ar feitheamh a dhéanfaidh an cinneadh sin, tar éis na príomhpháirtithe a éisteacht. I gcás ina gcuirfidh Ballstát nó institiúid de chuid an Aontais is páirtí sna himeachtaí i gcoinne an cháis a éisteacht agus breith a thabhairt ina thaobh os comhair an Bhreithimh aonair, déanfar an cás a choimeád os comhair an Dlísheomra lena mbaineann an Breitheamh is Rapóirtéir.

4. Déanfaidh an Breitheamh aonair an cás a tharchur ar ais chuig an Dlísheomra más rud é go gcinnfidh sé nach bhfuil na coinníollacha ba chall lena tharmligean á gcomhlíonadh a thuilleadh.

## Caibidil 5
## ABHCÓIDÍ GINEARÁLTA A AINMNIÚ

*Airteagal 30 (M7)*

### Cúinsí ina bhféadfar Abhcóide Ginearálta a ainmniú

1. Féadfaidh Abhcóide Ginearálta a bheith de chúnamh ag an gCúirt Ghinearálta, chun caingne díreacha a láimhseáil, más rud é go measfar go bhfuil gá leis sin de bharr dheacracht dhlíthiúil an cháis nó de bharr chastacht fhíorasach an cháis.

2. Beidh Abhcóide Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Ghinearálta chun iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil.

*Airteagal 31 (M6) (M7)*

### ***Nós Imeachta chun Abhcóidí Ginearálta a ainmniú chun caingne díreacha a láimhseáil***

1. Déanfaidh an tionól iomlánach, ar iarratas ón Dlísheomra a chuirfear an cás faoina bhráid nó a tharchuirfear an cás chuige, an cinneadh maidir le hAbhcóide Ginearálta a ainmniú chun caingean dhíreach a láimhseáil.

2. Ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta an Breitheamh ar a n-iarrfar feidhmeanna Abhcóide Ghinearálta a chomhlíonadh sa chás sin.

3. I ndiaidh dó a bheith ainmnithe amhlaidh, éistfear an tAbhcóide Ginearálta sula ndéantar na cinntí dá bhforáiltear in Airteagail 16, 28, 45, 55, 68, 70, 83, 87, 90, 92, 98, 103, 105, 106, 110a, 113, 126 go 132, 144, 151, 165, 168 agus 169.

*Airteagal 31a (M7)*

**Abhcóidí Ginearálta a thoghadh chun iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil**

1. Toghfaidh na Breithiúna as a measc féin, i gcomhréir le hAirteagal 49a den Reacht agus de bhun Airteagal 9(3) de na Rialacha seo, na Breithiúna a fheidhmeoidh dualgais an Abhcóide Ghinearálta chun iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil, mar aon leis na Breithiúna a ghabhfaidh ionad na mBreithiúna nach féidir leo feidhmiú.

2. Toghfar na Breithiúna a fheidhmeoidh na dualgais sin láithreach tar éis thoghadh Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta, dá bhforáiltear in Airteagal 9 agus i ndiaidh thoghadh Uachtaráin na nDlísheomraí dá bhforáiltear in Airteagal 18.

3. I gcás post Breithimh a fheidhmeoidh na dualgais sin a bheith folamh roimh ghnáthdháta éagtha a théarma oifige, toghfaidh na Breithiúna comharba ar mhaithe leis na dualgais sin a fheidhmiú ar feadh iarmhar an téarma, de réir na modhanna dá bhforáiltear in Airteagal 9(3).

4. Déanfar ainmneacha mBreithiúna a fheidhmeoidh na dualgais sin arna dtoghadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 31b (M7)*

**Nós imeachta chun Abhcóidí Ginearálta a ainmniú chun iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil**

1. Is é Uachtarán na Cúirte Ginearálta a chinnfidh sannadh na gcásanna réamhrialaithe ar na hAbhcóidí Ginearálta. I gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 49a den Reacht, roghnófar Abhcóide Ginearálta, as measc na mBreithiúna arna dtoghadh chun an fheidhm sin a fheidhmiú, atá i nDlísheomra eile nach é an Dlísheomra dár sannadh an cás.

2. I ndiaidh a bheith ainmnithe, éistfear barúlacha an Abhcóide Ghinearálta sula nglacfar na cinntí dá bhforáiltear in Airteagail 16 agus 28, agus sna cásanna dá bhforáiltear i dTeidil II agus VI.

Caibidil 6
AN CHLÁRLANN

Cuid 1. An Cláraitheoir

*Airteagal 32 (M7)*
**Ceapadh an Chláraitheora**

1. Ceapfaidh an Chúirt Ghinearálta an Cláraitheoir.

2. I gcás post an Chláraitheora a bheith folamh, foilseofar fógra maidir leis an bhfolúntas sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Iarrfar ar dhaoine ar suim leo a n-iarratais a thaisceadh laistigh de thréimhse nach lú ná trí seachtaine ina dtabharfar sonraí iomlána faoina náisiúntacht, faoina gcéimeanna ollscoile, faoina n-eolas ar theangacha, faoi na gníomhaíochtaí gairmiúla a bhí agus atá ar bun acu, agus faoi aon taithí atá acu i ngnóthaí dlíthiúla agus idirnáisiúnta.

3. Reáchtálfar an vóta i gcomhréir leis an nós imeachta de réir Airteagal 9(3).

4. Ceapfar an Cláraitheoir go ceann téarma sé bliana. Féadfar é a atoghadh. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta cinneadh a dhéanamh téarma oifige an Chláraitheora atá in oifig a athnuachan gan leas a bhaint as an nós imeachta a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo. Sa chás sin beidh feidhm ag mír 3.

5. Glacfaidh an Cláraitheoir an mionn a leagtar amach in Airteagal 5 agus síneoidh sé an dearbhú dá bhforáiltear in Airteagal 6 os comhair na Cúirte Ginearálta.

6. Ní fhéadfar an Cláraitheoir a chur as oifig ach amháin más rud é nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta a breith, gan an Cláraitheoir a bheith i láthair, tar éis caoi a thabhairt dó uiríll a dhéanamh.

7. I gcás post an Chláraitheora a bheith folamh roimh ghnáthdháta éagtha a théarma oifige, ceapfaidh an Chúirt Ghinearálta Cláraitheoir nua go ceann téarma sé bliana.

8. Déanfar ainm an Chláraitheora arna thoghadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 33*
**Leas-Chláraitheoir**

Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta Leas-Chláraitheoir a cheapadh, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i leith an Chláraitheora, chun cabhrú leis an gCláraitheoir agus a ionad a ghabháil mura féidir leis feidhmiú.

*Airteagal 34*
**I gcás nach féidir leis an gCláraitheoir ná leis an Leas-Chláraitheoir feidhmiú**

Ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta oifigeach nó seirbhíseach a mbeidh sé de chúram air dualgais an Chláraitheora a chomhlíonadh má choiscfear ar an gCláraitheoir feidhmiú agus má choiscfear ar an Leas-Chláraitheoir amhlaidh.

*Airteagal 35 (M6)*
**Freagrachtaí an Chláraitheora**

1. Beidh an Cláraitheoir freagrach, faoi údarás Uachtarán na Cúirte Ginearálta, as na doiciméid uile a ghlacadh, a tharchur agus a choimeád, agus as seirbheáil a dhéanamh de réir mar a fhoráiltear sna Rialacha seo.

2. Cabhróidh an Cláraitheoir le Comhaltaí na Cúirte Ginearálta ina bhfeidhmeanna oifigiúla uile.

3. Beidh na séalaí faoi choimeád ag an gCláraitheoir agus beidh sé freagrach as na taifid. Beidh an Cláraitheoir freagrach, i gcomhréir leis na critéir arna gcinneadh ag an gCúirt Ghinearálta as a cuid foilseachán, go háirithe Tuairiscí na Cúirte Breithiúnais agus as doiciméid a bhaineann leis an gCúirt Ghinearálta a scaipeadh ar an Idirlíon.

4. Beidh riarachán, bainistíocht airgeadais agus cuntais na Cúirte Ginearálta de chúram ar an gCláraitheoir, faoi údarás Uachtarán an Cúirte Ginearálta, agus beidh ranna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh de chúnamh aige chuige sin.

5. Mura bhforáiltear a mhalairt sna Rialacha seo, beidh an Cláraitheoir i láthair ag suíonna na Cúirte Ginearálta.

*Airteagal 36 (M5)*
**An Clár a choimeád**

1. Coimeádfar sa Chlárlann, faoi fhreagracht an Chláraitheora, clár ina ndéanfar na doiciméid nós imeachta a thaifeadadh san ord ina dtaiscfear iad.

2. Ar dhoiciméad a chlárú, cuirfidh an Cláraitheoir nóta dá réir sin ar an doiciméad bunaidh atá i gcomhad an cháis agus, má iarrann páirtí é, ar aon chóip a thíolacfar chuige sin.

3. Is taifid bharántúla iad na taifid sa chlár agus na nótaí dá bhforáiltear i mír 2.

*Airteagal 37 (M7)*

**Teacht ar an gClár**

Féadfaidh duine ar bith ar suim leis teacht ar an gclár sa Chlárlann agus cóipeanna nó sleachta a fháil.

*Airteagal 38 (M7)*

**Rochtain ar chomhad an cháis**

1. Faoi réir fhorálacha Airteagail 68(4), 103 go 105 agus 144(7), féadfaidh páirtí ar bith sna himeachtaí rochtain a fháil ar an gcomhad sa chás agus féadfaidh sé cóipeanna d’aon doiciméid nós imeachta agus cóipeanna fíordheimhnithe d’orduithe agus breithiúnais a fháil.

2. Ní bheidh rochtain ag tríú páirtí, príobháideach nó poiblí, ar chomhad an cháis gan údarú sainráite Uachtarán na Cúirte Ginearálta, tar éis na páirtithe a éisteacht. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú, go hiomlán nó i bpáirt, ach amháin ar iarratas i scríbhinn lena ngabhfaidh míniú mionsonraithe ar leas dlisteanach an tríú páirtí chun rochtain a bheith aige ar an gcomhad.

Cuid 2. Seirbhísí

*Airteagal 39 (M3)*

**Oifigigh agus seirbhísigh eile**

1. Ceapfar na hoifigigh agus na seirbhísigh eile a mbeidh sé de chúram orthu cúnamh díreach a thabhairt d’Uachtarán na Cúirte Ginearálta, do na Breithiúna agus don Chláraitheoir de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne. Beidh siad freagrach don Chláraitheoir faoi údarás Uachtarán na Cúirte Ginearálta.

2. Glacfaidh siad ceann den dá mhionn seo a leanas os comhair Uachtarán na Cúirte Ginearálta i láthair an Chláraitheora:

“Mionnaím go gcomhlíonfaidh mé go dílis, go discréideach agus go coinsiasach na dualgais a chuirfidh an Chúirt Ghinearálta de chúram orm.”

nó
“Dearbhaím go sollúnta agus go macánta go gcomhlíonfaidh mé go dílis, go discréideach agus go coinsiasach na dualgais a chuirfidh an Chúirt Ghinearálta de chúram orm.”

## Caibidil 7
## OIBRIÚ NA CÚIRTE GINEARÁLTA

### *Airteagal 40*
### **Suíomh shuíonna na Cúirte Ginearálta**

Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta áit a roghnú, nach í an áit ina bhfuil a gnáthshuíomh, do shuí nó do shuíonna áirithe.

### *Airteagal 41*
### **Féilire obair bhreithiúnach na Cúirte Ginearálta**

1. Tosóidh an bhliain bhreithiúnach ar an 1 Meán Fómhair gach bliain féilire agus críochnóidh sí ar an 31 Lúnasa an bhliain dar gcionn.

2. Cinnfidh an Chúirt Ghinearálta tréimhsí na saoire breithiúnaí.

3. I gcás práinne, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta agus Uachtaráin na nDlísheomraí na Breithiúna agus, más gá, an tAbhcóide Ginearálta, a chomóradh le linn na saoire breithiúnaí.

4. Coimeádfaidh an Chúirt Ghinearálta laethanta saoire oifigiúla na háite ina bhfuil a suíomh.

5. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, in imthosca cuí, cead a bheith as láthair a dheonú d’aon Bhreitheamh.

6. Foilseofar go bliantúil dátaí na saoire breithiúnaí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 42 (M5) (M7)*
**Tionól Iomlánach**

1. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta cinntí maidir le cúrsaí riaracháin agus na cinntí dá dtagraítear in Airteagail 7, 9, 11, 13, 15, 15a, 16, 18, 25, 28, 31, 31a, 32, 33, 41, 56a, 207 agus 243 ag an tionól iomlánach mar a mbeidh na Breithiúna go léir rannpháirteach agus beidh vóta acu ann ach amháin mura bhforáiltear a mhalairt sna Rialacha seo. Beidh an Cláraitheoir i láthair, mura gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta a mhalairt, agus ní do na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 32.

2. Más rud é, i ndiaidh an tionól iomlánach a chomóradh, nach bhfuil an córam dá dtagraítear sa cheathrú mír d'Airteagal 17 den Reacht bainte amach, cuirfidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta an suí ar atráth go dtí go mbeidh córam ann.

*Airteagal 43*
**Miontuairiscí a ullmhú**

1. Má shuíonn an Chúirt Ghinearálta agus an Cláraitheoir i láthair, déanfaidh an Cláraitheoir, más gá sin, miontuairiscí a ullmhú a shíneoidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta nó Uachtarán an Dlísheomra, de réir mar a bheidh, agus an Cláraitheoir.

2. Má shuíonn an Chúirt Ghinearálta gan an Cláraitheoir a bheith i láthair, cuirfidh sí de chúram ar an mBreitheamh is sóisearaí i gcomhréir le hAirteagal 8 miontuairiscí a ullmhú, más gá sin, agus síneoidh an Breitheamh sin agus Uachtarán na Cúirte Ginearálta na miontuairiscí sin.

**TEIDEAL II**
**TEANGACHA**

*Airteagal 44*
**Teanga an cháis**

Is iad seo a leanas na teangacha a úsáidfear sna himeachtaí: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

*Airteagal 45 (M6) (M7)*
**Teanga an cháis a chinneadh**

1. I gcás caingne díreacha de réir bhrí Airteagal 1, roghnóidh an t-iarratasóir teanga an cháis, ach amháin:

   (a) más Ballstát an cosantóir, is í teanga oifigiúil an Stáit sin a úsáidfear sa chás; má tá níos mó ná teanga oifigiúil amháin ag an Stát sin, féadfaidh an t-iarratasóir rogha a dhéanamh idir na teangacha sin;

   (b) i gcás iarratas arna dhéanamh ag institiúid de bhun aon chlásal eadrána i gconradh arna dhéanamh ag an Aontas nó thar a cheann, cibé acu faoin dlí poiblí nó faoin dlí príobháideach don chonradh sin, i gcomhréir le hAirteagal 272 CFAE, is í teanga an cháis an teanga inar tugadh an conradh i gcrích; i gcás inar dréachtaíodh an conradh i roinnt teangacha, féadfaidh an t-iarratasóir an teanga is cuí leis a roghnú;

   (c) ar iarratas ó na príomhpháirtithe i gcomhar lena chéile, féadfar a údarú go n-úsáidfear ceann eile de na teangacha a luaitear in Airteagal 44 sna himeachtaí uile nó i gcuid díobh;

   (d) ar iarratas ó cheann de na páirtithe, agus tar éis na páirtithe eile a éisteacht, féadfar a údarú, de mhaolú ar fhomhíreanna (a) go (c), go n-úsáidfear ceann eile de na teangacha a luaitear in Airteagal 44 mar theanga an cháis sna himeachtaí uile nó i gcuid díobh; ní fhéadfaidh institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh iarratas den sórt sin a dhéanamh.

2. Gan dochar do na forálacha a leagtar síos I mír 1(c) agus (d), i gcás iarratais ar cheartú, iarratais go réiteofar cás ina mainnítear breith a thabhairt, iarratais ar bhreithiúnas mainneachtana a chur ar ceal, imeachtaí tríú páirtí, iarratais ar léiriú nó ar athbhreithniú ar bhreithiúnas nó i gcás díospóidí i dtaobh na gcostas is

inghnóthaithe, is í teanga na breithe lena mbaineann na hiarratais nó na díospóidí sin a úsáidfear sna himeachtaí.

3. Gan dochar d'fhorálacha mhír 1(c) agus (d), in imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne chinntí Bhoird Achomhairc na hOifige, dá dtagraítear in Airteagal 1, maidir le cur i bhfeidhm na rialacha a bhaineann le córas maoine intleachtúla:

   (a) roghnóidh an t-iarratasóir an teanga a úsáidfear sna himeachtaí más rud é gurbh é an t-iarratasóir an t-aon pháirtí sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc na hOifige;

   (b) úsáidfear teanga an iarratais, roghnaithe ag an iarratasóir as measc na dteangacha dá dtagraítear in Airteagal 44, sna himeachtaí mura gcuirfidh páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc na hOifige i gcoinne sin laistigh den teorainn ama socraithe chuige sin ag an gCláraitheoir chun na críche sin tar éis an t-iarratas a thaisceadh;

   (c) i gcás go ndéanfaidh páirtí sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc na hOifige seachas an t-iarratasóir agóid maidir le teanga an iarratais, úsáidfear teanga an chinnidh atá faoi chonspóid os comhair na Cúirte Ginearálta sna himeachtaí; sna cásanna sin áiritheoidh an Cláraitheoir go ndéanfar an t-iarratas a aistriú i dteanga an cháis.

4. In imeachtaí réamhrialaithe, is í teanga na cúirte nó teanga an bhinse a rinne an tarchur chun na Cúirte teanga an cháis. Ar iarratas cuí-réasúnaithe ó pháirtí sna príomhimeachtaí, tar éis an páirtí freasúra sna príomhimeachtaí agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, féadfar a údarú go n-úsáidfear ceann eile de na teangacha a luaitear in Airteagal 44 maidir leis an nós imeachta ó bhéal. I gcás go ndeonófar é, beidh feidhm ag an údarú sin i leith na ndaoine leasmhara uile dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

5. Is é an tUachtarán a dhéanfaidh cinneadh ar na hiarratais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4; sa chás inar mian leis glacadh leis an iarratas gan comhaontú na bpáirtithe uile, ní foláir dó an t-iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta.

*Airteagal 46 (M6) (M7)*

**Teanga an cháis a úsáid**

1. Is í teanga an cháis a úsáidfear go háirithe sna pléadálacha i scríbhinn agus ó bhéal ó na páirtithe, lena n-áirítear na hítimí a bheidh i gceangal leo, agus fairis sin i miontuairiscí agus i mbreitheanna na Cúirte Ginearálta.

2. Mura mbeidh aistriúchán i dteanga an cháis ag gabháil le hítimí atá i gceangal le doiciméad nós imeachta, iarrfaidh an Cláraitheoir ar an bpáirtí lena mbaineann

iad a chur ina gceart, má chinneann an tUachtarán, uaidh féin nó arna iarraidh sin ag páirtí, gur gá an t-aistriúchán sin ar mhaithe le seoladh cuí na n-imeachtaí. Mura ndéanfar iad a chur ina gceart, bainfear na hIarscríbhinní atá i gceist den cháschomhad.

3. I gcás ítimí an-fhada, féadfar aistriúchán ar shleachta astu a chur ar fáil. Féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta, áfach, uaidh féin nó ar iarratas ó pháirtí, aistriúchán níos fairsinge nó aistriúchán iomlán a éileamh tráth ar bith.

4. De mhaolú ar na forálacha roimhe seo, beidh Ballstát i dteideal a theanga oifigiúil a úsáid agus é ag glacadh páirt in imeachtaí réamhrialaithe nó nuair a bheidh sé ag idiragairt i gcás os comhair na Cúirte Ginearálta. Beidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le doiciméid i scríbhinn agus ráitis ó bhéal araon. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis i ngach cás.

5. Údaraítear do Stáit is páirtithe i gComhaontú LEE agus in Údarás Faireacháin CSTE freisin, seachas Stáit is Ballstáit, ceann de na teangacha atá luaite in Airteagal 44, de rogha ar theanga an cháis, a úsáid agus iad ag glacadh páirt in imeachtaí réamhrialaithe nó nuair a bheidh siad ag idiragairt i gcás os comhair na Cúirte Ginearálta. Beidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le doiciméid i scríbhinn agus ráitis ó bhéal araon. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis i ngach cás.

6. Údaraítear do thríú Stáit a ghlacann páirt in imeachtaí réamhrialaithe i gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 23 den Reacht ceann de na teangacha atá luaite in Airteagal 44, de rogha ar theanga an cháis, a úsáid. Beidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le doiciméid i scríbhinn agus ráitis ó bhéal araon. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis i ngach cás.

7. Má dhearbhaíonn finné nó saineolaí nach féidir leis é féin a chur in iúl go leormhaith i gceann de na teangacha a luaitear in Airteagal 44, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta a údarú dó a fhianaise a thabhairt i dteanga eile. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis.

8. Féadfaidh an tUachtarán, le linn imeachtaí ó bhéal a stiúradh, Breithiúna agus, nuair is iomchuí, an tAbhcóide Ginearálta, agus ceisteanna á gcur acu, agus an tAbhcóide Ginearálta le linn dó a Thuairim a thabhairt, feidhm a bhaint as ceann de na teangacha a luaitear in Airteagal 44 nach í teanga an cháis í. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis.

*Airteagal 47 (M6)*

**Freagrachtaí an Chláraitheora maidir le socrúcháin teanga**

1. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go ndéanfar na doiciméid nós imeachta a aistriú go teanga an cháis agus, i gcás inarb iomchuí, go ceann eile de na teangacha a luaitear in Airteagal 44.

2. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go ndéanfar ateangaireacht ar gach rud a déarfar le linn éisteachta go teanga an cháis agus sna teangacha eile atá luaite in Airteagal 44 a bheidh in úsáid ag na páirtithe a bheidh i láthair ag an éisteacht nó a mheasfar a bheith riachtanach i gcomhair riar éifeachtach na héisteachta.

*Airteagal 48*

**Socruithe teanga fhoilseacháin na Cúirte Ginearálta**

Eiseofar foilseacháin na Cúirte Ginearálta sna teangacha a luaitear in Airteagal 1 de Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle.

*Airteagal 49*

**Téacsanna barántúla**

Na téacsanna a ullmhófar i dteanga an cháis nó, más infheidhme, i dteanga eile arna húdarú de bhun Airteagail 45 agus 46, beidh siad ina dtéacsanna barántúla.

## TEIDEAL III
## CAINGNE DÍREACHA

*Airteagal 50 (M7)*
**Raon feidhme**

Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo i gcaingne díreacha de réir bhrí Airteagal 1, faoi réir na bhforálacha speisialta de Theidil IV agus V le haghaidh imeachtaí arna rialú ag na Teidil sin.

### Caibidil 1
### FORÁLACHA GINEARÁLTA

#### Cuid 1. Ionadaíocht na bpáirtithe

*Airteagal 51 (M6)*
**Oibleagáid ionadaíochta**

1. Ní foláir go ndéanfaidh gníomhaire nó dlíodóir ionadaíocht ar pháirtí de réir fhorálacha Airteagal 19 den Reacht.

2. Ní mór don dlíodóir a bheidh ag gníomhú thar ceann páirtí nó ag cuidiú leis an doiciméad a thaisceadh sa Chlárlann chomh maith á rá go bhfuil sé údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirt de chuid Ballstáit nó de chuid Stát eile is páirtí i gComhaontú LEE mura bhfuil doiciméad amhail sin taiscthe cheana chun cuntas rochtana e-Curia a oscailt.

3. Ní foláir do dhlíodóirí atá ag feidhmiú ar son duine dlítheanach doiciméad oifigiúil nó údarás chun gníomhú a eiseoidh an páirtí a thaisceadh sa Chlárlann.

4. Mura dtaiscfear an doiciméad sin dá dtagraítear i mír 2 nó an doiciméad dá dtagraítear i mír 3, forordóidh an Cláraitheoir tréimhse réasúnta ina mbeidh ar an bpáirtí lena mbaineann iad a thabhairt ar aird. Mura dtabharfar na doiciméid is gá a sholáthar ar aird laistigh den tréimhse a fhorordófar, déanfaidh an Chúirt Ghinearálta breith an bhfuil an t-iarratas nó na pléadálacha i scríbhinn do-ghlactha go foirmiúil toisc nár comhlíonadh an coinníoll atá i gceist nó an gcaithfear a mheas nach bhfuil an dlíodóir ag déanamh ionadaíocht don pháirtí lena mbaineann nó nach bhfuil sé ag tabhairt cúnamh dó.

Cuid 2. Cearta agus oibleagáidí ionadaithe na bpáirtithe

*Airteagal 52*
**Pribhléidí, díolúintí agus saoráidí**

1. Beidh díolúine ag gníomhairí mar aon le comhairleoirí agus le dlíodóirí a láithreoidh os comhair na Cúirte Ginearálta nó os comhair aon údarás breithiúnach a bhfuil litreacha rogáide dírithe ag an gCúirt Ghinearálta chucu, i leith focail a deir siad nó a scríobhann siad i dtaobh an cháis nó na bpáirtithe.

2. Ina theannta sin, beidh na pribhléidí agus na saoráidí seo a leanas ag gníomhairí, ag comhairleoirí agus ag dlíodóirí:

   (a) beidh páipéir agus doiciméid maidir leis na himeachtaí díolmhaithe ó chuardach agus ó urghabháil; i gcás díospóide, féadfaidh na hoifigigh chustaim nó na póilíní na páipéir agus na doiciméid sin a shéalú, agus ansin cuirfear ar aghaidh iad láithreach chuig an gCúirt Ghinearálta lena n-iniúchadh i láthair an Chláraitheora agus an duine lena mbaineann;

   (b) beidh gníomhairí, comhairleoirí agus dlíodóirí i dteideal taisteal gan bhac i gcúrsa a ndualgas.

*Airteagal 53*
**Stádas ionadaithe na bpáirtithe**

1. Chun tairbhe a bhaint as na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí a shonraítear in Airteagal 52, ní foláir do dhaoine a bhfuil ina dteideal a stádas a chruthú mar a leanas:

   (a) tabharfaidh gníomhairí ar aird doiciméad oifigiúil arna eisiúint ag an bpáirtí darb ionadaithe iad; agus cuirfidh siad cóip den doiciméad sin ar aghaidh láithreach chuig an gCláraitheoir;

   (b) tabharfaidh dlíodóirí ar aird deimhniú ag léiriú go bhfuil siad údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirt de chuid Ballstáit nó de chuid Stáit eile is páirtí i gComhaontú LEE, agus, nuair is duine dlítheanach a rialaítear le dlí príobháideach é an páirtí darb ionadaithe iad, tabharfaidh siad ar aird údarás chun gníomhú arna eisiúint ag an duine sin;

   (c) tabharfaidh comhairleoirí ar aird údarás chun gníomhú arna eisiúint ag an bpáirtí a bhfuil siad ag tabhairt cúnamh dó.

2. Eiseoidh an Cláraitheoir deimhniú dóibh más gá. Ní bheidh an deimhniú sin bailí ach go ceann tréimhse shonraithe. Féadfar an tréimhse shonraithe sin a fhadú nó a ghiorrú i gcomhréir le ré na n-imeachtaí.

*Airteagal 54*

**Díolúine a tharscaoileadh**

1. Is ar mhaithe le stiúradh cuí na n-imeachtaí, agus chuige sin amháin, a dheonaítear na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí a shonraítear in Airteagal 52.

2. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta an díolúine a tharscaoileadh in aon chás ina measfaidh sí nach bac ar stiúradh cuí na n-imeachtaí é.

*Airteagal 55*

**Eisiamh ó na himeachtaí**

1. Má mheasann an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil iompar gníomhaire, comhairleora nó dlíodóra os comhair na Cúirte Ginearálta, an Uachtaráin, Breithimh nó an Chláraitheora de réir dhínit na Cúirte Ginearálta nó na gceanglas i leith riaradh cuí an cheartais, nó má mheasann sí go bhfuil an gníomhaire, an comhairleoir nó an dlíodóir ag úsáid na gceart atá aige de bharr a oifige chun críoch nach chucu sin a deonaíodh iad, cuirfidh an Chúirt an duine lena mbaineann ar an eolas. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta na húdaráis inniúla ar dóibh atá an duine lena mbaineann freagrach a chur ar an eolas. Cuirfear cóip den litir a seoladh chuig na húdaráis sin chuig an duine lena mbaineann.

2. Ar na forais chéanna, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tráth ar bith tar éis di an duine lena mbaineann a éisteacht, cinneadh a dhéanamh gníomhaire, comhairleoir nó dlíodóir a eisiamh le hordú réasúnaithe ó na himeachtaí. Beidh éifeacht láithreach leis an ordú sin.

3. I gcás go n-eisiafar gníomhaire, comhairleoir nó dlíodóir ó na himeachtaí, fionrófar na himeachtaí go ceann tréimhse a shocróidh an tUachtarán, d’fhonn caoi a thabhairt don pháirtí lena mbaineann gníomhaire, comhairleoir nó dlíodóir eile a cheapadh.

4. Féadfar aon chinneadh a ghlacfar de réir fhorálacha an Airteagail seo a chealú.

*Airteagal 56*
**Léachtóirí ollscoile**

Beidh feidhm ag forálacha na coda seo maidir le léachtóirí ollscoile dá dtagraítear sa seachtú mír d'Airteagal 19 den Reacht.

Cuid 2a Cumarsáid le hionadaithe na bpáirtithe trí e-Curia *(M5)*

*Airteagal 56a (M5) (M7)*
**e-Curia**

1. Gan dochar do na cásanna dá dtagraítear in Airteagail 57(2), 72(4), 80(1), 105(1) agus (2), 147(6), 148(9) agus 178(2) agus (3), déanfar gach doiciméad nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil trí e-Curia.

2. Sonrófar na coinníollacha chun doiciméad nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil le e-Curia i gcinneadh arna ghlacadh ag an gCúirt Ghinearálta. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Chun úsáid a bhaint as e-Curia, caithfear cuntas rochtana a oscailt faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chinneadh dá dtagraítear i mír 2.

4. Má dhéantar doiciméad nós imeachta a thaisceadh trí e-Curia sula gcuirtear na doiciméid tacaíochta ar fáil atá riachtanach chun an cuntas rochtana a bhailíochtú, caithfidh na doiciméid tacaíochta sin Clárlann na Cúirte Ginearálta a shroicheadh i bhformáid páipéir nó trí aon mhodh tarchuir leictreonaigh arna úsáid ag an gCúirt Ghinearálta laistigh de 10 lá ó thaisceadh an doiciméid nós imeachta. Ní fhéadfar an teorainn ama sin a fhadú agus ní bheidh feidhm ag Airteagal 60. Mura bhfaightear na doiciméid tacaíochta ag Clárlann na Cúirte Ginearálta laistigh den teorainn ama fhorordaithe, dearbhóidh an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil an doiciméad nós imeachta arna thaisceadh trí e-Curia inghlactha.

5. I gcás go bhfuil sé dodhéanta go teicniúil úsáid a bhaint as e-Curia, agus gan dochar don dara mír d'Airteagal 45 den Reacht, féadfar doiciméad nós imeachta a thaisceadh nó a sheirbheáil ar aon bhealach oiriúnach atá ar fáil. Sonrófar na céimeanna a bheidh le glacadh i gcás den sórt sin sa chinneadh dá dtagraítear i mír 2.

## Cuid 3. Seirbheáil

*Airteagal 57 (M5) (M7)*
**Modhanna seirbheála**

1. Gan dochar d'Airteagail 80(1), 148(9) agus 178(2) agus (3), sa chás go bhfuil ceangal ann de réir an Reachta nó na Rialacha seo go ndéanfar doiciméad a sheirbheáil ar dhuine féachfaidh an Cláraitheoir chuige go ndéanfar an tseirbheáil sin le e-Curia.

2. I gcás, toisc chineál an doiciméid, go bhfuil sé dodhéanta nó neamhphraiticiúil an doiciméad a sheirbheáil de réir na modhanna dá bhforáiltear i mír 1, déanfar an doiciméad a sheirbheáil ag seoladh ionadaí an pháirtí lena mbaineann tríd an bpost cláraithe le foirm ag gabháil leis chun admháil a fháil nó trí sheachadadh pearsanta le hadmháil. Cuirfear an seolaí ar an eolas faoi sin trí e-Curia. Measfar go mbeidh an tseirbheáil déanta ar an seolaí trí phost cláraithe ar an deichiú lá i ndiaidh an litir chláraithe a thaisceadh ag an bpostoifig san áit a bhfuil a suíomh ag an gCúirt Ghinearálta, mura dtaispeánfar trí fhoirm admhála go bhfuarthas an litir ar dháta eile nó mura gcuirfidh an seolaí in iúl don Chláraitheoir, laistigh de thrí seachtaine tar éis é a chur ar an eolas trí e-Curia, nach bhfuil an doiciméad atá le seirbheáil air faighte aige.

3. Gan dochar d'Airteagal 72(4), ullmhóidh agus deimhneoidh an Cláraitheoir na cóipeanna de dhoiciméid a bheidh le seirbheáil de bhun mhír 2.

## Cuid 4. Teorainneacha ama

*Airteagal 58*
**Teorainneacha ama a ríomh**

1. Ríomhfar aon teorainn ama a fhorordaítear leis na Conarthaí, leis an Reacht nó leis na Rialacha seo i leith aon bheart nós imeachta mar seo a leanas:

   (a) i gcás go bhfuil teorainn ama a shonraítear i laethanta, i seachtainí, i míonna nó i mblianta á comhaireamh ón uair a tharlaíonn teagmhas nó a dhéantar beart, ní dhéanfar an lá ar lena linn a tharlaíonn an teagmhas sin nó a dhéantar an beart sin a chomhaireamh sa teorainn ama i dtrácht;

   (b) de bhun mhír 2 maidir le teorainn ama arna sonrú i seachtainí, i míonna nó i mblianta, críochnóidh an teorainn ama sin ar dhul in éag cibé lá sa tseachtain deiridh, sa mhí dheiridh nó sa bhliain deiridh arb é an lá céanna sa tseachtain é a thiteann ar an dáta céanna leis an lá a tharlaíonn an teagmhas nó a dhéantar an beart óna bhfuil an teorainn ama le comhaireamh; más rud é, i

gcás teorainn ama arna sonrú i míonna nó i mblianta, nach dtiteann an lá ar cheart di dul in éag sa mhí dheiridh, críochnóidh an tréimhse ar dhul in éag don lá deiridh den mhí sin;

(c) i gcás go ndéantar teorainn ama a shonrú i míonna agus i laethanta, déanfar í a ríomh a chéaduair i míonna iomlána agus dá éis sin i laethanta;

(d) beidh an Satharn, an Domhnach agus na laethanta saoire oifigiúla ar áireamh sna teorainneacha ama;

(e) ní chuirfear teorainneacha ama ar fionraí i gcaitheamh na saoire breithiúnaí.

2. Más ar an Satharn, ar an Domhnach nó ar lá saoire oifigiúil a chríochnóidh an tréimhse, fadófar í go dtí deireadh an chéad lae oibre ina dhiaidh sin.

3. Beidh feidhm ag an liosta laethanta saoire oifigiúla arna dtarraingt suas ag an gCúirt Bhreithiúnais agus arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an gCúirt Ghinearálta.

*Airteagal 59*
**Imeachtaí in aghaidh beart arna ghlacadh ag institiúid agus foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh***

I gcás ina rithfidh an teorainn ama a cheadaítear chun imeachtaí a thionscnamh i gcoinne beart arna ghlacadh ag institiúid ón uair ar foilsíodh an beart in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ríomhfar an tréimhse, chun críocha Airteagal 58(1)(a), ó dheireadh an 14ú lá tar éis a fhoilsithe.

*Airteagal 60*
**Teorainneacha ama a fhadú mar gheall ar fhad slí**

Déanfar na teorainneacha ama forordaithe a fhadú mar gheall ar fhad slí ó láthair tréimhse aonair deich lá.

*Airteagal 61*
**Teorainneacha ama a shocrú agus síneadh a chur leo**

1. Féadfaidh cibé údarás a fhorordóidh é aon teorainn ama a fhorordófar de bhun na Rialacha seo a fhadú.

2. Féadfaidh an tUachtarán an chumhacht chun sínithe a tharmligean chun an Chláraitheora chun teorainneacha ama a shocrú nach mór dóibh a fhorordú de bhun na Rialacha seo, nó na teorainneacha ama sin a fhadú.

*Airteagal 62*
**Doiciméid nós imeachta a thaiscfear lasmuigh de theorainn ama**

Ní fhéadfar doiciméad nós imeachta arna thaisceadh sa Chlárlann tar éis dheireadh na teorann ama arna socrú ag an Uachtarán nó ag an gCláraitheoir de bhun na Rialacha seo a ghlacadh ach amháin de bhun cinneadh ón Uachtarán chun na críche sin.

Cuid 5. Stiúradh na n-imeachtaí agus déileáil le cásanna

*Airteagal 63*
**Stiúradh na n-imeachtaí**

Gan dochar do na forálacha speisialta a leagtar síos sa Reacht nó sna Rialacha seo, beidh cuid den nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta i scríbhinn agus cuid de ó bhéal.

*Airteagal 64*
**Nádúr sáraíochta na n-imeachtaí**

Faoi réir fhorálacha Airteagail 68(4), 104, 105(8) agus 144(7), ní chuirfidh an Chúirt Ghinearálta san áireamh ach na doiciméid nós imeachta agus na hítimí sin a chuirfear ar fáil d’ionadaithe na bpáirtithe agus ar a dtabharfar deis dóibh a gcuid tuairimí orthu a nochtadh.

*Airteagal 65*
**Doiciméid nós imeachta a sheirbheáil agus na cinntí a ghlacfar le linn na n-imeachtaí**

1. Faoi réir fhorálacha Airteagail 68(4), 103 go 105 agus 144(7), déanfar na doiciméid nós imeachta agus ítimí i gcomhad an cháis a sheirbheáil ar na páirtithe.

2. Déanfaidh an Cláraitheoir a áirithiú go gcuirfear na cinntí a dhéanfar le linn na n-imeachtaí agus atá san áireamh i gcomhad an cháis in iúl do na páirtithe.

*Airteagal 66 (M6)*
**Sonraí pearsanta daoine nádúrtha a fhágáil ar lár ón doiciméad poiblí**

1 I gcúrsa na n-imeachtaí, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh, uaithi féin nó ar iarratas ó pháirtí arna thíolacadh i ndoiciméad ar leith, sloinnte agus céadainmneacha daoine nádúrtha, cibé acu an páirtithe nó tríú páirtithe iad, agus aon sonraí pearsanta eile de chuid na ndaoine nádúrtha sin, a luaitear sna

doiciméid agus san fhaisnéis a bhaineann leis an gcás a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, a fhágáil ar lár.

2 Beidh feidhm ag mír 1 maidir leis an iarratasóir ar idiragairt.

*Airteagal 66a (M6)*

**Sonraí seachas sonraí pearsanta daoine nádúrtha a fhágáil ar lár ón doiciméad poiblí**

1 Le linn na n-imeachtaí, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh, uaithi féin nó ar iarratas réasúnaithe ó pháirtí arna thíolacadh i ndoiciméad ar leith, sonraí seachas sonraí pearsanta daoine nádúrtha, a luaitear i ndoiciméid agus i bhfaisnéis a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, a fhágáil ar lár, má tá cúiseanna dlisteanacha ann gan na sonraí sin a nochtadh go poiblí.

2 Beidh feidhm ag mír 1 maidir leis an iarratasóir ar idiragairt.

*Airteagal 67*

**An t-ord ina ndéileálfar le cásanna**

1. Déileálfaidh an Chúirt Ghinearálta leis na cásanna os a comhair san ord ina mbeidh siad réidh le triail.

2. Féadfaidh an tUachtarán in imthosca speisialta a chinneadh go ndéileálfar le cás áirithe i dtosach ar chásanna eile.

*Airteagal 68 (M5) (M7)*

**Uamadh**

1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tráth ar bith, uaithi féin nó arna iarraidh sin ó phríomhpháirtí, dhá chás nó níos mó a bhaineann leis an ábhar céanna a uamadh de bharr an cheangail eatarthu, go malartach nó go carnach, chun críocha an nós imeachta i scríbhinn nó ó bhéal nó chun críocha an bhreithiúnais chríochnaithigh.

2. Déanfaidh an tUachtarán cinneadh ar chóir cásanna a uamadh. Sula ndéanfaidh sé an cinneadh sin, socróidh an tUachtarán teorainn ama faoina bhféadfaidh na príomhpháirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le haon uamadh, mura bhfuil na tuairimí sin curtha in iúl acu cheana féin.

3. Féadfar cásanna uamtha a dheighilt i gcomhréir le forálacha mhír 2.

4. Déanfar doiciméid nós imeachta i gcomhaid na gcásanna uamtha a sheirbheáil trí e-Curia ar na páirtithe a iarrann sin. Féadfaidh an tUachtarán, áfach, ar iarratas ó pháirtí, faisnéis áirithe ó chomhad an cháis a mhaítear a bheith rúnda a eisiamh ón tseirbheáil sin.

*Airteagal 69 (M6)*
**Bac ar imeachtaí**

Gan dochar d'Airteagal 163, féadfar bac a chur ar imeachtaí:

(a) sna cásanna dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 54 den Reacht;

(b) i gcás ina ndéantar achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne breith ón gCúirt Ghinearálta, breith nach réiteofar léi na saincheisteanna substaintiúla ach go páirteach, nó a réiteofar léi saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht nó lena ndíbhtear iarratas ar idiragairt;

(c) ar iarraidh sin ó phríomhpháirtí le comhaontú sainráite an phríomhpháirtí eile;

(d) in imthosca áirithe eile ina gceanglaítear é ar mhaithe le riaradh cuí an cheartais.

*Airteagal 70*
**Breitheanna i leith bac a chur ar imeachtaí agus imeachtaí a atosú**

1. Déanfaidh an tUachtarán an cinneadh chun bac a chur leis na himeachtaí. Sula ndéanfar an cinneadh sin, socróidh an tUachtarán teorainn ama faoina bhféadfaidh na príomhpháirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis an mbac, mura bhfuil na tuairimí sin curtha in iúl acu cheana féin.

2. Déanfar an cinneadh lena n-ordófar go n-atosófar na himeachtaí roimh dheireadh an bhaic, nó dá dtagraítear in Airteagal 71(3), de réir fhorálacha mhír 1.

*Airteagal 71*
**Fad agus éifeachtaí baic**

1. Tiocfaidh éifeacht le bac ar imeachtaí ar an dáta a luaitear sa bhreith bhaic nó, ceal lua dá shamhail, ar dháta na breithe sin.

2. Fad a bheidh bac ar imeachtaí, stopfaidh rith ama do na himeachtaí go léir chun críocha na dteorainneacha ama a fhorordófar, seachas chun críocha na teorann ama a fhorordaítear in Airteagal 143(1) maidir le hiarratas ar idiragairt.

3. I gcás nach socraíonn an bhreith bhaic fad an bhaic, críochnóidh sé ar an dáta a luaitear sa bhreith atosaithe nó, ceal lua dá shamhail, ar dháta na breithe sin.

4. Ó dháta atosaithe imeachtaí i ndiaidh baic, cuirfear teorainn ama nós imeachta nua in ionad na dteorainneacha ama nós imeachta a cuireadh ar fionraí agus tosóidh an t-am ag rith as an nua ó dháta an atosaithe.

*Airteagal 71a (M6)*

**Cásanna píolótacha**

1 Sa chás go n-ardaítear an cheist chéanna dlí i roinnt cásanna atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta agus go measann an Chúirt Ghinearálta gur ar mhaithe le riar cuí an cheartais é nach ndéanfar na cásanna sin a láimhseáil go comhuaineach, féadfar bac a chur ar na himeachtaí i gcomhréir le hAirteagal 69(c) nó (d), 70 agus 71, go dtí go dtabharfar breith ar an gcás sin arb é an ceann is oiriúnaí chun an cheist sin a scrúdú, agus aithneofar é mar chás piolótach.

2 Sula dtabharfaidh sé breith ar an mbac, iarrfaidh an tUachtarán ar na príomhpháirtithe sna cásanna inar féidir go gcuirfear bac ar na himeachtaí a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le haon bhac, i gcomhréir le hAirteagal 70(1), agus cuirfidh sé in iúl dóibh an cheist dlí lena mbaineann, mar aon leis an gcás a fhéadfar a aithint mar chás piolótach.

3 Cinnfidh Uachtarán an Dlísheomra dá bhfuil an cás píolótach sannta go ndéileálfar leis an gcás sin i dtosach, i gcomhréir le hAirteagal 67(2).

4 Tráth a atosófar na himeachtaí, beidh an fhéidearthacht ag na páirtithe sna cásanna ar cuireadh bac orthu a dtuairimí a thabhairt ar an mbreith a tugadh sa chás píolótach agus ar na hiarmhairtí atá ag an mbreith sin ar an díospóid.

Caibidil 2

DOICIMÉID NÓS IMEACHTA

*Airteagal 72 (M5) (M6)*

**Rialacha maidir le doiciméid nós imeachta a thaisceadh trí e-Curia**

1. Seachas doiciméid arna dtaisceadh de bhun Airteagal 105(1) agus (2) agus Airteagal 147(6), taiscfear gach doiciméad nós imeachta sa Chlárlann trí e-Curia.

2. Déanfar na doiciméid nós imeachta uile a dhátú. Maidir leis na teorainneacha ama nós imeachta a ríomh, ní chuirfear san áireamh ach an dáta agus an t-am in Ard-Diúcacht Lucsamburg nuair a dhéantar an doiciméad a thaisceadh sa Chlárlann.

3. Cuirfear i gceangal le gach doiciméad nós imeachta na hítimí a bhfuiltear ag brath orthu mar thacaíocht leis, mar aon le sceideal ina dtugtar liosta de na hítimí sin.

4. I gcás nach féidir iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad nós imeachta a thaisceadh trí e-Curia, mar gheall ar a nádúr, seolfar an iarscríbhinn ábhartha ar leithligh leis an bpost nó seolfar chuig an gClárlann í. Taiscfear an iarscríbhinn mar aon le cóip don Chúirt Ghinearálta agus cóip do gach páirtí eile sna himeachtaí. Deimhneoidh páirtí a dtaiscthe go bhfuil na cóipeanna comhionann.

5. Tabharfaidh na hinstitiúidí ar aird, laistigh de na teorainneacha ama a leagfaidh an tUachtarán síos, aistriúcháin ar aon doiciméad nós imeachta sna teangacha eile dá bhforáiltear le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle.

*Airteagal 73 (M5)*
(aisghairthe)

*Airteagal 74 (M5)*
(aisghairthe)

*Airteagal 75 (M7)*
**Fad pléadálacha i scríbhinn**

1. Socróidh an Chúirt Ghinearálta, i gcomhréir le hAirteagal 243, uasfhad na bpléadálacha i scríbhinn a thaiscfear de réir an Teidil seo.

2. Féadfaidh an tUachtarán cead a thabhairt uasfhad na bpléadálacha i scríbhinn a shárú i gcásanna a bhaineann le ceisteanna dlí nó fíorais thar a bheith casta.

Caibidil 3
AN CHUID I SCRÍBHINN DEN NÓS IMEACHTA

*Airteagal 76*
**Inneachar an iarratais**

Luafar in iarratas den sórt dá dtagraítear in Airteagal 21 den Reacht:

(a) ainm agus seoladh an iarratasóra;

(b) sonraí i leith stádas agus sheoladh ionadaí an iarratasóra;

(c) ainm an phríomhpháirtí a dtionscnaítear an chaingean ina choinne;

(d) ábhar na n-imeachtaí, na saincheisteanna agus na hargóintí dlí a mbeifear ag brath orthu agus achoimre ar na saincheisteanna sin;

(e) an t-ordú atá á lorg ag an iarratasóir;

(f) i gcás inarb iomchuí, aon fhianaise a thabharfar ar aird nó a thairgtear.

*Airteagal 77 (M5)*
(aisghairthe)

*Airteagal 78 (M3) (M6)*
**Iarscríbhinní a ghabhann leis an iarratas**

1. Cuirfear i dteannta an iarratais, más iomchuí, na doiciméid a shonraítear sa dara mír d'Airteagal 21 den Reacht.

2. Beidh ag gabháil le hiarratas a dhéanfar de réir Airteagal 270 CFAE, más iomchuí, an gearán de réir bhrí Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne agus an cinneadh arna thabhairt ar an ngearán, chomh maith le fógra maidir le dátaí an tionscanta agus an chinnidh.

3. Beidh ag gabháil le hiarratas a dhéanfar faoi Airteagal 272 CFAE de bhun clásal eadrána i gconradh a rialaítear leis an dlí poiblí nó príobháideach, ina ndeachaigh an tAontas nó ina ndeachthas thar a cheann, cóip den chonradh ina bhfuil an clásal sin.

4. Más duine dlítheanach faoi rialú an dlí phríobháidigh é an t-iarratasóir, cuirfidh sé cruthúnas go bhfuil stádas dlítheanach aige i dteannta an iarratais (sliocht as clár na gcuideachtaí, clár na ngnólachtaí nó clár na gcomhlachas nó aon doiciméad oifigiúil eile).

5. Beidh na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 51(2) agus (3) i dteannta an iarratais.

6. Mura ndéanfar leis an iarratas na ceanglais a leagtar síos i míreanna 1 go 5 a chomhlíonadh, forordóidh an Cláraitheoir teorainn ama réasúnta ina mbeidh ar an iarratasóir na doiciméid a luaitear thuas a thabhairt ar aird. Mura gcuirfidh an t-iarratasóir an t-iarratas ina cheart laistigh den teorainn ama a fhorordófar, tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith an bhfuil an t-iarratas do-ghlactha go foirmiúil toisc nár comhlíonadh na coinníollacha sin.

*Airteagal 79 (M6)*

***Foilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh***

Fógrófar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* dáta cláraithe iarratas tionscanta na n-imeachtaí, ainmneacha na bpríomhpháirtithe, an t-ordú atá á lorg ag an iarratasóir agus achoimre ar na saincheisteanna dlí agus ar na príomhargóintí tacaíochta, gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 66 agus 66a.

*Airteagal 80 (M3) (M5)*

**Iarratas a sheirbheáil**

1. Déanfar an t-iarratas a sheirbheáil ar an gcosantóir trí e-Curia má tá cuntas e-Curia aige. Mura bhfuil cuntas e-Curia ag an gcosantóir, seirbheálfar an t-iarratas air i bhfoirm cóip dheimhnithe arna seoladh tríd an bpost cláraithe lena ngabhfaidh foirm chun admháil a fháil nó trí sheachadadh pearsanta le hadmháil.

2. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 78(6) de na Rialacha seo, déanfar an tseirbheáil a luaithe a bheidh an t-iarratas curtha ina cheart nó a dhearbhóidh an Chúirt Ghinearálta go bhfuil sé inghlactha d'ainneoin na gceanglas foirmiúil a leagtar síos san Airteagal sin gan bheith comhlíonta.

*Airteagal 81 (M3) (M5)*

**An chosaint**

1. Laistigh de dhá mhí tar éis an t-iarratas a sheirbheáil air, déanfaidh an cosantóir cosaint a thaisceadh. Luafar sa chosaint:

   (a) ainm agus seoladh an chosantóra;

   (b) sonraí i leith stádas agus sheoladh ionadaí an chosantóra;

   (c) na saincheisteanna agus na hargóintí dlí a bhfuil sé ag brath orthu;

   (d) an t-ordú atá á lorg ag an gcosantóir;

   (e) i gcás inarb iomchuí, aon fhianaise a thabharfar ar aird nó a thairgtear.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 78(4) go (6) maidir leis an gcosaint.

3. Féadfaidh an tUachtarán an teorainn ama a leagtar síos i mír 1 a fhadú go heisceachtúil ar iarratas réasúnaithe a fháil ón gcosantóir.

*Airteagal 82 (M6)*

**Doiciméid a sheachadadh**

Aon uair nach páirtí sa chás Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún Eorpach, cuirfidh an Chúirt Ghinearálta cóipeanna den iarratas agus den chosaint, nó, i gcás inarb ábhartha, den phléadáil maidir le heaspa dlínse nó do-ghlacthacht, d'éagmais na n-iarscríbhinní a ghabhann leis na doiciméid sin, chun na n-institiúidí sin ionas go mbeidh siad in ann measúnú a dhéanamh an bhfuil neamhfheidhmeacht ceann dá ngníomhartha á hagairt faoi Airteagal 277 CFAE.

*Airteagal 83*

**Freagra agus athfhreagra**

1. Féadfar iarratas tionscanta na n-imeachtaí agus an chosaint a fhorlíonadh le freagra ón iarratasóir agus le hathfhreagra ón gcosantóir mura gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta nach gá an dara malartú pléadálacha i scríbhinn toisc go bhfuil na doiciméid atá ina láthair cuimsitheach a ndóthain.

2. Má chinneann an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil gá leis an dara malartú pléadálacha i scríbhinn, féadfaidh sí na príomhpháirtithe a údarú le cur leis an gcomhad má thíolacann an t-iarratasóir iarratas réasúnaithe chuige sin laistigh de dhá sheachtain ón gcinneadh sin a chur in iúl.

3. Forordóidh an tUachtarán na dátaí chun na doiciméid nós imeachta sin a thabhairt ar aird. Féadfaidh an tUachtarán na nithe lenar chóir go mbeadh baint ag an bhfreagra nó ag an athfhreagra leo a shonrú.

Caibidil 4

SAINCHEISTEANNA DLÍ, FIANAISE AGUS LEASÚ AN IARRATAIS

*Airteagal 84*

**Saincheist nua dlí**

1. Ní fhéadfar aon saincheist nua dlí a tharraingt anuas i gcúrsa na n-imeachtaí mura mbeidh sin bunaithe ar phointí dlí nó ar fhíorais a thagann chun solais i gcúrsa an nós imeachta.

2. Cuirfear aon saincheist nua dlí in iúl sa dara malartú pléadálacha i scríbhinn agus aithneofar iad amhlaidh. Sa chás go dtiocfaidh na pointí dlí nó fíorais nua lena dtugtar údar do shaincheist nua dlí chun solais tar éis an dara malartú pléadálacha i scríbhinn nó tar éis go ndéantar cinneadh gan dara malartú a údarú, cuirfidh an príomhpháirtí lena mbaineann na saincheisteanna nua dlí in iúl chomh luath agus atá sé ar an eolas mar gheall ar na hábhair sin.

3. Gan dochar don chinneadh a bheidh le déanamh ag an gCúirt Ghinearálta ar inghlacthacht na saincheiste nua dlí, tabharfaidh an tUachtarán deis don pháirtí eile freagra a thabhairt ar an tsaincheist sin.

*Airteagal 85*

**Fianaise a thabharfar ar aird nó a thairgfear**

1. Cuirfear fianaise a thabharfar ar aird nó a dhéanfar a thairiscint ar fáil ag an gcéad mhalartú pléadálacha i scríbhinn.

2. Féadfaidh príomhpháirtí tuilleadh fianaise a thabhairt ar aird nó a thairiscint sa fhreagra nó san athfhreagra mar thaca lena argóintí, ar choinníoll go bhfuil údar leis an moill sin agus an fhianaise sin á tíolacadh.

3. Féadfaidh na príomhpháirtithe tuilleadh fianaise a thabhairt ar aird nó a thairiscint go heisceachtúil tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta nó sula ndéanfaidh an Chúirt Ghinearálta cinneadh breith a thabhairt gan cuid ó bhéal den nós imeachta ar choinníoll go bhfuil údar leis an moill sin agus an fhianaise sin á tíolacadh.

4. Gan dochar don chinneadh a bheidh le déanamh ag an gCúirt Ghinearálta ar inghlacthacht na fianaise a thabharfar ar aird nó a tháirgfear de bhun mhíreanna 2 agus 3, tabharfaidh an tUachtarán deis don pháirtí eile freagra a thabhairt ar an bhfianaise sin.

*Airteagal 86 (M3) (M7)*

**Leasú an iarratais**

1. Sa chás go gcuirfear beart in ionad beart a bhfuil neamhniú á lorg ina leith nó go ndéanfar é a leasú le beart eile leis an gcuspóir céanna, féadfaidh an t-iarratasóir, ar a dhéanaí, coicís i ndiaidh seirbheáil cinnidh chun dáta na héisteachta a shocrú nó sula seirbheálfar cinneadh na Cúirte Ginearálta chun breith a thabhairt gan cuid ó bhéal den nós imeachta a reáchtáil, an t-iarratas a leasú mar gheall ar an bhfachtóir nua sin. Féadfaidh an tUachtarán an teorainn ama sin a fhadú ar iarratas réasúnaithe a fháil ón iarratasóir. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 60.

2. Ní mór an leasú ar an iarratas a dhéanamh le doiciméad ar leith laistigh den teorainn ama a leagtar síos sa séú mír d’Airteagal 263 CFAE inar féidir iarratais a dhéanamh ar neamhniú maidir leis an mbeart a thugann údar leis an leasú sin.

3. I gcásanna a thionscnófar de bhun Airteagal 270 CFAE, ní mór an t-iarratas a leasú le doiciméad ar leith agus, de mhaolú ar mhír 2, laistigh den teorainn ama

ar féidir neamhniú an bhirt a thugann údar le leasú an iarratais a lorg, ar teorainn ama í a leagtar síos in Airteagal 91(3) de na Rialacháin Foirne.

4. Luafar sa mheabhrán leasaithe:

   (a) an t-ordú leasaithe atá á lorg;
   (b) i gcás inarb iomchuí, na saincheisteanna dlí agus na hargóintí leasaithe;

   (c) i gcás inarb iomchuí an fhianaise a bheidh á tairiscint maidir leis an leasú ar ordú atá á lorg.

5. Beidh an beart atá mar údar leis an leasú ar an iarratas i dteannta an mheabhráin leasaithe. Mura gcuirfear an beart sin ar fáil, forordóidh an Cláraitheoir teorainn ama réasúnta ina mbeidh ar an iarratasóir lena mbaineann an beart a thabhairt ar aird. Mura dtabharfaidh an t-iarratasóir an beart ar aird laistigh den teorainn ama a forordaíodh, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh an bhfuil an ráiteas ag leasú an iarratais do-ghlactha go foirmiúil toisc nár comhlíonadh an ceanglas nós imeachta sin.

6. Gan dochar don chinneadh a bheidh le déanamh ag an gCúirt Ghinearálta ar inghlacthacht an ráitis lena leasaítear an t-iarratas, tabharfaidh an tUachtarán deis don chosantóir freagra a thabhairt ar an ráiteas sin.

7. Déanfaidh an tUachtarán, i gcás inarb iomchuí, teorainn ama a shocrú faoina bhféadfaidh aon idiragraí cur lena ráitis idiragartha i bhfianaise an ráitis lena leasaítear an t-iarratas agus an ráiteas mar fhreagra. Déanfar na ráitis sin a sheirbheáil ar na hidiragraithe ag an am céanna chun na críche sin.

## Caibidil 5
## RÉAMHTHUARASCÁIL

### *Airteagal 87 (M7)*
### **Réamhthuarascáil**

1. Tráth chlabhsúr an nós imeachta i scríbhinn, socróidh an tUachtarán dáta a chuirfidh an Breitheamh is Rapóirtéir a réamhthuarascáil faoi bhráid na Cúirte Ginearálta.

2. Beidh sa réamhthuarascáil anailís ar shaincheisteanna ábhartha na bhfíoras agus an dlí sa chaingean, moltaí faoinar chóir bearta eagrúcháin nós imeachta nó bearta fiosrúcháin a sheoladh, ar chóir cuid ó bhéal den nós imeachta a bheith ann agus ar chóir an cás a tharchur chuig an Mór-Dhlísheomra, chuig an

Dlísheomra de mhéid idirmheánach nó chuig Dlísheomra arna chomhdhéanamh de líon difriúil Breithiúna nó chuig Breitheamh aonair.

3. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith, maidir leis an mbeart a dhéanfar faoi na moltaí ón mBreitheamh is Rapóirtéir, agus, i gcás inarb iomchuí, ar chóir an chuid ó bhéal den nós imeachta a oscailt.

## Caibidil 6
## BEARTA EAGRÚCHÁIN NÓS IMEACHTA AGUS BEARTA FIOSRÚCHÁIN

### *Airteagal 88*
### **Gnéithe ginearálta**

1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta bearta eagrúcháin nós imeachta agus bearta fiosrúcháin a ghlacadh nó a leasú ag aon chéim den nós imeachta, uaithi féin nó ar iarratas ó cheann de na príomhpháirtithe.

2. Luafar go beacht san iarratas dá dtagraítear i mír 1 cuspóir na mbeart atá á lorg agus na cúiseanna atá leo. Sa chás go ndéanfar an t-iarratas i ndiaidh an chéad mhalartaithe pléadálacha i scríbhinn, ní mór don pháirtí atá ag déanamh an iarratais an chúis nach raibh sé in ann an t-iarratas a dhéanamh níos luaithe a shonrú.

3. Sa chás go ndéanfar iarratas ar bhearta eagrúcháin nós imeachta nó ar bhearta fiosrúcháin, tabharfaidh an tUachtarán deis do na páirtithe eile a dtuairimí a chur in iúl ar an iarratas sin.

## Cuid 1. Bearta eagrúcháin nós imeachta

### *Airteagal 89*
### **Aidhm**

1. An aidhm a bheidh leis na bearta eagrúcháin nós imeachta ná a chinntiú go n-ullmhófar na cásanna le haghaidh éisteachta, go gcuirfear nósanna imeachta i ngníomh agus go réiteofar díospóidí faoi na coinníollacha is fearr.

2. Beidh na haidhmeanna seo a leanas, go háirithe, leis na bearta eagrúcháin nós imeachta:

   (a) seoladh éifeachtúil an nós imeachta ó bhéal agus an nós imeachta i scríbhinn a chinntiú agus glacadh na fianaise a éascú;

(b) na pointí nach mór do na páirtithe argóintí breise a thíolacadh ina leith nó lena n-éileofar bearta breise fiosrúcháin ina leith a shocrú;

(c) an t-ordú a bheidh á lorg ag na páirtithe mar aon lena saincheisteanna dlí agus lena n-argóintí agus leis na pointí a bheidh le socrú eatarthu a shoiléiriú;

(d) réiteach cairdiúil na n-imeachtaí a éascú.

3. Féadfar na bearta eagrúcháin nós imeachta seo a leanas, go háirithe, a chur san áireamh:

(a) ceisteanna a chur ar na páirtithe;

(b) iarratas ar na páirtithe aighneachtaí i scríbhinn nó ó bhéal a thíolacadh maidir le gnéithe áirithe de na himeachtaí;

(c) an t-eolas dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 24 den Reacht a iarraidh ar na páirtithe nó ar thríú páirtithe;

(d) iarratas go dtabharfaí doiciméid nó páipéir a bhaineann leis an gcás ar aird;

(e) na páirtithe a thoghairm chun freastal ar chruinnithe.

4. I gcás go n-eagrófar éisteacht, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, a mhéid is féidir, a iarraidh ar na rannpháirtithe san éisteacht díriú ar shaincheist amháin nó níos mó ina bpléadálacha ó bhéal.

*Airteagal 90*
**Nós Imeachta**

1. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta bearta eagrúcháin nós imeachta a fhorordú.

2. I gcás go bhforordaíonn an Chúirt Ghinearálta bearta eagrúcháin nós imeachta agus nach ndéanann sí féin iad a sheoladh, cuirfidh sí comhall an chúraim ar iontaoibh an Bhreithimh is Rapóirtéir.

Cuid 2. Bearta fiosrúcháin

*Airteagal 91*
**Aidhm**

Gan dochar d'fhorálacha Airteagail 24 agus 25 den Reacht, áiritear ar na bearta fiosrúcháin:

(a) láithriú pearsanta na bpáirtithe;

(b) faisnéis a iarraidh ó pháirtí nó iarraidh orthu aon ábhar a bhaineann leis an gcás a chur i láthair;

(c) iarratas ar dhoiciméid a chur ar fáil a dhiúltaigh institiúid rochtain ina leith in imeachtaí a bhaineann le dlíthiúlacht an diúltaithe sin;
(d) fianaise ó bhéal;

(e) tuarascáil ó shaineolaí a choimisiúnú;

(f) iniúchadh ar an láthair.

*Airteagal 92 (M7)*
**Nós Imeachta**

1. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta na bearta fiosrúcháin is iomchuí léi a fhorordú le hordú a shonróidh na fíorais atá le cruthú.

2. Sula dtabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith ar na bearta fiosrúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91(d) go (f), déanfar na páirtithe a éisteacht.

3. Féadfar beart fiosrúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91(b) a ordú sa chás:

   (a) nár chomhlíon an páirtí lena mbaineann beart eagrúcháin nós imeachta a glacadh ina leith sin roimhe sin, nó i gcás ina n-iarrfaidh an páirtí lena mbaineann go sainráite go nglacfaí an beart agus go míníonn an páirtí sin an gá atá le beart den sórt sin a bheith i bhfoirm ordú le haghaidh beart fiosrúcháin;

   (b) nach ndealraítear go bhfuil údar le beart eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh i bhfianaise imthosca an cháis.

Féadfar a fhoráil leis an ordú lena bhforordaítear an beart fiosrúcháin nach bhféadfaidh ionadaithe na bpáirtithe iniúchadh a dhéanamh ar fhaisnéis agus ábhar a gheobhaidh an Chúirt Ghinearálta de thoradh an ordaithe sin ach sa Chlárlann amháin agus nach féidir aon chóipeanna a dhéanamh den fhaisnéis agus ábhar sin.

4. I gcás go bhforordaíonn an Chúirt Ghinearálta réamhfhiosrúchán agus nach ndéanann sí féin é a sheoladh, cuirfidh sí comhall an chúraim ar iontaoibh an Bhreithimh is Rapóirtéir.

5. Glacfaidh an tAbhcóide Ginearálta páirt sna bearta fiosrúcháin.

6. Féadfaidh na páirtithe a bheith i láthair ag na bearta fiosrúcháin.

7. Féadfar fianaise frisnéise a thabhairt agus féadfar cur le fianaise arna tabhairt cheana.

*Airteagal 93*
**Toghairm finnéithe**

1. Cuirfear toghairm ar na finnéithe a mheastar is gá a cheistiú le hordú dá dtagraítear in Airteagal 92(1), ina luafar:

   (a) ainm, tuairisc agus seoladh an fhinné;

   (b) an dáta agus an áit a ndéanfar an fiosrúchán;

   (c) na fíorais a bheidh le suí agus na finnéithe a éistfear maidir le gach ceann de na fíorais.

2. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta toghairm a chur ar fhinnéithe, i gcás inarb iomchuí, tar éis thaisceadh an urrúis dá dtagraítear in Airteagal 100(1).

*Airteagal 94*
**Finnéithe a cheistiú**

1. Tar éis cruthú a fháil ar chéannacht an fhinné, cuirfidh an tUachtarán in iúl dó go mbeidh air fírinne a fhianaise a dheimhniú ar an modh a leagtar síos i mír 5 agus in Airteagal 97.

2. Tabharfaidh an finné a fhianaise don Chúirt Ghinearálta, tar éis fógra a bheith tugtha do na páirtithe teacht i láthair. Nuair a bheidh a chuid fianaise tugtha ag an bhfinné, féadfaidh an tUachtarán, ar iarratas ó cheann de na páirtithe, nó uaidh féin, ceisteanna a chur air.

3. Féadfaidh na Breithiúna eile agus an tAbhcóide Ginearálta a dhéanamh amhlaidh.

4. Faoi réir urlámhas an Uachtaráin, féadfaidh ionadaithe na bpáirtithe ceisteanna a chur ar fhinnéithe.

5. Faoi réir fhorálacha Airteagal 97, tar éis dó a chuid fianaise a thabhairt, glacfaidh an finné an mionn seo a leanas:

   "Mionnaím gurb í an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne amháin atá ráite agam."

6. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tar éis di na príomhpháirtithe a éisteacht, finné a shaoradh ón mionn a ghlacadh.

*Airteagal 95*
**Oibleagáidí finnéithe**

1. Beidh ar fhinnéithe a gcuirtear toghairm go cuí orthu géilleadh don toghairm agus teacht i láthair le haghaidh ceistiú.

2. Má chuirtear toghairm ar fhinné go cuí agus mura láithreoidh sé os comhair na Cúirte Ginearálta, gan cúis dhlisteanach, féadfaidh an Chúirt pionós airgid a ghearradh air nach mó ná EUR 5 000, agus féadfaidh sí a ordú go seirbheálfar toghairm eile air ar a chostas féin.

3. Féadfar an pionós céanna a ghearradh ar fhinné a dhiúltóidh, gan cúis dhlisteanach, fianaise a thabhairt nó an mionn a ghlacadh.

*Airteagal 96*
**Tuarascáil ó shaineolaí**

1. San ordú lena gceapfar an saineolaí, sonrófar a chúram agus leagfar síos teorainn ama chun a thuarascáil a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta.

2. Nuair a bheidh a thuarascáil tugtha ag an saineolaí, agus tar éis dó í a sheirbheáil ar na páirtithe, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a ordú go gceisteofar an saineolaí, tar éis fógra a thabhairt do na páirtithe teacht i láthair. Féadfaidh an tUachtarán, ar iarratas ó pháirtí, nó uaidh féin, ceisteanna a chur ar an saineolaí.

3. Féadfaidh na Breithiúna eile agus an tAbhcóide Ginearálta a dhéanamh amhlaidh.

4. Faoi réir urlámhas an Uachtaráin, féadfaidh ionadaithe na bpáirtithe ceisteanna a chur ar an saineolaí.

5. Faoi réir fhorálacha Airteagal 97, tar éis dó a chuid fianaise a thabhairt, glacfaidh an finné an mionn seo a leanas:

"Mionnaím gur chomhlíon mé go coinsiasach neamhchlaon an cúram a cuireadh orm."

6. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tar éis di na príomhpháirtithe a éisteacht, an saineolaí a shaoradh ón mionn a ghlacadh.

*Airteagal 97*
**Mionn finnéithe agus saineolaithe**

1. Ordóidh an tUachtarán d'aon duine a mbeidh air mionn a ghlacadh os comhair na Cúirte Ginearálta, mar fhinné nó mar shaineolaí, an fhírinne a rá nó a chúram a chomhlíonadh go coinsiasach neamhchlaon, de réir mar a bheidh, agus cuirfidh sé in iúl dó an dliteanas coiriúil dá bhforáiltear ina reachtaíocht náisiúnta má dhéantar aon sárú ar an dualgas sin.

2. Glacfaidh na finnéithe agus na saineolaithe an mionn de réir Airteagail 94(5) agus 96(5) nó san fhoirm a leagtar síos ina reachtaíocht náisiúnta.

*Airteagal 98*
**Mionnú éithigh finnéithe agus saineolaithe**

1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta aon mhionnú éithigh ó fhinné nó ó shaineolaí os comhair na Cúirte Ginearálta a chur in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit dá dtagraítear sna Rialacha lena bhforlíontar Rialacha Nós Imeachta Chúirt Bhreithiúnais a bhfuil dlínse pionóis ag a chúirteanna.

2. Beidh sé de chúram ar an gCláraitheoir cinneadh na Cúirte Ginearálta a chur in iúl. Déanfar na fíorais agus na himthosca ar a mbeidh an tuairisc bunaithe a leagan amach sa chinneadh.

*Airteagal 99*
**Agóid i gcoinne finné nó saineolaí**

1. Má chuireann páirtí i gcoinne finné nó saineolaí ar an bhforas gur duine é atá neamhinniúil nó neamhoiriúnach mar fhinné nó mar shaineolaí nó ar aon chúis eile nó má dhiúltaíonn finné nó saineolaí fianaise a thabhairt nó an mionn a ghlacadh, déanfaidh an Chúirt Ghinearálta an cheist a réiteach.

2. Ní foláir aon agóid i gcoinne finné nó saineolaí a dhéanamh laistigh de dhá sheachtain tar éis sheirbheáil an ordaithe lena gcuirtear toghairm ar an bhfinné nó lena gceaptar an saineolaí, agus na forais atá léi a leagan amach i ráiteas na hagóide agus tagairt don chineál fianaise a thairgtear.

*Airteagal 100*
**Costais na bhfinnéithe agus na saineolaithe**

1. I gcás ina n-ordóidh an Chúirt Ghinearálta ceistiú finné nó tuarascáil ó shaineolaí, féadfaidh sí a iarraidh ar na príomhpháirtithe nó ar cheann díobh urrús a thaisceadh le haghaidh chostais na bhfinnéithe nó chostais thuarascáil an tsaineolaí.

2. Beidh finnéithe agus saineolaithe i dteideal aisíocaíocht a fháil as a gcaiteachas i leith taistil agus cothabhála. Féadfaidh airgeadóir na Cúirte Ginearálta réamhíocaíocht i leith an chaiteachais sin a thabhairt dóibh.

3. Beidh finnéithe i dteideal cúiteamh a fháil as tuilleamh a chailleadh agus beidh saineolaithe i dteideal táillí a fháil as a seirbhísí. Íocfaidh airgeadóir na Cúirte Ginearálta na suimeanna sin leis na finnéithe agus na saineolaithe tar éis a ndualgais nó a gcúraimí a bheith comhlíonta acu.

*Airteagal 101*
**Litreacha rogáide**

1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, ar iarratas ó phríomhpháirtí nó uaithi féin, litreacha rogáide a eisiúint le haghaidh ceistiú finnéithe nó saineolaithe.

2. Déanfar litreacha rogáide a eisiúint i bhfoirm ordú. Luafar sna litreacha rogáide ainm, tuairisc agus seoladh an fhinné nó an tsaineolaí, na fíorais a bhfuil an finné nó an saineolaí le ceistiú ina dtaobh agus ina ndéanfar na páirtithe, a n-ionadaithe a ainmniú mar aon lena seoladh le haghaidh seirbheála agus luafar ann go hachomair ábhar na n-imeachtaí sin.

3. Déanfaidh an Cláraitheoir an t-ordú a sheoladh chuig an údarás inniúil, dá dtagraítear sna Rialacha lena bhforlíontar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, de chuid an Bhallstáit ina ndéanfar an finné nó an saineolaí a éisteacht. Más iomchuí, gabhfaidh leis an ordú aistriúchán go teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit chuig a ndíreofar é.

4. Déanfaidh an t-údarás a ainmneofar de bhun mhír 3 an t-ordú a chur ar aghaidh chuig an údarás breithiúnach a bheidh inniúil de réir a dhlí náisiúnta.

5. Is é an t-údarás inniúil a thabharfaidh éifeacht do na litreacha rogáide de réir a dhlí náisiúnta. Tar éis dó iad a chur i bhfeidhm, déanfaidh an t-údarás breithiúnach inniúil an t-ordú atá sna litreacha rogáide, aon doiciméid arna n-eascairt ón gcur i bhfeidhm mar aon le ráiteas mionsonraithe maidir le costais a tharchur chuig an údarás a ainmneofar de bhun mhír 3. Déanfar na doiciméid sin a sheoladh chuig an gCláraitheoir.

6. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfear aistriúchán ar na litreacha rogáide ar fáil i dteanga an cháis i ngach cás.

7. Íocfaidh an Chúirt Ghinearálta na caiteachais a bhaineann leis na litreacha rogáide, gan dochar don cheart chun iad a mhuirearú, nuair is iomchuí, ar na príomhpháirtithe.

*Airteagal 102*
**Miontuairiscí ar éisteachtaí fiosrúcháin**

1. Ullmhóidh an Cláraitheoir miontuairiscí ar gach éisteacht fiosrúcháin. Síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir na miontuairiscí. Beidh na miontuairiscí ina dtaifead oifigiúil.

2. I gcás ina gceisteofar finnéithe nó saineolaithe, is iad an tUachtarán nó an Breitheamh is Rapóirtéir a bheidh freagrach as ceistiú an fhinné nó an tsaineolaí a stiúradh a shíneoidh na miontuairiscí, chomh maith leis an gCláraitheoir. Sula síneofar na miontuairiscí amhlaidh, ní mór caoi a thabhairt don fhinné nó don saineolaí inneachar na miontuairiscí a fhíorú agus iad a shíniú.

3. Seirbheálfar na miontuairiscí ar na páirtithe.

Cuid 3. Déileáil le faisnéis, le hábhar agus le doiciméid rúnda i gcomhthéacs bearta fiosrúcháin

*Airteagal 103*
**Déileáil le faisnéis agus ábhar rúnda**

1. I gcás ina mbeidh sé de cheangal ar an gCúirt Ghinearálta fiosrúchán a dhéanamh, ar bhonn pointí dlí agus fíricí a mbeidh príomhpháirtí ag brath orthu, ar rúndacht, vis-à-vis an príomhpháirtí eile, faisnéise áirithe nó ábhair a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Ginearálta i ndiaidh bearta fiosrúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91(b) a fhéadfaidh a bheith ábhartha chun go dtabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith i gcás, ní chuirfear an fhaisnéis nó an t-ábhar sin in iúl don pháirtí eile sin agus an fíorú sin ag dul ar aghaidh.

2. I gcás ina gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta sa scrúdú dá bhforáiltear i mír 1 go bhfuil faisnéis nó ábhar áirithe a chuirtear faoina bráid ábhartha d’fhonn breith a thabhairt sa chás agus go bhfuil sé rúnda vis-à-vis an príomhpháirtí eile, déanfaidh an Chúirt Ghinearálta na ceanglais maidir leis an gceart chun cosanta éifeachtaí breithiúnaí a thomhas i gcoinne na rúndachta sin, go háirithe go ndéanfar prionsabal na sáraíochta a urramú.

3. Tar éis di tomhas a dhéanamh i dtaobh na n-ábhar dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh go gcuirfear an fhaisnéis nó ábhar rúnda in iúl don phríomhpháirtí eile, féadfaidh an nochtadh sin a bheith faoi réir, más gá, gealltanais shonracha arna dtabhairt, nó féadfaidh sí a chinneadh gan a leithéid d'fhaisnéis nó d'ábhar a nochtadh, trína sonrú, le hordú réasúnaithe, na nósanna imeachta arna ligean don phríomhpháirtí eile, a oiread is féidir, a chuid barúlacha a chur in iúl, lena n-áirítear ordú a dhéanamh maidir le leagan nó achoimre neamhrúnda den fhaisnéis nó den ábhar a thabhairt ar aird, ina mbeidh an chuid riachtanach de.

4. Ní bheidh feidhm ag an réimse nós imeachta san Airteagal seo maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 105.

*Airteagal 104*

**Doiciméid a bhfuil rochtain diúltaithe ag Institiúid ina leith**

Sa chás, i ndiaidh bearta fiosrúcháin dá dtagraítear in Airteagal 91(c), go gcuirtear doiciméad, a bhfuil rochtain diúltaithe ag Institiúid ina leith, faoi bhráid na Cúirte Ginearálta mar chuid d'imeachtaí a bhaineann le dlíthiúlacht an diúltaithe sin, ní chuirfear an doiciméad sin ar fáil do na páirtithe eile.

Caibidil 7

FAISNÉIS NÓ ÁBHAR A BHAINEANN LE SLÁNDÁIL AN AONTAIS NÓ LE SLÁNDÁIL BALLSTÁIT AMHÁIN DÁ CHUID NÓ NÍOS MÓ NÓ LE RIARADH A gCAIDREAMH IDIRNÁISIUNTA

*Airteagal 105 (M2)*

**Déileáil le faisnéis nó le hábhar a bhaineann le slándáil an Aontais nó le slándáil Ballstáit amháin dá chuid nó níos mó nó le riaradh a gcaidreamh idirnáisiúnta**

1. I gcás, contrártha do phrionsabal na sáraíochta a leagtar amach in Airteagal 64 faoina gcuirfear gach faisnéis agus ábhar in iúl go hiomlán do na páirtithe, go bhfuil sé i gceist ag príomhpháirtí a aighneachtaí a bhunú ar fhaisnéis áirithe nó ar ábhar áirithe ach áitíonn sé go ndéanfaí dochar do shlándáil an Aontais nó do shlándáil Ballstáit amháin dá chuid nó níos mó nó do riaradh a gcaidreamh idirnáisiúnta dá gcuirfí an fhaisnéis nó an t-ábhar sin in iúl, tabharfaidh sé an fhaisnéis nó an t-ábhar sin ar aird trí dhoiciméad ar leith. Beidh iarratas go ndéileálfar go rúnda leis an bhfaisnéis nó leis an ábhar ag gabháil leis an gcéanna a thabharfar ar aird mar sin, ina leagfar amach na cúiseanna sáraitheacha atá mar údar le rúndacht na faisnéise nó an ábhair sin a chaomhnú agus a chuireann i gcoinne na faisnéise nó an ábhair a chur in iúl don

phríomhpháirtí eile. Déanfar an t-iarratas go ndéileálfar go rúnda le faisnéis nó le hábhar a thaisceadh i ndoiciméad ar leith chomh maith agus ní bheidh aon ní rúnda ann. Sa chás inar chuir Ballstát amháin nó níos mó an fhaisnéis nó an t-ábhar atá i gceist chuig an bpríomhpháirtí, féadfar na cúiseanna arna dtabhairt ag an mBallstát nó ag na Ballstáit lena mbaineann sé a chur san áireamh sna cúiseanna sáraitheacha a chuirfidh an príomhpháirtí ar aghaidh le húdar a thabhairt leis an gcur chuige rúnda sin.

2. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a iarraidh go dtabharfar ar aird faisnéis nó ábhar a bhfuil a nádúr rúnda bunaithe ar na cúiseanna sáraitheacha dá dtagraítear i mír 1 trí bhearta fiosrúcháin. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta nóta foirmiúil d’aon diúltú. De mhaolú ar Airteagal 103, beidh córas nós imeachta an Airteagail reatha seo infheidhme maidir le haon fhaisnéis nó ábhar a thabharfar ar aird de thoradh ar bhearta fiosrúcháin.

3. Nuair atá an fhaisnéis nó an t-ábhar a thabharfaidh príomhpháirtí ar aird i gcomhréir le mír 1 nó mír 2 á scrúdú maidir lena gcuid ábharthachta ó thaobh bhreith na Cúirte Ginearálta sa chás agus a nádúr rúnda vis-à-vis an príomhpháirtí eile, ní chuirfear an fhaisnéis nó an t-ábhar sin ar fáil don phríomhpháirtí eile.

4. I gcás ina gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta tar éis an scrúdaithe dá bhforáiltear i mír 3 go bhfuil faisnéis nó ábhar áirithe a chuirtear faoina bráid ábhartha maidir le breith a thabhairt sa chás agus nach bhfuil sé rúnda, chun críocha na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, iarrfaidh an Chúirt Ghinearálta ar an bpáirtí lena mbaineann a údarú go gcuirfear an fhaisnéis nó an t-ábhar in iúl don phríomhpháirtí eile. Má chuireann an chéad pháirtí i gcoinne a leithéid laistigh den teorainn ama socraithe chuige sin ag an Uachtarán, nó má mhainníonn sé freagra a thabhairt laistigh den teorainn ama sin, ní chuirfear an fhaisnéis nó an t-ábhar sin san áireamh i mbreith an cháis agus tabharfar an céanna ar ais don pháirtí sin.

5. I gcás ina gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta tar éis an scrúdaithe dá bhforáiltear i mír 3 go bhfuil faisnéis nó ábhar áirithe a chuirtear faoina bráid ábhartha maidir le breith a thabhairt sa chás agus go bhfuil sé rúnda vis-à-vis an príomhpháirtí eile, ní chuirfidh an Chúirt Ghinearálta an fhaisnéis nó an t-ábhar sin in iúl don phríomhpháirtí sin. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta na ceanglais maidir leis an gceart chun cosanta éifeachtaí breithiúnaí, go háirithe go ndéanfar prionsabal na sáraíochta a urramú, a thomhas i gcoinne na gceanglas a thagann ó shlándáil an Aontais nó ó shlándáil Ballstáit amháin dá chuid nó níos mó nó ó riaradh a gcaidreamh idirnáisiúnta.

6. Tar éis di tomhas a dhéanamh i dtaobh na n-ábhar dá dtagraítear i mír 5, déanfaidh an Chúirt Ghinearálta ordú réasúnaithe lena sonrófar an nós imeachta a ghlacfar leis na ceanglais dá dtagraítear i mír 5 a réiteach, amhail go ndéanfaidh an páirtí lena mbaineann leagan neamhrúnda nó achoimre

neamhrúnda den fhaisnéis nó den ábhar a thabhairt ar aird, chun críche leagan neamhrúnda nó achoimre neamhrúnda den fhaisnéis nó den ábhar a chur ar fáil ina dhiaidh sin don phríomhpháirtí eile, ina mbeidh an t-ábhar riachtanach agus a chuirfear ar chumas an phríomhpháirtí eile, a oiread is féidir, a chuid tuairimí a nochtadh.

7. Féadfaidh an príomhpháirtí a thug faisnéis nó ábhar atá rúnda vis-à-vis an príomhpháirtí eile ar aird i gcomhréir le mír 1 nó mír 2 an fhaisnéis nó an t-ábhar sin a tharraingt siar, go hiomlán nó go páirteach laistigh de dhá sheachtain ó sheirbheáil an chinnidh arna dhéanamh de bhun mhír 5. Ní chuirfear an fhaisnéis nó an t-ábhar a tharraingeofar siar san áireamh i mbreith an cháis agus tabharfar an céanna ar ais don phríomhpháirtí lena mbaineann.

8. Má mheasann an Chúirt Ghinearálta go bhfuil faisnéis nó ábhar nár cuireadh in iúl, de bharr a nádúr rúnda, don phríomhpháirtí eile i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 6 riachtanach d'fhonn breith a thabhairt sa chás, féadfaidh sí, de mhaolú ar Airteagal 64 agus í féin á teorannú don mhéid atá fíor-riachtanach, a breithiúnas a bhunú ar a leithéid d'fhaisnéis nó d'ábhar. Agus tomhas á dhéanamh ar an bhfaisnéis nó an ábhar sin ag an gCúirt Ghinearálta, cuirfidh sí san áireamh nach raibh príomhpháirtí in ann a thuairimí a nochtadh orthu.

9. Féachfaidh an Chúirt Ghinearálta chuige nach ndéanfar na nithe rúnda san fhaisnéis nó san ábhar a chuirfidh príomhpháirtí ar fáil i gcomhréir le mír 1 nó 2 nár cuireadh in iúl don phríomhpháirtí eile a nochtadh san ordú a dhéanfar de réir mhír 6 nó sa bhreith lena gcuirfear clabhsúr leis na himeachtaí.

10. Tabharfar an fhaisnéis nó an t-ábhar dá dtagraítear i mír 5, nár tharraing an príomhpháirtí a chuir é ar fáil siar de réir mhír 7, ar ais don pháirtí lena mbaineann chomh luath agus a rachaidh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 56 den Reacht in éag, ach amháin, laistigh den tréimhse sin, má dhéantar achomharc in aghaidh chinneadh na Cúirte Ginearálta. Sa chás go ndéanfar a leithéid d'achomharc, cuirfear an fhaisnéis nó an t-ábhar thuasluaite ar fáil don Chúirt Bhreithiúnais de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa chinneadh dá dtagraítear i mír 11.

11. Glacfaidh an Chúirt Ghinearálta, trí chinneadh, na rialacha slándála chun an fhaisnéis nó na hábhair dá dtagraítear i mír 1 nó 2 a chosaint, de réir mar a bheidh. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Caibidil 8
AN CHUID Ó BHÉAL DEN NÓS IMEACHTA

*Airteagal 106*
**An chuid ó bhéal den nós imeachta**

1. Beidh cuid ó bhéal mar chuid den nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta, le héisteacht a eagróidh an Chúirt Ghinearálta uaithi féin nó ar iarratas ó phríomhpháirtí.

2. Luafar na cúiseanna ar mian le príomhpháirtí éisteacht a fháil, in iarratas ar bith ó phríomhpháirtí ar éisteacht. Déanfar aon iarratas réasúnaithe ar éisteacht ó bhéal a thíolacadh laistigh de thréimhse trí seachtaine ón am a thabharfar fógra faoi chlabhsúr an nós imeachta i scríbhinn do na páirtithe. Féadfaidh an tUachtarán an teorainn ama sin a fhadú.

3. Mura bhfuil a leithéid d'iarratas dá dtagraítear i mír 2 agus má mheasann sí go bhfuil faisnéis leordhóthanach ar fáil di san ábhar sa chomhad, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh an nós imeachta ó bhéal a ligean thar ceal. Sa chás sin, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta cinneadh a dhéanamh ag tráth níos déanaí go dtosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta.

*Airteagal 106a (M6)*
**Comhéisteacht**

Má cheadaíonn na cosúlachtaí idir dhá chás nó níos mó a leithéid, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh comhéisteacht a eagrú do na cásanna sin

*Airteagal 107*
**Dáta na héisteachta**

1. Má dhéanann an Chúirt Ghinearálta cinneadh an chuid ó bhéal den nós imeachta a oscailt, socróidh an tUachtarán dáta na héisteachta.

2. Féadfaidh an tUachtarán, in imthosca eisceachtúla, uaidh féin nó ar iarratas réasúnaithe ó phríomhpháirtí, an éisteacht a chur ar athlá go dáta eile.

*Airteagal 107a (M6) (M7)*
**Rannpháirtíocht in éisteacht trí fhíschomhdháil**

1. I gcás ina gcuireann cúiseanna sláinte, slándála nó cúiseanna tromchúiseacha eile bac ar ionadaí ar pháirtí páirt a ghlacadh in éisteacht i bpearsa, féadfar cead a thabhairt don ionadaí sin freastal ar an éisteacht sin trí fhíschomhdháil.

2. Déanfar iarratas chun freastal ar an éisteacht trí fhíschomhdháil a thíolacadh i ndoiciméad ar leith, a luaithe atá cúis an bhaic ar eolas agus léireofar go cruinn ann cineál an bhaic sin.

3. Déanfaidh an tUachtarán cinneadh maidir leis an iarratas sin a luaithe is féidir.

4. Ní cheadófar físchomhdháil a úsáid i gcás go dtugann an Chúirt Ghinearálta breith i seomra iata de bhun Airteagal 109.

5. Sonrófar na coinníollacha teicniúla atá le comhlíonadh chun freastal ar éisteachtaí trí fhíschomhdháil sna rialacha cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 243.

*Airteagal 108*

**Neamhláithreacht na bpáirtithe ón éisteacht**

1. I gcás go gcuireann páirtí in iúl don Chúirt Ghinearálta nach mbeidh sé i láthair ag an éisteacht, nó i gcás go gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta ag éisteacht go bhfuil páirtí, ar a tugadh foláireamh chun láithriú, as láthair gan leithscéal, leanfaidh an éisteacht ar aghaidh gan an páirtí lena mbaineann.

2. I gcás go gcuireann na príomhpháirtithe in iúl don Chúirt Ghinearálta nach mbeidh siad i láthair ag an éisteacht, déanfaidh an tUachtarán cinneadh i dtaobh clabhsúr a chur leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta.

*Airteagal 109*

**Cásanna a éisteacht i seomra iata**

1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh, tar éis di na páirtithe a éisteacht, cás a éisteacht i seomra iata, i gcomhréir le hAirteagal 31 den Reacht.

2. Ní mór cúiseanna a áireamh san iarratas ó pháirtí go n-éistfear cás i seomra iata agus ní mór a shonrú an mbaineann an t-iarratas leis an éisteacht ar fad nó cuid di.

3. Ní fhoilseofar na himeachtaí ó bhéal i gcásanna a éistfear i seomra iata.

*Airteagal 110 (M3)*

**Éisteacht a stiúradh**

1. Cuirfidh an tUachtarán tús leis na himeachtaí ó bhéal agus déanfaidh sé stiúradh orthu agus beidh sé freagrach as an éisteacht a sheoladh mar is cuí.

2. Ní fhéadfaidh na páirtithe an Chúirt Ghinearálta a aitheasc ach amháin trína n-ionadaithe.

3. Féadfaidh na Breithiúna san fhoirmíocht agus an tAbhcóide Ginearálta ceisteanna a chur ar ionadaí na bpáirtithe i gcúrsa na héisteachta.

4. I gcásanna a thionscnófar de bhun Airteagal 270 CFAE, féadfaidh na Breithiúna san fhoirmíocht agus an tAbhcóide Ginearálta, le linn na héisteachta, cuireadh a thabhairt do na páirtithe féin a dtuairimí a chur in iúl ar ghnéithe áirithe den díospóid.

*Airteagal 110a (M7)*

**Éisteachtaí a chraoladh**

1. Féadfar éisteachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a chraoladh. Craoladh beo a bheidh ann sa chás go mbaineann sé le fógairt breithiúnas nó Tuairimí, agus craoladh moillithe a bheidh ann sa chás go mbaineann sé le pléadálacha ó bhéal na bpáirtithe i gcás a sannadh ar an Mór-Dhlísheomra, ar an Dlísheomra de mhéid idirmheánach nó, i gcás ina bhfuil údar leis sin mar gheall ar thábhacht an cháis, dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna ina suí, nó, go heisceachtúil, dlísheomra ina bhfuil triúr Breithiúna ina suí.

2. Sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an gCúirt Ghinearálta éisteacht a chraoladh, cuirfidh an Chlárlann an méid sin in iúl do na páirtithe, agus fógra á thabhairt dóibh chun freastal ar an éisteacht sin.

3. Má mheasann páirtí nár chóir an éisteacht dár tugadh fógra dó chun freastal air a chraoladh, cuirfidh sé sin in iúl don Chúirt Ghinearálta a luaithe is féidir, agus na himthosca lena dtugtar údar gan an éisteacht a chraoladh á leagan amach go mionsonraithe.

4. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith ar an iarratas sin a luaithe is féidir.

5. Beidh fístaifead de na héisteachtaí a craoladh ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar feadh tréimhse nach faide ná aon mhí amháin i ndiaidh chlabhsúr na héisteachta.

6. Má mheasann páirtí gur cheart fístaifead d’éisteacht ina raibh sé páirteach a bhaint den suíomh gréasáin thuasluaite, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Chúirt Ghinearálta chomh luath agus is féidir agus na himthosca lena dtugtar údar dó a bhaint á leagan amach.

7. Déanfaidh an tUachtarán cinneadh faoin iarraidh sin láithreach.

8. Cinnfidh an Chúirt Ghinearálta, trí chinneadh, na rialacha agus na socruithe maidir le craoladh na n-éisteachtaí a chur chun feidhme. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 111*

**Deireadh leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta**

I gcás nach mbeidh Abhcóide Ginearálta ainmnithe, dearbhóidh an tUachtarán go bhfuil clabhsúr curtha leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta ó bhéal ag deireadh na héisteachta.

*Airteagal 112 (M7)*

**Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a thabhairt**

1. Sa chás go mbeidh Abhcóide Ginearálta ainmnithe i gcás agus go mbeidh éisteacht ann, tabharfar Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i ndiaidh chlabhsúr na héisteachta, ar dháta a fhógróidh an tAbhcóide Ginearálta.

2. Sa chás nach mbeidh éisteacht ann, tabharfar Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ar dháta a fhógróidh an tAbhcóide Ginearálta.

3. Sa chás go dtabharfaidh an tAbhcóide Ginearálta a Thuairim i scríbhinn, déanfaidh sé í a thaisceadh sa Chlárlann, a dhéanfaidh an Tuairim a chur in iúl do na páirtithe.

4. Le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a thabhairt, cuirfear clabhsúr leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta.

*Airteagal 113 (M7)*

**An chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú**

1. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta an chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 23(3) nó in Airteagal 24(3).

2. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta an nós imeachta ó bhéal a atosú:

   (a) má mheasann sí nach bhfuil a dóthain faisnéise os a comhair;

   (b) i gcás go mbeidh an cás le cinneadh ar bhonn argóint nár pléadh idir na páirtithe;

(c) i gcás go n-iarrfaidh príomhpháirtí an méid sin ar bhonn fíricí de chineál a mbeidh tionchar cinntitheach acu ar chinneadh na Cúirte Ginearálta ach nach raibh siad in ann a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta sular dúnadh an chuid ó bhéal den nós imeachta.

*Airteagal 114*

**Miontuairiscí na héisteachta**

1. Ullmhóidh an Cláraitheoir miontuairiscí ar gach éisteacht. Síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir na miontuairiscí. Beidh na miontuairiscí ina dtaifead oifigiúil.

2. Seirbheálfar na miontuairiscí ar na páirtithe.

*Airteagal 115*

**An éisteacht a thaifeadadh**

Féadfaidh an tUachtarán, ar iarratas cuí-réasúnaithe, a údarú do pháirtí sa chás a bhí páirteach sa chuid i scríbhinn nó ó bhéal de na himeachtaí, éisteacht le fuaimrian na héisteachta, in áitreabh na Cúirte Ginearálta, sa teanga a d'úsáid na cainteoirí le linn na héisteachta sin.

Caibidil 9

BREITHIÚNAIS AGUS ORDUITHE

*Airteagal 116*

**Dáta fógartha breithiúnais**

Cuirfear dáta fógartha an bhreithiúnais in iúl do na páirtithe.

*Airteagal 117*

**Inneachar breithiúnais**

Tabharfar i mbreithiúnas:

(a) ráiteas gurb é breithiúnas na Cúirte Ginearálta é;

(b) faisnéis maidir le foirmíocht na Cúirte Ginearálta;

(c) an dáta fógartha;

(d) ainm an Uachtaráin agus ainmneacha na mBreithiúna a ghlac páirt sna pléití, agus faisnéis maidir le hainm an Bhreithimh is Rapóirtéir;

(e) ainm an Abhcóide Ghinearálta, má ainmnítear Abhcóide Ginearálta;

(f) ainm an Chláraitheora;

(g) tuairisc ar na páirtithe;

(h) ainmneacha ionadaithe na bpáirtithe;

(i) an t-ordú atá á lorg ag na páirtithe;

(j) dáta na héisteachta, más infheidhme;

(k) ráiteas, más iomchuí, gur éisteadh an tAbhcóide Ginearálta agus, más infheidhme, dáta a thuairime;

(l) achoimre ar na fíorais;

(m) forais na breithe;

(n) an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas, an bhreith maidir le costais san áireamh.

*Airteagal 118*
**Breithiúnas a fhógairt agus a sheirbheáil**

1. Fógrófar an breithiúnas i gcúirt oscailte.

2. Déanfar leagan bunaidh an bhreithiúnais, arna shíniú ag an Uachtarán, ag na Breithiúna a ghlac páirt sna pléití agus ag an gCláraitheoir, a shéalú agus a thaisceadh sa Chlárlann. Déanfar cóip den bhreithiúnas a sheirbheáil ar na páirtithe.

*Airteagal 119*
**Inneachar ordaithe**

Tabharfar i ngach ordú a bhféadfar achomharc a dhéanamh ina leith de réir Airteagail 56 nó 57 den Reacht:

(a) ráiteas gurb é ordú na Cúirte Ginearálta, ordú an Uachtaráin nó ordú an Bhreithimh ag éisteacht iarratas ar bhearta idirlinne, de réir mar a bheidh;

(b) más infheidhme, faisnéis maidir le foirmíocht na Cúirte Ginearálta;

(c) an dáta ar glacadh é;

(d) faisnéis maidir le bunús dlí an ordaithe;

(e) ainm an Uachtaráin agus, más infheidhme, ainmneacha na mBreithiúna a ghlac páirt sna pléití, agus faisnéis maidir le hainm an Bhreithimh is Rapóirtéir,

(f) ainm an Abhcóide Ghinearálta, má ainmnítear Abhcóide Ginearálta;

(g) ainm an Chláraitheora;

(h) tuairisc ar na páirtithe;

(i) ainmneacha ionadaithe na bpáirtithe;

(j) an t-ordú atá á lorg ag na páirtithe;

(k) ráiteas, más iomchuí, gur éisteadh an tAbhcóide Ginearálta;

(l) achoimre ar na fíorais;

(m) forais na breithe;

(n) an chuid oibríochtúil den ordú agus, más iomchuí, an bhreith maidir le costais san áireamh.

*Airteagal 120 (M3)*

**Ordú a shíniú agus a sheirbheáil**

Déanfar leagan bunaidh an ordaithe, a shíneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir, a shéalú agus a thaisceadh sa Chlárlann. Déanfar cóip den ordú a sheirbheáil ar na páirtithe, agus, más gá, ar an gCúirt Bhreithiúnais.

*Airteagal 121*

**Éifeacht cheangailteach breithiúnas agus orduithe**

1. Beidh breithiúnas ina cheangal ó dháta a fhógartha, faoi réir fhorálacha Airteagal 60 den Reacht.

2. Beidh ordú ina cheangal ó dháta a sheirbheála, faoi réir fhorálacha Airteagal 60 den Reacht.

*Airteagal 122*
**Foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh***

Foilseofar fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina mbeidh dáta agus an chuid oibríochtúil de bhreithiúnas nó d'ordú na Cúirte Ginearálta lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí ach amháin i gcás cinntí arna nglacadh sula seirbheálfar an t-iarratas ar an gcosantóir.

Caibidil 10
BREITHIÚNAIS MHAINNEACHTANA

*Airteagal 123*
**Breithiúnais mhainneachtana**

1. I gcás go gcinneann an Chúirt Ghinearálta gur mhainnigh cosantóir ar a ndearnadh iarratas tionscanta imeachtaí a sheirbheáil go cuí cosaint a thaisceadh san fhoirm iomchuí laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear in Airteagal 81 agus gan dochar don dara mír d'Airteagal 45 den Reacht, féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de theorainn ama a shocróidh an tUachtarán, breithiúnas mainneachtana a iarraidh ón gCúirt Ghinearálta.

2. Ní dhéanfaidh cosantóir ar mainneachtain idiragairt sa nós imeachta mainneachtana agus, cé is moite den chinneadh lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí, ní sheirbheálfar aon doiciméad nós imeachta air.

3. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breithiúnas i bhfabhar an iarratasóra sa bhreithiúnas mainneachtana, mura léir nach bhfuil dlínse ag an gCúirt Ghinearálta an chaingean a éisteacht agus breith a thabhairt ina taobh nó mura léir go bhfuil an chaingean do-ghlactha nó mura léir nach bhfuil aon bhunús dlí léi.

4. Beidh an breithiúnas mainneachtana in-fhorghníomhaithe. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, áfach, bac ar a fhorghníomhú a dheonú go dtí go mbeidh breith tugtha aici ar aon iarratas faoi Airteagal 166 chun an breithiúnas a chur ar ceal, nó féadfaidh sí an forghníomhú a chur faoi réir an choinníll go dtabharfar urrús de mhéid agus de chineál a shocrófar de réir na n-imthosca. Scaoilfear an t-urrús sin mura ndéanfar aon iarratas den sórt sin nó má dhiúltaítear don iarratas.

Caibidil 11
RÉITEACH CAIRDIÚIL AGUS SCOR D'IMEACHTAÍ

*Airteagal 124 (M3)*
**Réiteach cairdiúil**

1. Más rud é, sula dtabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith, go n-éireoidh leis na príomhpháirtithe a ndíospóid a réiteach agus go gcuirfidh siad i bhfios don Chúirt Ghinearálta a n-éilimh a bheith tréigthe acu, ordóidh an tUachtarán an cás a bhaint ón gclár agus tabharfaidh sé breith i dtaobh costas de réir Airteagail 136 agus 138, ag féachaint d'aon tograí a bheidh déanta ar an ábhar ag na páirtithe.

2. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil sin maidir le himeachtaí faoi Airteagail 263 CFAE agus 265 CFAE.

*Airteagal 125*
**Scor d'imeachtaí**

Má chuireann an t-iarratasóir i bhfios don Chúirt Ghinearálta i scríbhinn nó ag an éisteacht gur mian leis scor de na himeachtaí, ordóidh an tUachtarán an cás a bhaint ón gclár agus tabharfaidh sé breith i dtaobh costas de réir Airteagail 136 agus 138.

Caibidil 11a *(M3)*
NÓS IMEACHTA MAIDIR LE COMHAONTÚ CAIRDIÚIL ARNA THIONSCNAMH AG AN gCÚIRT GHINEARÁLTA i gCÁSANNA DE BHUN AIRTEAGAL 270 CFAE

*Airteagal 125a (M3)*
**Nós Imeachta**

1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, scrúdú a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfaí an díospóid idir na príomhpháirtithe a réiteach, go hiomlán nó go páirteach, go cairdiúil.

2. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta an Breitheamh is Rapóirtéir a theagasc, le cúnamh ón gCláraitheoir, réiteach cairdiúil a lorg.

3. Féadfaidh an Breitheamh is Rapóirtéir réiteach amháin nó réitigh a mholadh lena bhféadfar deireadh a chur leis an díospóid, bearta iomchuí a ghlacadh ar mhaithe le réiteach cairdiúil na díospóide a éascú agus na bearta arna nglacadh aige chuige sin a chur i bhfeidhm. Féadfaidh an Breitheamh is Rapóirtéir, i measc nithe eile:

(a) a iarraidh ar na príomhpháirtithe faisnéis nó sonraí a sholáthar;

(b) a iarraidh ar na príomhpháirtithe doiciméid a thabhairt ar aird;

(c) cuireadh a thabhairt freastal ar chruinnithe d'ionadaithe na bpríomhpháirtithe, do na príomhpháirtithe iad féin nó d'aon oifigeach nó d'aon seirbhíseach eile de chuid na hinstitiúide a bheidh cumhachtaithe chun comhaontú a chaibidliú;

(d) le linn na gcruinnithe dá dtagraítear i bpointe (c), teagmháil a dhéanamh leis na príomhpháirtithe leo féin, má thoilíonn siad leis sin.

4. Beidh feidhm ag míreanna 1 go 3 maidir le himeachtaí ar bhearta idirlinne freisin.

*Airteagal 125b (M3)*

**Éifeacht chomhaontú na bpríomhpháirtithe**

1. I gcás ina dtiocfaidh na príomhpháirtithe ar chomhaontú os comhair an Bhreithimh is Rapóirtéir maidir leis an réiteach chun deireadh a chur leis an díospóid, féadfaidh na príomhpháirtithe iarratas a dhéanamh go ndéanfar taifead ar théarmaí an chomhaontaithe sin i ndoiciméad a shíneoidh an Breitheamh is Rapóirtéir agus an Cláraitheoir. Déanfar an doiciméad sin a sheirbheáil ar na príomhpháirtithe agus beidh sé ina thaifead oifigiúil.

2. Déanfar an cás a bhaint ón gclár le hordú réasúnaithe ón Uachtarán. Ar iarratas ó phríomhpháirtí agus le toil an phríomhpháirtí eile, féadfaidh an tUachtarán téarmaí an chomhaontaithe a leagan amach san ordú lena mbainfear an cás ón gclár.

3. Tabharfaidh an tUachtarán breith i dtaobh costas de réir an chomhaontaithe nó, dá éagmais sin, dá rogha féin. Más iomchuí, tabharfaidh sé breith i dtaobh costais idiragraí de réir Airteagal 138.

*Airteagal 125c (M3)*

**Clár agus comhad ar leith**

1. Cuirfear ábhar a thabharfar ar aird i gcomhthéacs an nós imeachta comhaontaithe chairdiúil dá dtagraítear in Airteagal 125a:

– i gclár ar leith nach bhfuil faoi réir na rialacha dá bhforáiltear in Airteagail 36 agus 37;

– i gcomhad ar leith ó chomhad an cháis.

2. Cuirfear ábhar a thabharfar ar aird i gcomhthéacs an nós imeachta comhaontaithe chairdiúil dá dtagraítear in Airteagal 125a in iúl do na príomhpháirtithe, cé is moite d'ábhar a chuir ceachtar dóibh ar fáil don Bhreitheamh is Rapóirtéir mar chuid de na cruinnithe aonair dá bhforáiltear in Airteagal 125a(3)(d).

3. Beidh rochtain ag na príomhpháirtithe ar an ábhar sa chomhad ar leith ó chomhad an cháis dá dtagraítear i mír 1, cé is moite d'ábhar a chuir ceachtar dóibh in iúl don Bhreitheamh is Rapóirtéir mar chuid de na cruinnithe aonair dá bhforáiltear in Airteagal 125a(3)(d).
4. Ní bheidh rochtain ag idiragraí ar an ábhar sa chomhad ar leith ó chomhad an cháis dá dtagraítear i mír 1.

5. Féadfaidh na páirtithe an clár ar leith dá dtagraítear i mír 1 a scrúdú ag an gClárlann.

*Airteagal 125d (M3)*

**Comhaontú cairdiúil agus imeachtaí breithiúnacha**

Ní bhainfidh an Chúirt Ghinearálta ná na príomhpháirtithe úsáid as tuairim a chuirtear in iúl, moladh a dhéantar, moladh a chuirtear chun cinn, géilleadh a dhéantar nó doiciméad a ullmhaítear chun críoch réiteach cairdiúil mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha.

Caibidil 12

CAINGNE AGUS SAINCHEISTEANNA A DHÉANFAR A CHINNEADH LE hORDÚ

*Airteagal 126*

**Caingean is cinnte go follasach go dteipfidh uirthi**

I gcás inar léir nach bhfuil aon dlínse ag an gCúirt Ghinearálta caingean a thriail nó go bhfuil an chaingean do-ghlactha go follasach nó gur léir nach bhfuil aon bhunús sa dlí ag an gcaingean, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir, trí ordú réasúnaithe, tráth ar bith gan aon chéim eile a thabhairt sna himeachtaí, breith a thabhairt ar an gcaingean.

*Airteagal 127 (M3)*
**Caingean a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais**

Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir an cinneadh caingean a tharchur sna himthosca a shonraítear sa dara mír d'Airteagal 54 den Reacht trí ordú réasúnaithe.

*Airteagal 128*
**Dlínse a dhiúltú**

Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir an cinneadh dlínse a dhiúltú sna himthosca a shonraítear sa tríú mír d'Airteagal 54 den Reacht trí ordú réasúnaithe.

*Airteagal 129*
**Urchosc iomlán ar leanúint le cás**

Ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di na príomhpháirtithe a éisteacht, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta uaithi féin tráth ar bith, a chinneadh trí ordú réasúnaithe an bhfuil aon urchosc iomlán ann ar leanúint le cás.

*Airteagal 130 (M3) (M7)*
**Réamhagóidí agus ceisteanna**

1. Má iarrann cosantóir ar an gCúirt Ghinearálta breith a thabhairt ar dho-ghlacthacht nó easpa dlínse, nach mbeidh feidhmiúil ar shubstaint an cháis, déanfaidh sé an t-iarratas sin le doiciméad ar leith laistigh den teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 81.

2. Déanfaidh páirtí a iarrfaidh ar an gCúirt Ghinearálta dearbhú a dhéanamh nach bhfuil cuspóir a thuilleadh leis an gcaingean agus nach bhfuil gá le breith a thabhairt sa chaingean a thuilleadh nó le breith a thabhairt ar réamh-shaincheist eile an t-iarratas le doiciméad ar leith.

3. Ní mór a chur in iúl sna hiarratais a luaitear i míreanna 1 agus 2 cad iad na saincheisteanna dlí agus na hargóintí ar a bhfuil an t-iarratasóir ag brath agus cén t-ordú a bheidh á lorg ag an iarratasóir; ní foláir aon ítimí tacaíochta agus doiciméid tacaíochta a bheith i gceangal leis.

4. A luaithe a bheidh an t-iarratas a luaitear i mír 1 tíolactha, forordóidh an tUachtarán teorainn ama ina bhféadfaidh an t-iarratasóir sa chaingean doiciméad i scríbhinn a thaisceadh ina mbeidh saincheisteanna dlí agus an t-ordú a bheidh á lorg ag an bpáirtí sin.

5. A luaithe a bheidh an t-iarratas a luaitear i mír 2 tíolactha, forordóidh an tUachtarán teorainn ama ina bhféadfaidh na páirtithe eile a mbarúlacha i scríbhinn ar an iarratas sin a thaisceadh.

6. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh an chuid ó bhéal den nós imeachta a oscailt maidir leis na hiarratais a luaitear i mír 1 agus mír 2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 106.

7. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta a breith ar an iarratas trí ordú a luaithe agus is féidir, nó in imthosca cuí, forchoimeádfaidh sí scrúdú an iarratais, trí chinneadh, don bhreith ar an tsubstaint. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta an cás a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais má tá an cás faoi dhlínse na Cúirte sin.

8. Má dhiúltaíonn an Chúirt Ghinearálta don iarratas nó má fhorchoimeádann sí a breith, forordóidh an tUachtarán teorainneacha ama nua do na céimeanna eile sna himeachtaí.

*Airteagal 131*

**Cásanna nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais as stuaim na Cúirte Ginearálta féin**

1. Má dhearbhaíonn an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil cuspóir a thuilleadh leis an gcaingean agus nach gá breith a thabhairt ar an ábhar a thuilleadh, féadfaidh sí a chinneadh, uaithi féin tráth ar bith, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di na páirtithe a éisteacht, rialú trí ordú réasúnaithe.

2. Má stopann an t-iarratasóir ag freagairt iarrataí na Cúirte Ginearálta, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di na páirtithe a éisteacht, a dhearbhú, uaithi féin, trí ordú réasúnaithe, nach gá breith a thabhairt ar an ábhar a thuilleadh.

*Airteagal 132*

**Caingne a bhfuil bunús leo go follasach**

I gcás go mbeidh cinneadh déanta ag an gCúirt Bhreithiúnais nó ag an gCúirt Ghinearálta cheana i leith pointe nó pointí dlí atá comhionann le ceisteanna dlí arna n-ardú i saincheisteanna dlí na caingne agus go ndeimhníonn an Chúirt Ghinearálta na fíricí sa chás, féadfaidh sí, tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di na páirtithe a éisteacht, a chinneadh, trí ordú réasúnaithe ina ndéanfar tagairt don chásdlí ábhartha go ndearbhófar go bhfuil bunús follasach leis an gcaingean.

Caibidil 13
TÁILLÍ AGUS COSTAIS

*Airteagal 133*
**Breith maidir le costais**

Tabharfar breith i dtaobh costas sa bhreithiúnas nó in ordú clabhsúir na n-imeachtaí.

*Airteagal 134*
**Rialacha ginearálta ar leithroinnt na gcostas**

1. Ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

2. I gcás níos mó ná páirtí caillteach amháin a bheith ann, tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith ar an dóigh ina mbeidh na costais le roinnt.

3. I gcás go n-éireoidh le gach páirtí i roinnt de na pointí agus go dteipfidh orthu i roinnt eile, íocfaidh gach páirtí a chostais féin. Más dealraitheach údar maith a bheith leis de réir imthosca an cháis, áfach, féadfaidh an Chúirt a ordú go n-íocfaidh páirtí amháin, chomh maith lena chostais féin, sciar de chostais an pháirtí eile.

*Airteagal 135 (M3)*
**Cothromas agus costais mhíréasúnta nó chráiteacha**

1. Má éilíonn an cothromas é, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh nach n-íocfaidh páirtí caillteach ach sciar de chostais an pháirtí eile, chomh maith lena chostais féin, nó nach n-íocfaidh sé aon chuid díobh féin.

2. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a ordú do pháirtí, fiú má éiríonn leis sa chaingean, na costais a íoc go páirteach nó go hiomlán, más dealraitheach go bhfuil údar leis sin ag féachaint d’iompar an pháirtí sin, a iompar roimh thionscnamh na n-imeachtaí san áireamh, go háirithe más rud é gur tharraing an páirtí sin costais ar an bpáirtí eile ar dóigh leis an gCúirt Ghinearálta gur costais mhíréasúnta nó chráiteacha iad.

*Airteagal 136*
**Costais i gcás scor d'imeachtaí**

1. Má scoireann páirtí d'imeachtaí, ordófar dó na costais a íoc má iarrtar sin i mbarúlacha an pháirtí eile maidir leis an scor.

2. Ar iarratas ón bpáirtí a scoireann d'imeachtaí, áfach, beidh ar an bpáirtí eile na costais a íoc más dealraitheach go dtugann iompar an pháirtí sin cúis leormhaith chuige sin.

3. I gcás go bhfuil na páirtithe tagtha ar chomhaontú i dtaobh costas, beidh an bhreith i dtaobh costas de réir an chomhaontaithe sin.

4. Mura n-iarrfar costais, íocfaidh na páirtithe a gcostais féin.

*Airteagal 137*
**Costais i gcás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais**

Mura rachaidh cás ar aghaidh chun breithiúnais, beidh na costais faoi rogha na Cúirte Ginearálta.

*Airteagal 138*
**Costais idiragraí**

1. Beidh ar Bhallstáit agus institiúidí a bhfuil idiragairt sna himeachtaí déanta acu a gcostais féin a íoc.

2. Beidh ar na Stáit, seachas na Ballstáit, is páirtithe i gComhaontú LEE agus in Údarás Faireacháin CSTE chomh maith, a gcostais féin a íoc má dhéanann na Stáit sin idiragairt sna himeachtaí.

3. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a ordú go n-íocfaidh idiragraí, seachas iad siúd dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, a chostais féin.

*Airteagal 139 (M6) (M7)*
**Táillí imeachtaí**

Beidh na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta saor ó tháille, ach amháin:

(a) má tharraingíonn páirtí costais inseachanta ar an gCúirt Ghinearálta, go háirithe nuair is léir gur mí-úsáid próise atá i gceist, féadfaidh sí a ordú don pháirtí sin iad a aisíoc;

(b) i gcás teipeanna leantacha chun cloí le ceanglais na Rialacha seo nó ceanglais na rialacha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 243, teipeanna ar gá réitigh a iarraidh ina leith, iarrfaidh an Cláraitheoir aisíocaíocht na gcostas a bhaineann le haon láimhseáil a éilíonn an Chúirt Ghinearálta ar an bpáirtí lena mbaineann, de réir scála táillí na Clárlainne a leagtar síos sna rialacha cur chun feidhme sin.

*Airteagal 140*
**Costais inghnóthaithe**

Gan dochar d'Airteagal 139, measfar gur costais inghnóthaithe iad seo a leanas:

(a) suimeanna is iníoctha le finnéithe agus le saineolaithe faoi Airteagal 100;

(b) costais riachtanacha arna dtabhú ag na páirtithe ar chostais iad atá riachtanach chun críocha na n-imeachtaí, go háirithe costais taistil agus chothabhála agus luach saothair do ghníomhairí, do chomhairleoirí nó do dhlíodóirí.

*Airteagal 141*
**Modhanna íocaíochta**

1. Déanfar na suimeanna a bheidh dlite ó airgeadóir na Cúirte Ginearálta agus óna fhéichiúnaithe a íoc in euro.

2. Má dhéantar costais a bheidh le haisíoc a thabhú in airgeadra seachas an euro nó gur i dtír nach é an euro a hairgeadra a rinneadh na bearta a ndlitear íocaíocht ina leith, déanfar an t-airgeadra a chomhshó de réir rátaí malairte tagartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh lá na híocaíochta.

Caibidil 14
IDIRAGAIRT

*Airteagal 142*
**Cuspóir agus éifeachtaí na hidiragartha**

1. Beidh idiragairt teoranta do thacaíocht a thabhairt, go hiomlán nó go páirteach, don ordú a bheidh á lorg ag ceann de na príomhpháirtithe. Ní dheonófar leis an idiragairt na cearta nós imeachta céanna a dheonófar ar na príomhpháirtithe, go háirithe an ceart maidir le héisteacht a iarraidh.

2. Beidh idiragairt tánaisteach do na príomhimeachtaí. Beidh sé in éagmais aon chuspóir má bhaintear an cás ó chlár na Cúirte Ginearálta de bharr go scoirfidh

príomhpháirtí de na himeachtaí nó de bharr comhaontú idir na príomhpháirtithe nó i gcás go ndeimhnítear go bhfuil an t-iarratas do-ghlactha.

3. Ní mór don idiragraí glacadh leis an gcás sa riocht ina bhfaighidh sé é tráth a idiragartha.

*Airteagal 143 (M3) (M5)*

**Iarratas ar idiragairt**

1. Ní foláir iarratas ar idiragairt a thíolacadh laistigh de shé seachtaine ó fhoilsiú an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 79.

2. Tabharfar san iarratas ar idiragairt:

   (a) tuairisc ar an gcás;

   (b) tuairisc ar na príomhpháirtithe;

   (c) ainm agus seoladh an iarratasóra ar idiragairt;

   (d) sonraí i leith stádas agus sheoladh ionadaí an iarratasóra ar idiragairt;

   (e) an t-ordú atá á lorg lena bhfuil an t-iarratasóir ar idiragairt ag iarraidh cead idiragairt a dhéanamh chun tacú leis;

   (f) ráiteas na n-imthosca is bun leis an gceart chun idiragairt a dhéanamh i gcás ina ndéantar an t-iarratas a thíolacadh de bhun an dara mír nó de bhun an tríú mír d’Airteagal 40 den Reacht.

3. Déanfar ionadaíocht ar an iarratasóir ar idiragairt i gcomhréir le hAirteagal 19 den Reacht.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 78(4) go (6) agus Airteagal 139 maidir le hiarratais ar idiragairt.

*Airteagal 144 (M6)*

**Cinneadh maidir le hiarratas ar idiragairt**

1. Déanfar an t-iarratas ar idiragairt a sheirbheáil ar na príomhpháirtithe.

2. Tabharfaidh an tUachtarán caoi do na príomhpháirtithe a mbarúlacha i scríbhinn nó ó bhéal maidir leis an iarratas ar idiragairt a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta agus le hiarratas a dhéanamh, más gá, nach gcuirfear faisnéis rúnda atá i gcomhad an cháis in iúl d’idiragraí.

3. Nuair a dhéanann cosantóir pléadáil maidir le do-ghlacthacht nó easpa dlínse a thaisceadh, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 130(1), ní dhéanfar breith maidir leis an iarratas ar idiragairt go dtí go ndiúltófar an phléadáil nó go ndéanfar an cinneadh ar an bpléadáil a fhorchoimeád.

4. I gcás ina ndéantar an t-iarratas a thíolacadh de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 40 den Reacht agus nuair nach bhfuil na príomhpháirtithe tar éis faisnéis sa chomhad a aithint atá rúnda agus a deir siad a mbeidh dochrach dóibh má chuirtear í in iúl don idiragraí, ceadófar an idiragairt le cinneadh an Uachtaráin.

5. I ngach cas eile déanfaidh an tUachtarán cinneadh maidir le hiarratas ar idiragairt chomh luath agus is féidir, trí ordú, agus, más infheidhme, ar fhaisnéis a mhaítear a bheith rúnda a chur in iúl don idiragraí.

6. Má dhiúltaítear d'iarratas ar idiragairt, ní mór na cúiseanna a bhaineann leis an gcinneadh sin a lua san ordú dá dtagraítear i mír 5 agus breith a bheith ann maidir le costais an iarratais ar idiragairt, costais an iarratasóra ar idiragairt san áireamh, de bhun Airteagail 134, 135 agus 138.

7. Má cheadaítear iarratas ar idiragairt, gheobhaidh an t-idiragraí cóip de gach doiciméad nós imeachta a sheirbheálfar ar na príomhpháirtithe, seachas, i gcásanna iomchuí, an fhaisnéis rúnda a eisiafar ón gcumarsáid de bhun mhír 5.

8. Sa chás go n-aistarraingeofar an t-iarratas ar idiragairt, ordóidh an tUachtarán go mbainfear an t-iarratasóir ar idiragairt ón gcás agus tabharfaidh sé breith maidir le costais, costais an iarratasóra ar idiragairt san áireamh, de bhun Airteagal 136.

9. Sa chás go n-aistarraingeofar an t-iarratas ar idiragairt, ordóidh an tUachtarán go mbainfear an t-idiragraí ón gcás agus tabharfaidh sé breith maidir le costais, costais an idiragraí san áireamh, de bhun Airteagail 136 agus 138.

10. Má thagann críoch leis na príomhimeachtaí sa chás sula ndéanfar cinneadh maidir leis an iarratas ar idiragairt, beidh an t-iarratasóir ar idiragairt agus na príomhpháirtithe freagrach as a gcostais féin maidir leis an iarratas ar idiragairt. Cuirfear cóip den ordú críochnaitheach chuig an iarratasóir ar idiragairt.

*Airteagal 145*

**Pléadálacha i scríbhinn a thíolacadh**

1. Féadfaidh an t-idiragraí ráiteas idiragartha a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta laistigh den teorainn ama a shonróidh an tUachtarán.

2. Tabharfar sa ráiteas idiragartha:
   (a) an t-ordú atá á lorg ag an idiragraí mar thaca, go hiomlán nó go páirteach, leis an ordú atá á lorg ag ceann de na príomhpháirtithe;

(b) na saincheisteanna agus na hargóintí dlí a bhfuil an t-idiragraí ag brath orthu;

(c) i gcás inarb iomchuí, aon fhianaise a thabharfar ar aird nó a thairgtear.

3. Ar an ráiteas idiragartha a bheith taiscthe, forordóidh an tUachtarán teorainn ama ina bhféadfaidh na príomhpháirtithe an ráiteas sin a fhreagairt.

## Caibidil 15
## CÚNAMH DLÍTHIÚIL

*Airteagal 146*
### Gnéithe ginearálta

1. Beidh sé de cheart ag aon duine nach féidir, mar gheall ar a staid airgeadais, costais na n-imeachtaí a íoc ina n-iomláine nó i bpáirt tairbhe a bhaint as cúnamh dlíthiúil.

2. Déanfar cúnamh dlíthiúil a dhiúltú más léir nach bhfuil aon dlínse ag an gCúirt Ghinearálta an chaingean a bhfuil sé a lorg cúnamh dlíthiúil ina leith a thriail nó go bhfuil an chaingean do-ghlactha go follasach nó gur léir nach bhfuil aon bhunús sa dlí leis an gcaingean.

*Airteagal 147 (M3) (M5)*
### Iarratas ar chúnamh dlíthiúil

1. Féadfar iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil sula ndéanfar an chaingean a thionscnamh nó fad atá an cás ar feitheamh.

2. Ní mór an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil a dhéanamh trí fhoirm a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ní chuirfear iarratas ar chúnamh dlíthiúil a thaiscfear gan an fhoirm iarratais san áireamh.

3. Cuirfear gach faisnéis agus gach doiciméad tacaíochta i dteannta an iarratais ar chúnamh dlíthiúil ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais an iarratasóra, amhail teastas ó údarás náisiúnta inniúil lena bhfianófar staid airgeadais an iarratasóra.

4. Má thaisctear iarratas ar chúnamh dlíthiúil i ndiaidh thaisceadh na caingne, ní mór don iarratasóir cuspóir na caingne atá i gceist a leagan amach go

hachomair, mar aon le fíorais an cháis agus na hargóintí mar thaca leis an gcaingean. Cuirfear gach doiciméad tacaíochta i dteannta an iarratais.

5. Más iomchuí, cuirfear na doiciméid dá dtagraitear in Airteagail 51(2) agus (3) agus 78(4) i dteannta an iarratais ar chúnamh dlíthiúil. Sa chás sin, beidh feidhm ag Airteagail 51(4) agus 78(6).

6. Mura bhfuil dlíodóir ag déanamh ionadaíocht ar son an iarratasóra ar chúnamh dlíthiúil, déanfar leagan bunaidh an iarratais ar chúnamh dlíthiúil a thaisceadh sa Chlárlann i bhfoirm páipéir. Ní foláir síniú lámhscríofa an iarratasóra ar chúnamh dlíthiúil a bheith ar leagan bunaidh an iarratais ar chúnamh dlíthiúil.

7. Cuirfear an teorainn ama a forordaíodh do thionscnamh na caingne ar fionraí, maidir leis an duine a rinne an t-iarratas, nuair a dhéanfar iarratas ar chúnamh dlíthiúil, go dtí an dáta ar a dhéanfar an t-ordú lena dtabharfar breith ar an iarratas sin a sheirbheáil, nó, i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 148(6), dáta an ordaithe lena n-ainmnítear an dlíodóir a dhéanfaidh ionadaíocht ar son an iarratasóra.

*Airteagal 148 (M5) (M6)*

**Breith maidir le hiarratas ar chúnamh dlíthiúil**

1. Sula dtabharfaidh sé a bhreith ar iarratas ar chúnamh dlíthiúil; forordóidh an tUachtarán teorainn ama faoina ndéanfaidh an príomhpháirtí eile a bharúlacha i scríbhinn a thaisceadh, mura mbeidh sé soiléir ón bhfaisnéis a tugadh ar aird nár sásaíodh na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 146(1) nó nár sásaíodh na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 146(2).

2. Is le hordú a thabharfaidh an tUachtarán a bhreith ar iarratas ar chúnamh dlíthiúil.

3. Má dhiúltaítear an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil, sonrófar na cúiseanna a bheidh leis an diúltú sin san ordú.

4. Féadfar in aon ordú lena ndeonaítear cúnamh dlíthiúil dlíodóir a ainmniú chun ionadaíocht a dhéanamh ar son an duine lena mbaineann, má mholann an t-iarratasóir an dlíodóir sin ina iarratas ar chúnamh dlíthiúil agus má aontaíonn an dlíodóir sin ionadaíocht a dhéanamh ar son an iarratasóra os comhair na Cúirte Ginearálta.

5. Mura bhfuil a rogha dlíodóra curtha in iúl ag an duine lena mbaineann ina iarratas ar chúnamh dlíthiúil nó i ndiaidh ordú lena ndeonaítear cúnamh dlíthiúil, nó mura bhfuil a rogha inghlactha, cuirfidh an Cláraitheoir cóip den ordú lena ndeonaítear cúnamh dlíthiúil agus cóip den iarratas chuig údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann a luaitear sna Rialacha lena ndéantar Rialacha Nós

Imeachta na Cúirte Breithiúnas a fhorlíonadh. Mura bhfuil sainchónaí ar an duine lena mbaineann san Aontas, cuirfidh an Cláraitheoir cóip den ordú lena ndeonaítear cúnamh dlíthiúil agus cóip den iarratas chuig údarás inniúil an Stáit ina bhfuil suíomh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

6. Gan dochar do mhír 4, déanfar an dlíodóir a ainmnítear chun ionadaíocht a dhéanamh ar iarratasóir a ainmniú trí ordú, de réir mar a bheidh, ag féachaint do na moltaí atá déanta ag an duine lena mbaineann nó na moltaí arna ndéanamh ag an údarás inniúil dá dtagraítear i mír 5.

7. Féadfaidh an méid a íocfar don dlíodóir a ainmnítear chun ionadaíocht a dhéanamh ar an duine lena mbaineann a shonrú san ordú nó is féidir uasmhéid a shocrú do chostais agus táillí an dlíodóra. Féadfaidh foráil a dhéanamh go ndéanfaidh an duine lena mbaineann íocaíocht maidir leis na costais dá dtagraítear in Airteagal 149(1), ag féachaint dá staid airgeadais.

8. Ní bheidh achomhairc ar bith ar orduithe a dhéanfar faoin Airteagal seo.

9. Mura bhfuil dlíodóir ag déanamh ionadaíocht ar son an iarratasóra ar chúnamh dlíthiúil, seirbheálfar cóip dheimhnithe den doiciméad atá le seirbheáil air tríd an bpost cláraithe, maille le foirm admhála, nó tríd an gcóip a sheachadadh go pearsanta agus admháil a fháil ina leith. Seirbheálfar na doiciméid atá le seirbheáil ar na páirtithe eile i gcomhréir le hAirteagal 80(1).

*Airteagal 149*

**Réamhíocaíochtaí agus freagracht as costais**

1. I gcás go ndeonaítear cúnamh dlíthiúil, beidh airgeadóir na Cúirte Ginearálta freagrach, laistigh de na teorainneacha socraithe i gcás inarb infheidhme, as na costais a bhaineann le cabhair dhlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil an iarratasóra os comhair na Cúirte Ginearálta. Ar iarratas ón dlíodóir a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 148, féadfaidh an tUachtarán a chinneadh gur cheart méid a íoc mar réamhíocaíocht de na costais sin leis an dlíodóir sin.

2. I gcás, de bhua an chinnidh lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí, go n-ordaítear d'fhaighteoir an chúnaimh dhlíthiúil a chostais féin a íoc, socróidh an tUachtarán íocaíochtaí agus táillí an dlíodóra atá le híoc ag airgeadóir na Cúirte Ginearálta trí ordú réasúnaithe nach féidir achomharc a dhéanamh ina choinne.

3. I gcás, sa chinneadh lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí, go n-ordaítear do pháirtí eile costais fhaighteoir an chúnaimh dhlíthiúil a íoc, beidh ar an bpáirtí sin aon suim airgid a deonaíodh mar chúnamh dlíthiúil a aisíoc d'airgeadóir na Cúirte Ginearálta.

4. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go ngnóthófar na suimeanna dá dtagraítear i mír 3 ón bpáirtí a n-ordaítear dó iad a íoc.

5. Sa chás go dteipeann ar fhaighteoir an chúnaimh dhlíthiúil, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a ordú ina breith maidir le costais lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí, ar mhaithe le cothromas, go n-iocfaidh páirtí nó páirtithe a gcostas féin, nó go n-iompróidh airgeadóir na Cúirte Ginearálta na costais mar chúnamh dlíthiúil.

*Airteagal 150*
**Cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar**

1. Féadfaidh an tUachtarán, uaidh féin nó ar iarratas a fháil, tar éis dó an duine a bheidh i dtrácht a éisteacht, cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar má thagann athrú le linn na n-imeachtaí ar na himthosca ba bhun lena dheonú.

2. Déanfar a shonrú in ordú lena ndéanfar cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe agus ní fhéadfar aon achomharc a dhéanamh ina choinne.

Caibidil 16
NÓSANNA IMEACHTA PRÁINNE

Cuid 1. Nós imeachta brostaithe

*Airteagal 151*
**Cinneadh maidir leis an nós imeachta brostaithe**

1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh, ag féachaint don phráinn faoi leith agus d’imthosca an cháis, ar iarratas a fháil ón iarratasóir nó ón gcosantóir, tar éis an príomhpháirtí eile a éisteacht, breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe. Déanfar an cinneadh sin chomh luath agus is féidir.

2. Go heisceachtúil, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir, cinneadh a dhéanamh uaithi féin agus tar éis di na príomhpháirtithe a éisteacht, breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe.

3. Féadfar coinníollacha a leagan síos i gcinneadh na Cúirte Ginearálta breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe, maidir le toirt agus maidir le cur i láthair phléadálacha na bpríomhpháirtithe, maidir le seoladh na n-imeachtaí dá éis sin agus maidir leis na saincheisteanna dlí agus na hargóintí a n-iarrfar ar an gCúirt Ghinearálta breith a thabhairt orthu.

4. Mura gcomhlíonann ceann de na príomhpháirtithe na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3, féadfar an cinneadh breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe a chúlghairm. Leanfar leis na himeachtaí ina dhiaidh sin faoin ngnáthnós imeachta.

*Airteagal 152*
**Iarratas ar nós imeachta brostaithe**

1. Déanfar iarratas ar nós imeachta brostaithe i ndoiciméad ar leith a thaiscfear ag an am céanna le hiarratas tionscanta na n-imeachtaí nó leis an gcosaint agus tabharfar san iarratas sin ráiteas ina luafar réasúin lena sonrófar an phráinn faoi leith a bhaineann leis an gcás sin agus aon imthosca ábhartha eile.

2. Féadfar a shonrú san iarratas sin ar nós imeachta brostaithe nach ndéanfar saincheisteanna dlí ná argóintí nó nach ndéanfar sleachta áirithe den iarratas lena dtionscnófar na himeachtaí nó saincheisteanna dlí nó argóintí nó sleachta áirithe den chosaint a argóint ach amháin sa chás nach ndéanfar breith a thabhairt faoin nós imeachta brostaithe, go háirithe trí leagan coimrithe den iarratas lena dtionscnófar na himeachtaí a chur isteach i dteannta an iarratais ar nós imeachta brostaithe chomh maith le sceideal de na hiarscríbhinní agus na hiarscríbhinní sin amháin a chuirfear san áireamh i gcás ina ndéanfar breith a thabhairt faoin nós imeachta brostaithe, agus sa chás sin amháin.

*Airteagal 153*
**Tosaíocht**

De mhaolú ar Airteagal 67(1), beidh tosaíocht ag cásanna ina gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe.

*Airteagal 154*
**An chuid i scríbhinn den nós imeachta**

1. De mhaolú ar Airteagal 81(1), i gcás go ndéanann an t-iarratasóir iarratas go ndéanfar an cás a chinneadh faoi nós imeachta brostaithe, mí amháin a bheidh mar theorainn ama chun an chosaint a thaisceadh. Féadfar an teorainn ama sin a fhadú de bhun Airteagal 81(3).

2. Mura nglacann an Chúirt Ghinearálta le hiarratas ar nós imeachta brostaithe, tabharfar tréimhse aon mhí amháin sa bhreis don chosantóir chun an chosaint a thaisceadh nó, de réir mar a bheith, a fhorlíonadh.

3. De réir an nós imeachta brostaithe, ní fhéadfar na pléadálacha i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagail 83(1) agus 145(1) agus (3) a thaisceadh ach amháin más rud é go gceadaíonn an Chúirt Ghinearálta é, trí bhearta eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagail 88 go 90.

4. De réir an nós imeachta brostaithe, cuirfidh an tUachtarán an phráinn ar leith a bhaineann leis an gcaingean a réiteach san áireamh agus na teorainneacha ama á socrú aige.

*Airteagal 155*

**An chuid ó bhéal den nós imeachta**

1. Sa chás go bhfuil nós imeachta brostaithe ceadaithe ag an gCúirt Ghinearálta, déanfaidh sí an chuid ó bhéal den nós imeachta a oscailt chomh luath agus is féidir tar éis don Bhreitheamh is Rapóirtéir an réamhthuarascáil a chur faoina bráid. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, le comhaontú ó na príomhpháirtithe, a chinneadh go ngabhfaidh sí i gcionn na breithe d'uireasa aon imeachtaí ó bhéal má mheasann sí go bhfuil a dóthain faisnéise ar fáil di ó chomhaid an cháis.

2. Gan dochar d'Airteagail 84 agus 85, féadfaidh na príomhpháirtithe cur lena n-argóintí agus tuilleadh fianaise a thairiscint le linn an chuid ó bhéal den nós imeachta, ar an gcoinníoll go bhfuil údar leis an moill ar an gcéanna a thabhairt ar aird.

Cuid 2. Fionraíocht oibrithe nó forghníomhaithe agus bearta eile idirlinne

*Airteagal 156 (M3) (M5)*

**Iarratas ar oibriú a chur ar fionraí nó ar bhearta idirlinne eile**

1. Ní bheidh iarratas ar oibriú aon bhirt arna ghlacadh ag institiúid a chur ar fionraí, a dhéanfar de bhun Airteagail 278 CFAE nó 157 CCEFA, inghlactha mura mbeidh agóid déanta ag an iarratasóir i gcoinne an bhirt sin i gcaingean os comhair na Cúirte Ginearálta.

2. Ní bheidh iarratas maidir le glacadh aon bhirt idirlinne eile dá dtagraítear in Airteagal 279 CFAE inghlactha murab iarratas é ó phríomhpháirtí i gcás a bheidh os comhair na Cúirte Ginearálta agus go mbainfidh sé leis an gcás sin.

3. I gcásanna de bhun Airteagal 270 CFAE, féadfar iarratas den sórt dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur i láthair a luaithe a chuirtear an gearán de bhun Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne faoi bhráid na Cúirte de réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 91(4) de na Rialacháin sin.

4. Sonrófar in iarratas den chineál dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ábhar na n-imeachtaí, na himthosca is bun lena bheith práinneach, agus na saincheisteanna fíorais agus dlí a dhéanann cás *prima facie* le haghaidh an bhirt idirlinne a iarrtar. Beidh an fhianaise ar fad agus tairiscint fianaise ar fad ann chun údar a thabhairt le beart idirlinne a cheadú.

5. Ní foláir an t-iarratas a dhéanamh i ndoiciméad ar leith agus de réir fhorálacha Airteagail 76 agus 78.

*Airteagal 157*
**Nós Imeachta**

1. Seirbheálfar an t-iarratas ar an bpáirtí freasúra agus forordóidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta teorainn ama ghairid ina bhféadfaidh an páirtí sin barúlacha i scríbhinn nó ó bhéal a thíolacadh.

2. Féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta géilleadh don iarratas, fiú sula mbeidh barúlacha an pháirtí freasúra tíolactha. Féadfar an bhreith sin a athrú nó a chealú, fiú in éagmais iarratas ó aon pháirtí.

3. Féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta bearta eagrúcháin nós imeachta agus bearta fiosrúcháin a fhorordú más iomchuí.

4. Mura féidir le hUachtarán na Cúirte Ginearálta feidhmiú, beidh feidhm ag Airteagail 11 agus 12.

*Airteagal 158*
**Breith ar an iarratas**

1. Tabharfaidh Uachtarán an Cúirte Ginearálta breith ar an iarratas trí bhíthin ordú réasúnaithe. Seirbheálfar an t-ordú láithreach bonn ar na páirtithe.

2. Féadfar é a chur de choinníoll le forghníomhú an ordaithe go dtaiscfidh an t-iarratasóir urrús, de mhéid agus de chineál a shocrófar de réir na n-imthosca.

3. Féadfar dáta a shocrú san ordú ar a bhfuil an beart idirlinne le dul in éag. Mura socraítear an dáta a rachaidh an beart idirlinne in éag san ordú, rachaidh an beart in éag nuair a fhógrófar an breithiúnas críochnaitheach.

4. Ní bheidh leis an ordú ach éifeacht idirlinne, agus beidh sé gan dochar do bhreith na Cúirte Ginearálta ar shubstaint an cháis.

5. San ordú lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí idirlinne, forchoimeádtar na costais go dtí go dtabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith ar shubstaint an cháis. Más gá de réir imthosca an cháis, áfach, féadfar ordú maidir le costais sna himeachtaí idirlinne a dhéanamh san ordú, de réir Airteagail 134 go 138.

*Airteagal 159*
**Athrú sna himthosca**

Féadfar, ar iarratas ó pháirtí, an t-ordú a athrú nó a chealú tráth ar bith toisc athrú ar na himthosca.

*Airteagal 160*
**Iarratas nua**

Má dhiúltaítear d'iarratas ar bheart idirlinne, ní urchoiscfidh sin príomhpháirtí a dhéanta ó iarratas eile a dhéanamh le fíorais nua mar bhunús leis.

*Airteagal 161*
**Iarratais de bhun Airteagail 280 CFAE agus 299 CFAE agus 164 CCEFA**

1. Beidh feidhm ag na forálacha sa Chaibidil seo maidir le hiarratais a dhéanfar chun forghníomhú breithe de chuid na Cúirte Ginearálta nó forghníomhú aon bhirt arna ghlacadh ag an gComhairle, ag an gCoimisiún Eorpach nó ag an mBanc Ceannais Eorpach de bhun Airteagail 280 CFAE agus 299 CFAE nó 164 CCEFA a chur ar fionraí.

2. Más iomchuí, socrófar leis an ordú ag géilleadh don iarratas an dáta a bheidh an beart idirlinne le dul in éag.

Caibidil 17
IARRATAIS A BHAINEANN LE BREITHIÚNAIS AGUS ORDUITHE

*Airteagal 162 (M7)*
**Iarratais a shannadh**

1. Déanfar na hiarratais dá dtagraítear sa Chaibidil seo, cé is moite dóibh siúd a thaisctear de bhun Airteagal 170, a shannadh ar fhoirmíocht na Cúirte a thug an bhreith lena mbaineann an t-iarratas.

2. Mura mbainfear amach an córam dá dtagraítear in Airteagail 23 agus 24, déanfar an t-iarratas a shannadh ar fhoirmíocht eile de chuid na Cúirte leis an líon

céanna Breithiúna dá bhfuil an Breitheamh is Rapóirtéir a láimhseáil an cás lena mbaineann an t-iarratas sannta, nó, i gcás nach féidir leis an mBreitheamh is Rapóirtéir feidhmiú, ar fhoirmíocht na Cúirte ina mbeidh an líon céanna Breithiúna ina suí ina bhfuil ar a laghad duine amháin de na Breithiúna a thug an bhreith lena mbaineann an t-iarratas. Más Breitheamh ag rialú mar Bhreitheamh aonair a thug an bhreith agus mura féidir leis feidhmiú, déanfar an t-iarratas a shannadh ar Bhreitheamh eile.

3. Sannfar na hiarratais arna dtaisceadh de bhun Airteagal 170 ar fhoirmíocht na Cúirte ina mbeidh triúr Breithiúna ina suí dá bhfuil an Breitheamh is Rapóirtéir a láimhseáil an cás lena mbaineann an t-iarratas sannta, nó, i gcás nach féidir leis an mBreitheamh is Rapóirtéir feidhmiú, ar fhoirmíocht na Cúirte ina mbeidh triúr Breithiúna ina suí ina bhfuil ar a laghad duine amháin de na Breithiúna a thug an bhreith lena mbaineann an t-iarratas. Más Breitheamh ag rialú mar Bhreitheamh aonair a thug an bhreith, sannfar an t-iarratas ar an mBreitheamh sin agus mura féidir leis feidhmiú, déanfar an t-iarratas a shannadh ar Bhreitheamh eile.

*Airteagal 163*
**Bac ar imeachtaí**

I gcás ina mbaineann achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais agus ceann de na hiarratais dá dtagraítear sa chaibidil seo, cé is moite de na hiarratais in Airteagail 164 agus 165, leis an mbreith chéanna de chuid na Cúirte Ginearálta, féadfaidh an tUachtarán, tar éis dó na páirtithe a éisteacht, bac a chur ar na himeachtaí go dtí go mbeidh breithiúnas tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an achomharc.

*Airteagal 164*
**Breithiúnais agus orduithe a cheartú**

1. Gan dochar do na forálacha maidir le breithiúnais agus orduithe a léiriú, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, uaithi féin nó ar iarratas a fháil ó pháirtí earráidí cléireachais, botúin ríomhaireachta agus tuaiplisí follasacha a cheartú.

2. Ní foláir iarratas ar cheartú a dhéanamh laistigh de dhá sheachtain tar éis dháta fógartha an bhreithiúnais nó seirbheála an ordaithe.

3. I gcás ina mbainfidh an ceartúchán leis an gcuid oibríochtúil nó le ceann de na forais is gá chun tacú leis an gcuid oibríochtúil, féadfaidh na páirtithe barúlacha i scríbhinn a thaisceadh laistigh de theorainn ama a fhorordóidh an tUachtarán.

4. Is trí ordú a thabharfaidh an Chúirt Ghinearálta a breith.

5. Cuirfear doiciméad bunaidh an ordaithe ceartúcháin i gceangal le doiciméad bunaidh na breithe ceartaithe. Cuirfear nóta i dtaobh an ordaithe sin ar imeall dhoiciméad bunaidh na breithe ceartaithe.

*Airteagal 165*

**Cás ina mainnítear breith a thabhairt**

1. I gcás go mainníonn an Chúirt Ghinearálta breith a thabhairt maidir leis an ordú atá á lorg nó i dtaobh costas, féadfaidh aon pháirtí ar mian leis brath ar an éileamh sin a iarraidh ar an gCúirt Ghinearálta a breith a fhorlíonadh.

2. Ní foláir an t-iarratas a dhéanamh laistigh de mhí tar éis dháta fógartha an bhreithiúnais nó seirbheála an ordaithe.
3. Déanfar an t-iarratas a sheirbheáil ar na páirtithe eile, ar féidir leo barúlacha i scríbhinn a thíolacadh laistigh den teorainn ama a fhorordóidh an tUachtarán.

4. I ndiaidh deis a thabhairt do na páirtithe a mbarúlacha a thaisceadh, tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith, trí ordú, ar inghlacthacht agus ar shubstaint an iarratais.

*Airteagal 166 (M5)*

**Iarratas ar bhreithiúnas mainneachtana a chur ar ceal**

1. Féadfar iarratas de bhun Airteagal 41 den Reacht a dhéanamh ar bhreithiúnas mainneachtana a chur ar ceal.

2. Ní foláir an t-iarratas go gcuirfí an breithiúnas ar ceal a dhéanamh laistigh de mhí ó dháta an bhreithiúnais mainneachtana a sheirbheáil. Déanfar an t-iarratas a thíolacadh san fhoirm a fhorordaítear in Airteagail 76 agus 78.

3. Nuair a bheidh an t-iarratas seirbheáilte, forordóidh an tUachtarán teorainn ama ina bhféadfaidh an páirtí eile a bharúlacha i scríbhinn a thíolacadh.

4. Déanfar an nós imeachta a stiúradh i gcomhréir le forálacha Theidil III nó IV, de réir mar a bheidh.

5. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta a breith trí bhreithiúnas nach féidir a chur ar ceal.

6. Cuirfear doiciméad bunaidh an bhreithiúnais sin i gceangal le doiciméad bunaidh an bhreithiúnais mainneachtana. Cuirfear nóta i dtaobh an bhreithiúnais ar an iarratas ar é a chur ar ceal ar imeall dhoiciméad bunaidh an bhreithiúnais mainneachtana.

*Airteagal 167 (M5)*

**Imeachtaí tríú páirtí**

1. Beidh feidhm ag Airteagail 76 agus 78 maidir le hiarratas tionscanta imeachtaí tríú páirtí arna dhéanamh de bhun Airteagal 42 den Reacht. Tabharfar freisin san iarratas sin:

   (a) sonrú ar an mbreithiúnas nó ar an ordú faoi chonspóid;

   (b) eolas ar an dóigh ina dtéann an breithiúnas nó an t-ordú atá faoi chonspóid chun dochair do chearta an tríú páirtí;

   (c) na fáthanna nárbh fhéidir leis an tríú páirtí páirt a ghlacadh sa chás bunaidh os comhair na Cúirte Ginearálta.

2. Ní foláir an t-iarratas tríú páirtí a thaisceadh laistigh de dhá mhí tar éis fhoilsiú na breithe dá dtagraítear in Airteagal 122.

3. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, ar iarratas ón tríú páirtí, bac ar fhorghníomhú an bhreithiúnais nó an ordaithe faoi chonspóid a ordú. Beidh feidhm ag forálacha Airteagail 156 go 161.

4. Déanfar an t-iarratas tríú páirtí a sheirbheáil ar na páirtithe, ar féidir leo barúlacha i scríbhinn a thaisceadh laistigh de theorainn ama a fhorordóidh an tUachtarán.

5. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta a breith tar éis caoi a bheith tugtha aici do na páirtithe a mbarúlacha a chur faoina bráid.

6. Athrófar na pointí sa bhreithiúnas nó ordú faoi chonspóid ina ngéilltear d’aighneachtaí an tríú páirtí.

7. Cuirfear doiciméad bunaidh an bhreithiúnais sna himeachtaí tríú páirtí i gceangal le doiciméad bunaidh an bhreithiúnais nó an ordaithe faoi chonspóid. Cuirfear nóta i dtaobh an bhreithiúnais sna himeachtaí tríú páirtí ar imeall dhoiciméad bunaidh an bhreithiúnais nó an ordaithe faoi chonspóid.

*Airteagal 168 (M5)*

**Léiriú ar bhreithiúnais agus ar orduithe**

1. I gcomhréir le hAirteagal 43 den Reacht, má tá amhras ann faoi bhrí nó raon feidhme i gcás aon bhreithiúnas nó ordú, forléireoidh an Chúirt Ghinearálta an méid sin ar iarratas ó aon pháirtí nó ó aon institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh a shuífidh a leas ann.

2. Ní foláir iarratas ar léiriú a dhéanamh laistigh de dhá bhliain tar éis dháta fógartha an bhreithiúnais nó seirbheála an ordaithe.

3. Déanfar é a thíolacadh san fhoirm a fhorordaítear in Airteagail 76 agus 78. Sonrófar ann freisin:

   (a) an breithiúnas nó an t-ordú atá i gceist;

   (b) na sleachta a dteastaíonn léiriú orthu.

4. Déanfar an t-iarratas ar léiriú a sheirbheáil ar na páirtithe eile, ar féidir leo barúlacha i scríbhinn a thíolacadh laistigh den teorainn ama a fhorordóidh an tUachtarán.

5. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta a breith tar éis caoi a bheith tugtha aici do na páirtithe a mbarúlacha a chur faoina bráid.

6. Cuirfear doiciméad bunaidh na breithe léiriúcháin i gceangal le doiciméad bunaidh na breithe a léirítear. Cuirfear nóta i dtaobh na breithe léiriúcháin ar imeall dhoiciméad bunaidh na breithe a léirítear.

*Airteagal 169 (M5)*
**Athbhreithniú**

1. I gcomhréir le hAirteagal 44 den Reacht, ní fhéadfar athbhreithniú ar bhreith de chuid na Cúirte Ginearálta a iarraidh ach amháin má aimsítear fíoras de chineál cinntitheach agus nárbh eol, nuair a tugadh an breithiúnas nó nuair a rinneadh an t-ordú a sheirbheáil, don Chúirt Ghinearálta ná don pháirtí a bhfuil an t-athbhreithniú á éileamh aige.

2. Gan dochar don teorainn ama 10 mbliana a fhorordaítear sa tríú mír d'Airteagal 44 den Reacht, déanfar iarratas ar athbhreithniú laistigh de thrí mhí ón dáta a gheobhaidh an t-iarratasóir fios na bhfíoras ar a mbunófar an t-iarratas.

3. Beidh feidhm ag Airteagail 76 agus 78 maidir le hiarratas ar athbhreithniú. Tabharfar freisin san iarratas sin:

   (a) sonrú ar an mbreithiúnas nó ar an ordú faoi chonspóid;

   (b) eolas ar na pointí ar a gconspóidtear an breithiúnas nó an t-ordú;

   (c) na fíorais ar a mbunaítear an t-iarratas;

(d) eolas ar an gcineál fianaise atá ar fáil chun a thaispeáint go bhfuil fíorais ann a chruthaíonn gur ceart athbhreithniú a dhéanamh, agus a chruthaíonn gur comhlíonadh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 2.

4. Déanfar an t-iarratas ar athbhreithniú a sheirbheáil ar na páirtithe eile, ar féidir leo barúlacha i scríbhinn a thíolacadh laistigh den teorainn ama a fhorordóidh an tUachtarán.

5. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta caoi do na páirtithe a mbarúlacha a chur faoina bráid sula dtabharfaidh sí breith ar inghlacthacht an iarratais trí ordú, gan dochar do shubstaint an cháis.

6. Má dhearbhaíonn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil an t-iarratas inghlactha, tabharfaidh sí a breith ar shubstaint an cháis i gcomhréir leis na Rialacha seo.

7. Cuirfear doiciméad bunaidh na breithe athbhreithnithe i gceangal le doiciméad bunaidh na breithe a ndéantar athbhreithniú uirthi. Cuirfear nóta i dtaobh na breithe athbhreithnithe ar imeall dhoiciméad bunaidh na breithe a ndéantar athbhreithniú uirthi.

*Airteagal 170 (M5)*

**Díospóid a bhaineann le costais inghnóthaithe**

1. I gcás díospóid a bheith ann i dtaobh na gcostas is inghnóthaithe, féadfaidh an páirtí lena mbaineann iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Ghinearálta chun an cheist a réiteach. Déanfar an t-iarratas a thíolacadh san fhoirm a fhorordaítear in Airteagail 76 agus 78.

2. Déanfar an t-iarratas a sheirbheáil ar na páirtithe lena mbaineann, ar féidir leo barúlacha i scríbhinn a thíolacadh laistigh den teorainn ama a fhorordóidh an tUachtarán.

3. I ndiaidh deis a thabhairt do na páirtithe a mbarúlacha a thaisceadh, tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith, trí ordú nach féidir achomharc a dhéanamh ina choinne.

4. Féadfaidh na páirtithe cóip fhíordheimhnithe den ordú a iarraidh, chun críocha a fhorghníomhaithe.

## TEIDEAL IV
## IMEACHTAÍ A BHAINEANN LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA

*Airteagal 171*
**Raon feidhme**

Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo in imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne chinntí Bhoird Achomhairc na hOifige, dá dtagraítear in Airteagal 1, maidir le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le córas maoine intleachtúla.

### Caibidil 1
### PÁIRTITHE SNA hIMEACHTAÍ

*Airteagal 172*
**Cosantóir**

Déanfar an t-iarratas i gcoinne na hOifige lena mbaineann an Bord Achomhairc a ghlac an cinneadh atá faoi chonspóid, mar chosantóir.

*Airteagal 173 (M3) (M5)*
**Stádas na bpáirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc os comhair na Cúirte Ginearálta**

1. Féadfaidh na páirtithe sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, seachas an t-iarratasóir, páirt a ghlacadh, i gcáil idiragraí, in imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta trí fhreagairt ar an iarratas ar an modh agus laistigh den teorainn ama a fhorordaítear.

2. Roimh dhul in éag na teorann ama a fhorordaítear chun frithaighneacht a thaisceadh, féadfaidh na páirtithe sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, seachas an t-iarratasóir, a bheith mar pháirtí sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta mar idiragraí, ach doiciméad nós imeachta a thaisceadh. Caillfidh sé a stádas mar idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta má theipeann air freagra a thabhairt ar an iarratas sa mhodh agus laistigh den teorainn ama a fhorordaítear. Sa chás sin, iompróidh an t-idiragraí na costais a bhaineann leis na doiciméid nós imeachta a rinne sé a thaisceadh.

3. Beidh na cearta nós imeachta céanna ag an idiragraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus a bheidh ag na príomhpháirtithe. Féadfaidh sé tacú leis an ordú a bheidh á lorg ag príomhpháirtí agus féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar ordú agus saincheisteanna dlí a chur ar aghaidh go neamhspleách orthu siúd a bheidh á lorg agus á gcur ar aghaidh ag na príomhpháirtithe.

4. Déanfar ionadaíocht ar pháirtí sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, seachas an t-iarratasóir, atá mar pháirtí os comhair na Cúirte Ginearálta i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, i gcomhréir le hAirteagal 19 den Reacht.

5. Beidh feidhm ag Airteagal 78(4) go (6) maidir leis an doiciméad nós imeachta dá dtagraítear i mír 2.

6. De mhaolú ar Airteagal 123, ní bheidh feidhm ag an nós imeachta mainneachtana i gcás ina bhfuil idiragraí, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, tar éis freagra a thabhairt ar an iarratas sa mhodh a fhorordófar agus laistigh den teorainn ama a fhorordófar.

*Airteagal 174*
**Ionadú ar pháirtí**

Sa chás go ndéanfar ceart maoine intleachtúla a bhfuil tionchar ag na himeachtaí air a aistriú chuig tríú páirtí ag páirtí sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc na hOifige, féadfaidh an comharba ar an gceart sin ionadú a dhéanamh ar an bpáirtí sin sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta.

*Airteagal 175 (M3) (M5)*
**Iarratas ar ionadú**

1. Ní foláir an t-iarratas ar ionadú a dhéanamh i ndoiciméad ar leith. Féadfar an t-iarratas a thaisceadh tráth ar bith le linn na n-imeachtaí.

2. Tabharfar san iarratas:

   (a) tuairisc ar an gcás;

   (b) cuntas ar na páirtithe sa chás agus ar an bpáirtí a ndéanfar ionadú air;

   (c) ainm agus seoladh an iarratasóra ar ionadú;

   (d) sonraí i leith stádas agus sheoladh ionadaí an iarratasóra ar ionadú;

   (e) ráiteas ar na himthosca atá mar údar le hionadú, le fianaise thacaíochta.

3. Déanfar ionadaíocht ar an iarratasóir ar ionadú i gcomhréir le forálacha Airteagal 19 den Reacht.

4 Beidh feidhm ag Airteagal 78(4) go (6) agus Airteagal 139 maidir le hiarratais ar ionadú.

*Airteagal 176*
**Cinneadh maidir le hiarratais ar ionadú**

1. Seirbheálfar an t-iarratas ar ionadú ar na páirtithe.

2. Tabharfaidh an tUachtarán caoi do na páirtithe a mbarúlacha i scríbhinn nó ó bhéal maidir leis an iarratas ar ionadú a chur faoina bhráid.

3. Tabharfar breith maidir leis an iarratas ar ionadú trí ordú réasúnaithe ón Uachtarán nó sa chinneadh lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí.

4. Má dhiúltaítear d’iarratas ar ionadú, tabharfar breith maidir leis na costais a bhaineann leis an iarratas sin, lena n-áirítear costais an iarrthóra ar ionadú, de bhun Airteagail 134 agus 135.

5. Má ghlactar leis an iarratas, glacfaidh an comharba leis an gcás sa staid ina bhfuil sé tráth a ionadaithe. Beidh sé faoi cheangal ag na doiciméid nós imeachta arna dtaisceadh ag an bpáirtí a bhfuil sé ag déanamh ionadú air.

Caibidil 2
IARRATAIS AGUS FRITHAIGHNEACHTAÍ

*Airteagal 177 (M5) (M6)*
**Iarratais**

1. Beidh san iarratas:

   (a) ainm agus seoladh an iarratasóra;

   (b) sonraí i leith stádas agus sheoladh ionadaí an iarratasóra;

   (c) ainm na hoifige a ndéantar an t-iarratas ina coinne;

   (d) ábhar na n-imeachtaí, na saincheisteanna agus na hargóintí dlí a mbeifear ag brath orthu agus achoimre ar na saincheisteanna sin;

   (e) an t-ordú atá á lorg ag an iarratasóir.

2. Sa chás nárbh é an t-iarratasóir an t-aon pháirtí os comhair Bhord Achomhairc na hOifige, tabharfar san iarratas ainmneacha na bpáirtithe ar fad sna himeachtaí sin agus na seoltaí a shonraigh siad le haghaidh seirbheála.

3. Cuirfear cinneadh an Bhoird Achomhairc atá faoi chonspóid i gceangal leis an iarratas. Ní mór an dáta a fógraíodh an cinneadh don iarratasóir a shonrú.

4. Más duine dlítheanach faoi rialú an dlí phríobháidigh é an t-iarratasóir, cuirfidh sé cruthúnas go bhfuil stádas dlítheanach aige i dteannta an iarratais (sliocht as clár na gcuideachtaí, clár na ngnólachtaí nó clár na gcomhlachas nó aon doiciméad oifigiúil eile).

5. Beidh na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 51(2) agus (3) i dteannta an iarratais.

6. Mura bhfuil an t-iarratas i gcomhréir le mír 2, féadfaidh an Cláraitheoir tréimhse réasúnta ama a fhorordú don iarratasóir chun an t-iarratas a chur ina cheart, má fhágann na cúinsí go bhfuil údar leis. Mura bhfuil an t-iarratas i gcomhréir le míreanna 3 go 5, forordóidh an Cláraitheoir teorainn ama réasúnta ina mbeidh ar an iarratasóir an t-iarratas a chur ina cheart. Mura gcuirfear an t-iarratas ina cheart laistigh den teorainn ama a fhorordófar, déanfaidh an Chúirt Ghinearálta breith an bhfuil an t-iarratas do-ghlactha go foirmiúil toisc nár comhlíonadh an riachtanas sin.

*Airteagal 178 (M5) (M6) (M7)*
**Iarratais a sheirbheáil**

1. Cuirfidh an Cláraitheoir in iúl don chosantóir agus do na páirtithe ar fad sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc gur taisceadh an t-iarratas i gcomhréir le hAirteagal 80(1). Socróidh an Cláraitheoir go ndéanfar an t-iarratas a sheirbheáil tar éis cinneadh a dhéanamh maidir le teanga an cháis i gcomhréir le hAirteagal 45(3) agus, más cuí, seirbheálfar aistriúchán ar an iarratas i dteanga an cháis.

2. Sa chás go bhfuil seoladh páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, a luaitear i gcomhréir le hAirteagal 177(2), nó in éagmais tásc den sórt sin, seoladh an pháirtí eile sin a luaitear sa chinneadh atá faoi chonspóid ón mBord Achomhairc, ag teacht le seoladh shealbhóir chuntas rochtana e-Curia, seirbheálfar an t-iarratas trí e-Curia. Mura bhfuil, seirbheálfar an t-iarratas i bhfoirm cóip dheimhnithe arna seoladh tríd an bpost cláraithe maille le foirm admhála nó trí sheachadadh pearsanta den chóip sin le hadmháil ag an seoladh sin.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 177(6) de na Rialacha seo, déanfar an tseirbheáil a luaithe a bheidh an t-iarratas curtha ina cheart nó a dhearbhóidh an Chúirt Ghinearálta go bhfuil sé inghlactha d’ainneoin na gceanglas foirmiúil a leagtar síos san Airteagal sin gan bheith comhlíonta.

4. A luaithe agus a dhéantar an t-iarratas a sheirbheáil, seolfaidh an cosantóir an comhad maidir leis na himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc chun na Cúirte Ginearálta.

*Airteagal 179*

**Páirtithe atá údaraithe chun frithaighneacht a thaisceadh**

Féadfaidh an cosantóir agus na páirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, seachas an t-iarratasóir, a bhfrithaighneachtaí i leith an iarratais a thaisceadh laistigh de dhá mhí ó sheirbheáil an iarratais. Féadfaidh an tUachtarán an teorainn ama sin a fhadú go heisceachtúil ar iarratas réasúnaithe a fháil ón bpáirtí lena mbaineann.

*Airteagal 180 (M5)*

**Frithaighneacht**

1. Beidh sa fhrithaighneacht:

   (a) ainm agus seoladh an pháirtí atá á taisceadh;
   (b) sonraí i leith stádas agus sheoladh ionadaí an pháirtí;
   (c) na saincheisteanna agus na hargóintí dlí a bhfuil sé ag brath orthu;
   (d) an t-ordú atá á lorg ag an bpáirtí atá á taisceadh.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 177(4) go (6) maidir le frithaighneacht.

*Airteagal 181*

**Clabhsúr a chur leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta**

Gan dochar d’fhorálacha Chaibidil 3, beidh clabhsúr leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta i ndiaidh thaisceadh fhrithaighneacht an chosantóra agus, más infheidhme, fhrithaighneacht an idiragraí de réir bhrí Airteagal 173.

Caibidil 3
CROS-ÉILEAMH

*Airteagal 182*
**Cros-éileamh**

1. Féadfaidh na páirtithe sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc cros-éileamh a thaisceadh laistigh den teorainn ama chéanna a fhorordófar chun frithaighneacht a thaisceadh.

2. Ní mór cros-éileamh a dhéanamh i ndoiciméad ar leith ón bhfrithaighneacht.

*Airteagal 183*
**Inneachar an chros-éilimh**

Beidh sa chros-éileamh:

(a) ainm agus seoladh an pháirtí atá á thaisceadh;

(b) sonraí i leith stádas agus sheoladh ionadaí an pháirtí;

(c) na saincheisteanna agus na hargóintí dlí a bhfuil sé ag brath orthu;

(d) an t-ordú atá á lorg.

*Airteagal 184*
**An t-ordú a bheidh á lorg, saincheisteanna agus argóintí dlí an chros-éilimh**

1. Iarrfar neamhniú nó athrú ar chinneadh an Bhoird Achomhairc sa chros-éileamh ar phointe nua nár ardaíodh san iarratas.

2. Sainaithneofar sna saincheisteanna dlí agus sna hargóintí a mbeifear ag brath orthu na pointí atá faoi chonspóid i bhforais an chinnidh atá faoi dhíospóid.

*Airteagal 185*
**Frithaighneacht ar an gcros-éileamh**

I gcás ina ndéanfar cros-éileamh, féadfaidh páirtithe eile pléadáil i scríbhinn a thaisceadh a bheidh teoranta do fhreagra a thabhairt ar an ordú atá á lorg, na saincheisteanna dlí agus na hargóintí sa chros-éileamh, laistigh de dhá mhí ó sheirbheáil an chros-éilimh. Féadfaidh an tUachtarán an teorainn ama sin a fhadú in imthosca eisceachtúla ar iarratas réasúnaithe a fháil ón bpáirtí lena mbaineann.

*Airteagal 186*

**Clabhsúr leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta**

Nuair a thaiscfear cros-éileamh, beidh clabhsúr leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta i ndiaidh thaisceadh na frithaighneachta deiridh ar an gcros-éileamh sin.

*Airteagal 187*

**Nasc idir an phríomhchaingean agus an cros-éileamh**

Measfar go mbeidh cros-éileamh in éagmais aon chuspóir:

(a) i gcás ina scoirfidh an t-iarratasóir den phríomhchaingean.

(b) i gcás ina ndearbhófar go bhfuil an phríomhchaingean do-ghlactha go follasach.

Caibidil 4

GNÉITHE EILE DEN NÓS IMEACHTA

*Airteagal 188*

**Ábhar na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta**

Ní fhéadfar ábhar na n-imeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc a athrú le pléadálacha i scríbhinn arna dtaisceadh ag na páirtithe le linn imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta.

*Airteagal 189 (M7)*

**Fad pléadálacha i scríbhinn**

1. Socróidh an Chúirt Ghinearálta, i gcomhréir le hAirteagal 243, uasfhad na bpléadálacha i scríbhinn a thaiscfear de réir an Teidil seo.

2. Féadfaidh an tUachtarán cead a thabhairt uasfhad na bpléadálacha i scríbhinn a shárú i gcásanna a bhaineann le ceisteanna dlí nó fíorais atá thar a bheith casta.

*Airteagal 190*

**Costais**

1. Sa chás go n-éiríonn le himeachtaí i gcoinne chinneadh an Bhoird Achomhairc, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a ordú go n-íocfaidh an cosantóir a chostais féin amháin.

2. Measfar gur costais inghnóthaithe iad costais na bpáirtithe arna dtabhú de riachtanas chun críocha na n-imeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc.

## TEIDEAL V (M6) (M7)
## NÓSANNA IMEACHTA TAR ÉIS BREITH A CHUR AR CEAL AR ACHOMHARC AGUS CÁS A THARCHUR AR AIS CHUN NA CÚIRTE GINEARÁLTA

### Caibidil 1
### BREITHEANNA NA CÚIRTE GINEARÁLTA A THABHARFAR I nDIAIDH A BREITH A CHUR AR CEAL AGUS A THARCHUR AR AIS CHUICI

*Airteagal 191 (M7)*

**Cur ar ceal agus tarchur ón gCúirt Bhreithiúnais**

I gcás ina ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas nó ordú de chuid na Cúirte Ginearálta a chur ar ceal agus ina dtarchuirfidh sí an cás ar ais chun na Cúirte sin, tabharfar an cás os comhair na Cúirte Ginearálta trí bhíthin na breithe lena ndéanfar é a tharchur.

*Airteagal 192 (M7)*

**Sannadh an cháis**

1. I gcás ina gcuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas nó ordú Dlísheomra ar ceal, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta an cás a shannadh do Dhlísheomra eile ag suí leis an líon céanna Breithiúna.

2. I gcás ina gcuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas nó ordú a thabharfaidh Mór-Dhlísheomra nó Dlísheomra de mhéid idirmheánach na Cúirte Ginearálta ar ceal, déanfar an cás a shannadh d'fhoirmíocht na Cúirte ina mbeidh an líon céanna Breithiúna in suí.

3. I gcás ina gcuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas a thabharfaidh nó ordú a dhéanfaidh Breitheamh ag suí mar Bhreitheamh aonair ar ceal, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta an cás a shannadh do Bhreitheamh aonair, gan dochar do tharchur an cháis ón mBreitheamh aonair sin chuig an Dlísheomra lena mbaineann sé.

*Airteagal 193 (M7)*

**Stiúradh na n-imeachtaí**

1. Sa chás go ndearnadh breith, arna cur ar ceal ag an gCúirt Bhreithiúnais níos déanaí, i ndiaidh clabhsúr a chur leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta, féadfaidh na páirtithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a mbarúlacha i scríbhinn ar na conclúidí a bheidh le baint ó bhreith na Cúirte Breithiúnais maidir le toradh na n-imeachtaí a thaisceadh

laistigh de dhá mhí ó sheirbheáil bhreith na Cúirte Breithiúnais orthu. Ní fhéadfar an teorainn ama sin a fhadú.

2. Sa chás go ndearnadh breith, arna cur ar ceal ag an gCúirt Bhreithiúnais níos déanaí, sula gcuirtear clabhsúr leis an gcuid i scríbhinn den nós imeachta ar shubstaint an cháis os comhair na Cúirte Ginearálta, tosófar arís í ag an gcéim a shroich sí.

3. Féadfaidh an tUachtarán a cheadú go ndéanfar ráitis fhorlíontacha bharúlacha i scríbhinn a thaisceadh, má fhágann na himthosca gur cóir é sin.

*Airteagal 194 (M7)*

**Rialacha is infheidhme maidir leis na himeachtaí**

Faoi réir fhorálacha Airteagal 193, déanfar an nós imeachta a stiúradh i gcomhréir le forálacha Theideal III nó Theideal IV, de réir mar a bheidh.

*Airteagal 195 (M7)*

**Costais**

Is í an Chúirt Ghinearálta a thabharfaidh breith maidir leis na costais a bhaineann leis na himeachtaí a thionscnófar os a comhair agus leis na himeachtaí maidir le hachomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais.

**TEIDEAL VI (M7)**
**TARCHUR CHUN RÉAMHRIALÚ**

Caibidil 1
FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 196 (M7)*
**Raon feidhme**

Rialófar an nós imeachta le forálacha an Teidil seo sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 50b den Reacht.

*Airteagal 197 (M7)*
**Forálacha is infheidhme**

Faoi réir na bhforálacha speisialta den Teideal seo, beidh feidhm ag Airteagal 52 go 56, 58, 60 go 62, 67 agus 75 maidir le hiarrataí ar réamhrialú.

*Airteagal 198 (M7)*
**Seirbheáil**

1. Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go ndéanfar na doiciméid nós imeachta agus ítimí, mar aon leis na cinntí arna nglacadh le linn na n-imeachtaí a chuirtear le comhad an cháis agus a thagann faoin Teideal seo a sheirbheáil ar an gcúirt a rinne an tarchur agus ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

2. Déanfar an tseirbheáil sin trí e-Curia, i gcomhréir leis na modhanna dá bhforáiltear in Airteagail 56a agus 57, i gcás ina bhfuil cuntas rochtana e-Curia ag an seolaí.

3. Sa chás nach mbeadh cuntas rochtana e-Curia ag seolaí na seirbheálacha, déanfar na seirbheálacha trí chóip den doiciméad atá le seirbheáil a sheoladh tríd an bpost cláraithe le foirm ag gabháil leis chun admháil a fháil, nó tríd an gcóip sin a sheachadadh go pearsanta le hadmháil, nó trí mhodh tarchuir leictreonaigh arna úsáid ag an gCúirt Ghinearálta, i gcás inar thoiligh an seolaí go seolfaí seirbheálacha chuige tríd an modh sin.

Caibidil 2 (M7)
AN CHUID I SCRÍBHINN DEN NÓS IMEACHTA

*Airteagal 199 (M7)*
**Inneachar na hiarrata ar réamhrialú**

Chomh maith le téacs na gceisteanna a tharchuirfear chun réamhrialú a fháil, tabharfar seo a leanas san iarraidh ar réamhrialú:

(a) achoimre ar ábhar na díospóide agus na cinntí fíorais ábhartha de réir mar a chinn an chúirt nó an binse a rinne an tarchur, nó, ar a laghad, cuntas ar na fíorais ar a bhfuil an cheist bunaithe;

(b) éirim aon fhorálacha náisiúnta is infheidhme maidir leis an gcás agus, i gcás inarb iomchuí, an cásdlí náisiúnta ábhartha;

(c) ráiteas ar na fáthanna a spreag an chúirt nó an binse a rinne an tarchur chun léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais Eorpaigh a fhiosrú, agus an gaol idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí.

*Airteagal 200 (M7)*
**Foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh***

Foilseofar fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina luafar dáta taiscthe na hiarrata ar réamhrialú, an chúirt nó an binse a rinne an tarchur, na ceisteanna a tharchuirtear agus, faoi réir Airteagal 201, ainm na bpáirtithe sna príomhimeachtaí.

*Airteagal 201 (M7)*
**Anaithnidiú agus sonraí a fhágáil ar lár**

1. Sa chás go ndéanann an chúirt nó an binse a rinne an tarchur an iarraidh ar réamhrialú a anaithnidiú nó go gcinneann an chúirt nó an binse a rinne an tarchur sonraí a bhaineann le daoine nádúrtha nó le heintitis lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí, cibé acu an páirtithe nó tríú páirtithe sa díospóid sin iad, a fhágáil ar lár, cloífidh an Chúirt Ghinearálta leis an anaithnidiú nó leis an bhfágáil ar lár sin sna himeachtaí atá ar feitheamh os a comhair.

2. Ar iarratas ón gcúirt nó ón mbinse a rinne an tarchur, ar iarratas ó pháirtí sna príomhimeachtaí nó uaithi féin, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta freisin iarraidh ar réamhrialú a anaithnidiú nó a chinneadh sonraí pearsanta duine nádúrtha amháin nó níos mó lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí, cibé acu an páirtithe nó tríú páirtithe sa díospóid sin iad, a fhágáil ar lár.

*Airteagal 202 (M7)*
**Rannpháirtíocht in imeachtaí i leith réamhrialú**

1. De bhun Airteagal 23 den Reacht, údarófar na daoine nó na heintitis seo a leanas pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a thaisceadh:

   (a) na páirtithe sna príomhimeachtaí;

   (b) na Ballstáit;

   (c) an Coimisiún Eorpach;

   (d) Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Banc Ceannais Eorpach, má mheasann siad go bhfuil leas sonrach acu sna ceisteanna arna n-ardú leis an iarraidh ar réamhrialú;

   (e) an institiúid a ghlac an gníomh a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi chonspóid;

   (f) na Stáit is páirtithe i gComhaontú LEE, seachas Stáit ar Ballstáit iad, agus Údarás Faireacháin CSTE freisin, i gcás ina dtarchuirfear ceist a bhaineann le ceann de réimsí cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe chun na Cúirte le haghaidh réamhrialú;

   (g) Stáit nach Ballstáit atá ina bpáirtithe i gcomhaontú a bhaineann le réimse sonrach a cuireadh i gcrích leis an gComhairle, i gcás ina ndéantar foráil don mhéid sin sa chomhaontú agus i gcás ina ndéanann cúirt nó binse de chuid Ballstáit tarchur chun réamhrialú chuig an gCúirt ar cheist a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe sin.

2. Ní chuirfear bac ar rannpháirtíocht sa chuid ó bhéal de na himeachtaí mar thoradh ar neamh-rannpháirtíocht sa chuid i scríbhinn de na himeachtaí.

3. Foilseofar pléadálacha i scríbhinn agus barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh de bhun an Airteagail seo ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh tar éis clabhsúr a chur leis na himeachtaí réamhrialaithe mura ndéanann duine de na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agóid i gcoinne fhoilsiú a phléadálacha i scríbhinn nó a bharúlacha i scríbhinn. Ní mór an agóid sin, nach gá cúiseanna a chur léi agus nach féidir a bheith ina hábhar caingne os comhair na Cúirte Breithiúnais ná na Cúirte Ginearálta, a chur in iúl don Chlárlann, i ndoiciméad ar leith, trí mhí ar a dhéanaí tar éis an fhógra nach ndearna an Chéad Abhcóide Ginearálta aon togra i leith athbhreithniú, nó tar éis sheirbheáil chinneadh na Cúirte Breithiúnais nach ndéanfar athbhreithniú ar bhreith na Cúirte Ginearálta, nó tar éis fhógairt an bhreithiúnais lena ndéantar athbhreithniú ar an mbreith sin. Sa chás sin, déantar tagairt don agóid sin ar an suíomh thuasluaite agus ní fhoilseofar na pléadálacha i scríbhinn nó na barúlacha i scríbhinn lena mbaineann, fiú i bpáirt. Má

chuireann an duine leasmhar deireadh lena agóid níos déanaí maidir le foilsiú a phléadálacha i scríbhinn nó a bharúlacha i scríbhinn, foilseofar na pléadálacha i scríbhinn nó na barúlacha i scríbhinn sin ar an suíomh a luaithe a chuirfear deireadh leis an agóid sin. Sa chás go gcuirfear an agóid in iúl don Chlárlann tar éis dhul in éag na teorann ama thuasluaite, bainfear den suíomh na pléadálacha i scríbhinn nó na barúlacha i scríbhinn a foilsíodh.

*Airteagal 203 (M7)*

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

1. Is iad na páirtithe sna príomhimeachtaí na páirtithe sin a gcinnfidh amhlaidh an chúirt nó an binse a rinne an tarchur i gcomhréir le rialacha nós imeachta náisiúnta.

2. I gcás go gcuireann an chúirt nó an binse a rinne an tarchur in iúl don Chúirt Ghinearálta gur ligeadh páirtí nua isteach sna príomhimeachtaí, in ainneoin go bhfuil na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta ar feitheamh, ní mór don pháirtí sin glacadh leis an gcás mar a bheidh sé an tráth arna chur sin in iúl don Chúirt Ghinearálta. Gheobhaidh an páirtí sin cóip de gach doiciméad nós imeachta a seirbheáladh cheana ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

3. Maidir le hionadaíocht agus freastal na bpáirtithe sna príomhimeachtaí, tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta aird ar na rialacha nós imeachta i bhfeidhm os comhair na cúirte nó an bhinse náisiúnta a rinne an tarchur. I gcás ina bhfuil aon amhras ann an bhféadfaidh duine ionadaíocht a dhéanamh do pháirtí sna príomhimeachtaí, nó an bhféadfaidh páirtí den sórt sin gníomhú gan ionadaí de réir an dlí náisiúnta, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta faisnéis faoi na rialacha nós imeachta is infheidhme a fháil ón gcúirt nó ón mbinse a rinne an tarchur. I gcásanna, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta náisiúnta is infheidhme, go gceadaítear do na páirtithe sna príomhimeachtaí imeachtaí cúirte a thionscnamh nó a chosaint gan ionadaíocht ó dhlíodóir, nó go ndéanann daoine údaraithe ionadaíocht orthu, beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear i dTeideal III, Caibidil 1, Cuid 2.

*Airteagal 204 (M7)*

**Aistriúchán agus seirbheáil na hiarrata ar réamhrialú**

1. Déanfar an iarraidh ar réamhrialú arna tarchur ag an gCúirt Bhreithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta a sheirbheáil ar na Ballstáit sa leagan bunaidh agus beidh aistriúchán go teanga oifigiúil an Stáit chun a ndíreofar iad ina dteannta. I gcás inarb iomchuí, toisc fhad na hiarrata, déanfar aistriúchán go teanga oifigiúil an Stáit chun a ndíreofar é ar achoimre den iarraidh a chur in ionad an aistriúcháin sin agus beidh an achoimre sin mar bhonn don seasamh a ghlacfaidh an Stát sin.

Beidh san achoimre téacs iomlán na ceiste nó na gceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú. A mhéid a bheidh an fhaisnéis sin san iarraidh ar réamhrialú, beidh san achoimre ach go háirithe ábhar na bpríomhimeachtaí, argóintí fíor-riachtanacha na bpáirtithe sna príomhimeachtaí, cur síos gonta ar fhorais an tarchuir chun réamhrialú agus ar an gcásdlí agus ar na forálacha den dlí náisiúnta agus de dhlí an Aontais Eorpaigh a mbeifear ag brath orthu.

2. Sna cásanna dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 23 den Reacht, déanfar iarrataí ar réamhrialú a sheirbheáil sa leagan bunaidh ar na Stáit, seachas na Ballstáit, is páirtithe i gComhaontú LEE agus Údarás Faireacháin CSTE, agus beidh ina dteannta aistriúchán ar an iarraidh nó, i gcás inarb iomchuí, aistriúchán ar achoimre ar an iarraidh go ceann de na teangacha a luaitear in Airteagal 44 a roghnóidh an té chuig a ndíreofar iad.

3. I gcás ina mbeidh sé de cheart ag Stát nach Ballstát a bheith rannpháirteach in imeachtaí um réamhrialú i gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 23 den Reacht, déanfar an iarraidh ar réamhrialú a sheirbheáil air ina leagan bunaidh mar aon le haistriúchán ar an iarraidh nó, i gcás inarb iomchuí, aistriúchán ar achoimre ar an iarraidh go ceann de na teangacha a luaitear in Airteagal 44 a roghnóidh an Stát nach Ballstát lena mbaineann.

*Airteagal 205 (M7)*

**Doiciméid nós imeachta a thaisceadh**

1. Féadfar na doiciméid nós imeachta dá bhforáiltear sa Teideal seo a thaisceadh sa Chlárlann trí e-Curia i gcomhréir leis na modhanna dá bhforáiltear in Airteagail 56a agus 72, i gcás ina bhfuil cuntas rochtana e-Curia ag údair na ndoiciméad sin.

2. Sa chás nach bhfuil cuntas rochtana e-Curia ag údar doiciméid, déanfar an doiciméad nós imeachta agus na hiarscríbhinní uile dá dtagraítear ann, mar aon le sceideal de na hiarscríbhinní sin, a thaisceadh i bhformáid páipéir sa Chlárlann. Ní mór síniú lámhscríofa ionadaí an duine leasmhair dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a bheith ar leagan bunaidh an doiciméid sin a thaisceann é nó, má cheadaíonn na rialacha nós imeachta náisiúnta is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí sin, síniú an pháirtí sna príomhimeachtaí.

3. Déanfar na doiciméid nós imeachta uile a dhátú. Maidir leis na teorainneacha ama nós imeachta a ríomh, ní chuirfear san áireamh ach an dáta agus an t-am a dhéantar an doiciméad bunaidh a thaisceadh sa Chlárlann.

4. De mhaolú ar an dara habairt de mhír 3, an dáta agus an uair a bhfaighidh an Chlárlann cóip iomlán den leagan bunaidh sínithe de dhoiciméad nós imeachta, lena n-áirítear sceideal na n-iarscríbhinní dá dtagraítear i mír 2 trí mhodh tarchuir leictreonaigh arna úsáid ag an gCúirt Ghinearálta, measfar gurb iad sin

dáta agus uair an taiscthe chun na teorainneacha ama nós imeachta a chomhlíonadh, ar choinníoll go ndéanfar an leagan bunaidh den doiciméad nós imeachta lena ngabhfaidh na hiarscríbhinní a thaisceadh sa Chlárlann tráth nach déanaí ná deich lá ina dhiaidh sin. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 60 de na Rialacha seo maidir leis an teorainn ama deich lá sin.

5. Tabharfaidh na hinstitiúidí ar aird, thairis sin, laistigh de na teorainneacha ama a leagfaidh an Chúirt Ghinearálta síos, aistriúcháin ar aon doiciméad nós imeachta sna teangacha eile dá bhforáiltear le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle.

## Caibidil 3 (M7)
## RÉAMHTHUARASCÁIL

### *Airteagal 206 (M7)*
### **Réamhthuarascáil**

1. Tráth chlabhsúr an nós imeachta i scríbhinn, socróidh an tUachtarán dáta a chuirfidh an Breitheamh is Rapóirtéir a réamhthuarascáil faoi bhráid na Cúirte Ginearálta.

2. Beidh sa réamhthuarascáil anailís ar na ceisteanna ábhartha a ardaítear san iarraidh ar réamhrialú, moltaí maidir le tarchur féideartha an cháis chuig an gCúirt Bhreithiúnais de bhun an dara fomhír d'Airteagal 256(3) CFAE, ar chóir bearta eagrúcháin nós imeachta a dhéanamh, bearta fiosrúcháin a dhéanamh nó iarrataí a chur ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur lena soiléiriú agus tarchur féideartha an cháis chuig an Mór-Dhlísheomra, an Dlísheomra de mhéid idirmheánach nó foirmíocht na Cúirte ina suí le líon difriúil Breithiúna. Beidh sa tuarascáil freisin na tograí, más ann, ón mBreitheamh is Rapóirtéir maidir le héisteacht a ligean thar ceal agus maidir le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a ligean thar ceal de bhun an chúigiú mír d'Airteagal 20 den Reacht.

3. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, maidir leis an mbeart a dhéanfar faoi na moltaí ón mBreitheamh is Rapóirtéir, agus, i gcás inarb iomchuí, ar chóir an chuid ó bhéal den nós imeachta a oscailt.

Caibidil 4 (M7)
BEARTA A FHÉADFAIDH AN CHÚIRT GHINEARÁLTA A GHLACADH

*Airteagal 207 (M7)*
**Tarchuir chuig an gCúirt Bhreithiúnais**

1. Sa chás go ndéanfar iarraidh ar réamhrialú go díreach leis an gCúirt Ghinearálta de shárú ar an tríú mír d’Airteagal 50b den Reacht, cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta í ar aghaidh chuig Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais láithreach.

2. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di an tAbhcóide Ghinearálta a éisteacht, cinneadh um tharchur sna himthosca a shonraítear sa dara mír d’Airteagal 54 den Reacht trí ordú réasúnaithe, nach bhféadfar achomharc a dhéanamh ina choinne.

3. Féadfaidh an Dlísheomra dár sannadh an cás, ag aon chéim de na himeachtaí, tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a mholadh don tionól iomlánach go ndéanfar an tarchur dá bhforáiltear sa dara mír d’Airteagal 256(3) CFAE. Is é an tionól iomlánach a ghlacfaidh an cinneadh um tharchur.

4. Féadfaidh an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán freisin, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a mholadh don tionól iomlánach go ndéanfar an tarchur dá dtagraítear sa mhír roimhe seo go dtí go gcuirfear clabhsúr leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta agus, más rud é gur tugadh Tuairim, seachtain amháin ar a laghad tar éis an Tuairim a thabhairt, nó roimh an gcinneadh breith a thabhairt gan an chuid ó bhéal den nós imeachta. Is é an tionól iomlánach a ghlacfaidh an cinneadh um tharchur.

*Airteagal 208 (M7)*
**Uamadh**

1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tráth ar bith, dhá chás réamhrialaithe nó níos mó a bhaineann leis an ábhar céanna a uamadh de bharr an cheangail eatarthu, go malartach nó go carnach, chun críocha an nós imeachta i scríbhinn nó ó bhéal nó chun críocha an bhreithiúnais chríochnaithigh.

2. Déanfaidh an tUachtarán cinneadh ar chóir cásanna a uamadh, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

3. Féadfar cásanna uamtha a dheighilt i gcomhréir le forálacha mhír 2.

4. Déanfar an iarraidh ar réamhrialú, maille leis na haistriúcháin nó na haistriúcháin ar an achoimre ar an iarraidh ar réamhrialú agus barúlacha i scríbhinn ó na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, a

sheirbheáil ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht sa chás uamtha, de réir na modhanna dá bhforáiltear in Airteagal 198.

*Airteagal 209 (M7)*

**Bac ar imeachtaí agus imeachtaí a atosú**

1. Féadfar bac a chur ar na himeachtaí:

   (a) sna himthosca a shonraítear sa tríú mír d'Airteagal 54 den Reacht, ar ordú ón gCúirt Ghinearálta, a dhéanfar tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht;

   (b) i ngach cás eile, ina gceanglaítear é ar mhaithe le riaradh cuí an cheartais, trí bhreith ón Uachtarán, tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

2. Féadfar na himeachtaí a atosú trí ordú nó trí bhreith de réir an nós imeachta céanna.

3. Tiocfaidh éifeacht le bac ar imeachtaí ar an dáta a luaitear san ordú nó sa bhreith bhaic nó, ceal lua dá shamhail, ar dháta an ordaithe nó na breithe sin.

4. Fad a bheidh bac ar imeachtaí, stopfaidh rith ama do na páirtithe nó do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht chun críocha na dtréimhsí nós imeachta a fhorordófar.

5. I gcás nach socraíonn an t-ordú baic nó an bhreith bhaic fad an bhaic, críochnóidh sé ar an dáta a luaitear san ordú atosaithe nó sa bhreith atosaithe nó, ceal lua dá shamhail, ar dháta an ordaithe atosaithe nó na breithe atosaithe.

6. Ó dháta atosaithe imeachtaí i ndiaidh baic, cuirfear teorainn ama nós imeachta nua in ionad na dteorainneacha ama nós imeachta a cuireadh ar fionraí agus tosóidh an t-am ag rith as an nua ó dháta an atosaithe.

*Airteagal 210 (M7)*

**Bearta eagrúcháin nós imeachta**

1. De bhreis ar na bearta a fhéadfar a fhorordú i gcomhréir le hAirteagal 24 den Reacht, féadfar a iarraidh ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht ceisteanna áirithe a fhreagairt i scríbhinn nó le linn na héisteachta. I gcás go n-eagrófar éisteacht, iarrfaidh an Chúirt Ghinearálta, a mhéid is féidir, ar na rannpháirtithe san éisteacht díriú ar shaincheist amháin nó níos mó ina bpléadálacha ó bhéal.

2. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta na bearta eagrúcháin nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 a chinneadh, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

3. Féadfaidh an Breitheamh is Rapóirtéir nó an tAbhcóide Ginearálta a iarraidh ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht an fhaisnéis go léir maidir leis na fíorais agus na doiciméid go léir nó aon sonraí eile a mheasfaidh siad a bheith ábhartha a thíolacadh laistigh de thréimhse shonraithe. Féadfaidh siad freisin ceisteanna sheoladh chucu a bheidh le freagairt ag an éisteacht.

*Airteagal 211 (M7)*

**Bearta fiosrúcháin**

1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, na bearta fiosrúcháin a mheasann sí a bheith iomchuí i measc na mbeart dá bhforáiltear in Airteagal 91(a), (b), (d), (e) agus (f), i gcomhréir leis na modhanna agus na rialacha maidir le rannpháirtíocht a leagtar síos in Airteagal 92(1), (4), (5) agus (6), de réir na modhanna a leagtar síos in Airteagail 93 go 102.

2. Féadfaidh na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a bheith i láthair ag na bearta fiosrúcháin agus páirt a ghlacadh ina gcur chun feidhme de réir na modhanna dá bhforáiltear do na páirtithe sna forálacha dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 212 (M7)*

**Iarraidh ar shoiléiriú**

Gan dochar d’aon bheart eagrúcháin nós imeachta ná d’aon bheart fiosrúcháin dá bhforáiltear sna Rialacha seo, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, soiléiriú a iarraidh ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur laistigh de theorainn ama a fhorordóidh an Chúirt Ghinearálta.

Caibidil 5 (M7)

AN CHUID Ó BHÉAL DEN NÓS IMEACHTA

*Airteagal 213 (M7)*

**Éisteacht**

1. Déanfar aon iarratas réasúnaithe ar éisteacht a thíolacadh laistigh de thréimhse trí seachtaine ón am a dtabharfar fógra faoi chlabhsúr an nós imeachta i scríbhinn do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht. Féadfaidh an tUachtarán an teorainn ama sin a fhadú.

2. Ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh gan éisteacht a thionól i gcás ina measfaidh sí, ar léamh na bpléadálacha i scríbhinn nó na n-aighneachtaí i scríbhinn a thaiscfear le linn an chuid i scríbhinn den nós imeachta, go bhfuil a dóthain faisnéise aici chun breithiúnas a thabhairt.

3. Ní bheidh feidhm ag an mír roimhe seo i gcás iarratas réasúnaithe ar éisteacht arna thaisceadh ag duine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht nár ghlac páirt sa chuid i scríbhinn den nós imeachta.

*Airteagal 214 (M7)*
**Comhéisteacht**

Má cheadaíonn na cosúlachtaí idir dhá chás réamhrialaithe nó níos mó a leithéid, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh comhéisteacht a eagrú do na cásanna sin.

*Airteagal 215 (M7)*
**Dáta na héisteachta**

1. Má dhéanann an Chúirt Ghinearálta cinneadh éisteacht a reáchtáil, socróidh an tUachtarán an dáta.

2. Féadfaidh an tUachtarán, in imthosca eisceachtúla, uaidh féin nó ar iarratas réasúnaithe ó dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, an éisteacht a chur ar athlá go dáta eile.

*Airteagal 216 (M7)*
**Rannpháirtíocht in éisteacht trí fhíschomhdháil**

1. I gcás ina gcuireann cúiseanna sláinte, slándála nó cúiseanna tromchúiseacha eile bac ar ionadaí ar dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht nó ar pháirtí sna príomhimeachtaí a cheadaítear dóibh imeachtaí cúirte a thionscnamh nó a chosaint gan ionadaíocht ó dhlíodóir páirt a ghlacadh in éisteacht i bpearsa, féadfar cead a thabhairt don ionadaí nó don pháirtí sin freastal ar an éisteacht sin trí fhíschomhdháil.

2. Déanfar iarratas chun freastal ar an éisteacht trí fhíschomhdháil a thíolacadh i ndoiciméad ar leith, a luaithe atá cúis an bhaic ar eolas agus léireofar go cruinn ann cineál an bhaic sin.

3. Déanfaidh an tUachtarán cinneadh maidir leis an iarratas sin a luaithe is féidir.

4. Ní cheadófar físchomhdháil a úsáid i gcás go dtugann an Chúirt Ghinearálta breith i seomra iata de bhun Airteagal 217.

5. Sonrófar na coinníollacha teicniúla atá le comhlíonadh chun freastal ar éisteachtaí trí fhíschomhdháil sna rialacha cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 243.

*Airteagal 217 (M7)*

**Cásanna a éisteacht i seomra iata**

1. Ar chúiseanna troma, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh cás a éisteacht i seomra iata.

2. Ní fhoilseofar na himeachtaí ó bhéal i gcásanna a éistfear i seomra iata.

*Airteagal 218 (M7)*

**Éisteacht a stiúradh**

1. Cuirfidh an tUachtarán tús leis na himeachtaí ó bhéal agus déanfaidh sé stiúradh orthu agus beidh sé freagrach as an éisteacht a sheoladh mar is cuí.

2. Féadfaidh na comhaltaí d'fhoirmíocht na Cúirte agus an tAbhcóide Ginearálta, i gcúrsa na héisteachta, ceisteanna a chur ar ionadaithe na ndaoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agus, sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 203(3) de na Rialacha seo, ar na páirtithe sna príomhimeachtaí.

*Airteagal 219 (M7)*

**Éisteachtaí a chraoladh**

1. Féadfar éisteachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a chraoladh. Craoladh beo a bheidh ann sa chás go mbaineann sé le fógairt breithiúnas nó Tuairimí, agus craoladh moillithe a bheidh ann sa chás go mbaineann sé le pléadálacha ó bhéal na ndaoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht i gcás a sannadh ar an Mór-Dhlísheomra, ar an Dlísheomra de mhéid idirmheánach nó, go heisceachtúil, i gcás ina bhfuil údar leis sin mar gheall ar thábhacht an cháis, dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna ina suí.

2. Sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an gCúirt Ghinearálta éisteacht a chraoladh, cuirfidh an Chlárlann an méid sin in iúl do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, agus fógra á thabhairt dóibh chun freastal ar an éisteacht sin.

3. Má mheasann duine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht nár chóir an éisteacht ar tugadh fógra dó chun freastal air a chraoladh, cuirfidh sé

sin in iúl don Chúirt Ghinearálta a luaithe is féidir, agus na himthosca lena dtugtar údar gan an éisteacht a chraoladh á leagan amach go mionsonraithe.

4. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breith ar an iarratas sin a luaithe is féidir, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

5. Beidh fístaifead de na héisteachtaí a craoladh ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar feadh tréimhse nach faide ná aon mhí amháin i ndiaidh clabhsúr na héisteachta.

6. Má mheasann duine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht gur cheart fístaifead d'éisteacht ina raibh sé páirteach a bhaint den suíomh gréasáin thuasluaite, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Chúirt Ghinearálta chomh luath agus is féidir agus na himthosca lena dtugtar údar dó a bhaint á leagan amach.

7. Déanfaidh an tUachtarán cinneadh faoin iarraidh sin láithreach, tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

8. Cinnfidh an Chúirt Ghinearálta, trí chinneadh, na rialacha agus na socruithe maidir le craoladh na n-éisteachtaí a chur chun feidhme. Foilseofar an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 220 (M7)*
**Clabhsúr na héisteachta**

Tar éis do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a bpléadálacha ó bhéal a thabhairt, dearbhóidh an tUachtarán go bhfuil an éisteacht críochnaithe.

*Airteagal 221 (M7)*
**Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a thabhairt**

1. I gcás ina mbeidh éisteacht ann, tabharfar Tuairim an Abhcóide Ghinearálta tar éis dheireadh na héisteachta sin, ar dháta a fhógróidh an tAbhcóide Ginearálta.

2. I gcás nach mbeidh éisteacht ann, tabharfar Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ar dháta a fhógróidh an tAbhcóide Ginearálta.

3. Le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a thabhairt, cuirfear clabhsúr leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta.

*Airteagal 222 (M7)*

**An chuid ó bhéal den nós imeachta a tosú nó a atosú**

Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a ordú, tráth ar bith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go dtosófar nó go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta, go háirithe má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise os a comhair, nó i gcás, tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid sin den nós imeachta, ina dtíolacfaidh duine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht fíoras nua a mbeidh a chineál ina thoisc chinntitheach ar bhreith na Cúirte Ginearálta nó i gcás ina gcaithfear an cás a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh idir na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

*Airteagal 223 (M7)*

**Miontuairiscí na héisteachta**

1. Ullmhóidh an Cláraitheoir miontuairiscí ar gach éisteacht. Síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir na miontuairiscí. Beidh na miontuairiscí ina dtaifead oifigiúil.

2. Féadfaidh na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 miontuairiscí na héisteachta a iniúchadh sa Chlárlann agus cóipeanna díobh a fháil.

*Airteagal 224 (M7)*

**An éisteacht a thaifeadadh**

Féadfaidh an tUachtarán, ar iarratas cuí-réasúnaithe, a údarú do dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a bhí páirteach sa chuid i scríbhinn nó ó bhéal de na himeachtaí, éisteacht le fuaimrian na héisteachta, in áitreabh na Cúirte Ginearálta, sa teanga a d'úsáid na cainteoirí le linn na héisteachta sin.

Caibidil 6 (M7)

BREITHIÚNAIS AGUS ORDUITHE

*Airteagal 225 (M7)*

**Easpa dlínse fhollasach nó do-ghlacthacht fhollasach**

I gcás inar léir nach bhfuil aon dlínse ag an gCúirt Ghinearálta cás a thriail nó go bhfuil an iarraidh do-ghlactha go follasach, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, tráth ar bith gan aon chéim eile a thabhairt sna himeachtaí, breith a thabhairt trí ordú réasúnaithe.

*Airteagal 226 (M7)*

**Freagra trí ordú réasúnaithe**

I gcás ina mbeidh ceist a tharchuirfear chun na Cúirte le haghaidh réamhrialú comhionann le ceist a bhfuil rialú tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais nó ag an gCúirt Ghinearálta uirthi cheana, i gcás ina bhféadfar freagra na ceiste sin a bhaint go soiléir as an gcásdlí atá ann nó i gcás nach mbeidh amhras réasúnach faoi fhreagra na ceiste a tharchuirfear chun na Cúirte le haghaidh réamhrialú, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta tráth ar bith, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, rialú a thabhairt trí ordú réasúnaithe.

*Airteagal 227 (M7)*

**Cúinsí ina bhfanfaidh cás os comhair na Cúirte Ginearálta**

1. Fanfaidh iarraidh ar réamhrialú os comhair na Cúirte Ginearálta fad nach ndéanfaidh an chúirt nó an binse a rinne an iarraidh í a tharraingt siar. Féadfar aistarraingt na hiarrata a chur san áireamh tráth ar bith sula gcuirfear in iúl do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht an dáta a fhógrófar an breithiúnas.

2. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a dhearbhú tráth ar bith, áfach, gan dochar d'Airteagal 207, nach bhfuil coinníollacha a dlínse á gcomhlíonadh a thuilleadh.

*Airteagal 228 (M7)*

**Costais na n-imeachtaí réamhrialaithe**

Is faoin gcúirt nó faoin mbinse a rinne an tarchur atá sé breith a thabhairt i dtaobh chostais na n-imeachtaí réamhrialaithe.

*Airteagal 229 (M7)*

**Dáta fógartha breithiúnais**

Cuirfear dáta fógartha an bhreithiúnais in iúl do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht.

*Airteagal 230 (M7)*

**Inneachar breithiúnais**

Tabharfar i mbreithiúnas:

(a) ráiteas gurb é breithiúnas na Cúirte Ginearálta é;

(b) faisnéis maidir le foirmíocht na Cúirte Ginearálta;

(c) an dáta fógartha;

(d) ainm an Uachtaráin agus ainmneacha na mBreithiúna a ghlac páirt sna pléití, agus faisnéis maidir le hainm an Bhreithimh is Rapóirtéir;

(e) ainm an Abhcóide Ghinearálta;

(f) ainm an Chláraitheora;

(g) tuairisc ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a ghlac páirt sna himeachtaí;
(h) ainmneacha a n-ionadaithe;

(i) dáta na héisteachta, más infheidhme;

(j) ráiteas gur éisteadh an tAbhcóide Ginearálta agus, más iomchuí, dáta a Thuairime;

(k) achoimre ar na fíorais;

(l) forais na breithe;

(m) an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas.

*Airteagal 231 (M7)*

**Breithiúnas a fhógairt agus a sheirbheáil**

1. Fógrófar an breithiúnas i gcúirt oscailte.

2. Déanfar leagan bunaidh an bhreithiúnais, arna shíniú ag an Uachtarán, ag na Breithiúna a ghlac páirt sna pléití agus ag an gCláraitheoir, a shéalú agus a thaisceadh sa Chlárlann. Seirbheálfar cóip den bhreithiúnas ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur, ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agus ar an gCúirt Bhreithiúnais.

*Airteagal 232 (M7)*

**Inneachar ordaithe**

1. Beidh san ordú:

   (a) ráiteas gurb é ordú na Cúirte Ginearálta nó ordú an Uachtaráin, de réir mar a bheidh;

(b) más infheidhme, faisnéis maidir le foirmíocht na Cúirte Ginearálta;

(c) an dáta ar glacadh é;

(d) faisnéis maidir le bunús dlí an ordaithe;

(e) ainm an Uachtaráin agus, más infheidhme, ainmneacha na mBreithiúna a ghlac páirt sna pléití, agus faisnéis maidir le hainm an Bhreithimh is Rapóirtéir,

(f) ainm an Abhcóide Ghinearálta;

(g) ainm an Chláraitheora;

(h) tuairisc ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a ghlac páirt sna himeachtaí;

(i) ainmneacha a n-ionadaithe;

(j) ráiteas gur éisteadh an tAbhcóide Ginearálta;

(k) an chuid oibríochtúil den ordú.

2. I gcás ina mbeidh sé riachtanach, i gcomhréir leis na Rialacha seo, go mbeadh ordú réasúnaithe, beidh ann chomh maith:

(a) achoimre ar na fíorais;

(b) forais na breithe.

*Airteagal 233 (M7)*

**Ordú a shíniú agus a sheirbheáil**

Déanfar leagan bunaidh an ordaithe, a shíneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir, a shéalú agus a thaisceadh sa Chlárlann. Déanfar cóip den ordú a sheirbheáil ar an gcúirt nó ar an mbinse a rinne an tarchur, ar na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht agus ar an gCúirt Bhreithiúnais.

*Airteagal 234 (M7)*

**Éifeacht na mbreithiúnas agus na n-orduithe**

Beidh éifeacht ag breithiúnais agus orduithe sna coinníollacha dá bhforáiltear sa dara mír d’Airteagal 62b den Reacht.

*Airteagal 235 (M7)*

**Breithiúnais agus orduithe a cheartú**

1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta earráidí cléireachais, botúin ríomha agus tuaiplisí follasacha a dhéanann difear do bhreithiúnais nó d'orduithe a cheartú, uaithi féin nó ar iarratas ó dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht a dhéanfar laistigh de choicís tar éis dháta fógartha an bhreithiúnais nó seirbheála an ordaithe.

2. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta a breith tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.
3. Cuirfear doiciméad bunaidh an ordaithe ceartúcháin i gceangal le doiciméad bunaidh na breithe ceartaithe. Cuirfear nóta i dtaobh an ordaithe sin ar imeall dhoiciméad bunaidh na breithe ceartaithe.

*Airteagal 236 (M7)*

**Léiriú a dhéanamh ar réamhrialú**

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 168 de na Rialacha seo maidir le léiriú ar bhreithiúnais agus ar orduithe i ndáil le breitheanna a thabharfar mar fhreagra ar iarraidh ar réamhrialú.

2. Is faoi na cúirteanna náisiúnta nó faoi na binsí náisiúnta a bheidh sé a mheas cé acu ar tugadh nó nár tugadh dóthain treorach leis an réamhrialú nó an léir dóibh go mbeidh gá le hiarraidh ar réamhrialú bhreise a dhéanamh.

Caibidil 7 (M7)

AN NÓS IMEACHTA BROSTAITHE

*Airteagal 237 (M7)*

**Nós imeachta brostaithe**

1. Ar iarratas ón gcúirt nó ón mbinse a rinne an tarchur nó, go heisceachtúil, uaidh féin, féadfaidh an tUachtarán a chinneadh, i gcás go n-éilíonn nádúr an cháis go ndéileálfar leis laistigh d'achar gearr ama, tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go gcuirfear nós imeachta brostaithe i bhfeidhm maidir le tarchur chun réamhrialú trí mhaolú ar fhorálacha na Rialacha seo.

2. Sa chás sin, socróidh an tUachtarán dáta na héisteachta láithreach agus cuirfear an dáta sin in iúl do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht nuair a sheirbheálfar an iarraidh ar réamhrialú.

3. Féadfaidh na daoine leasmhara dá dtagraítear sa mhír roimhe seo pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a thaisceadh laistigh de theorainn ama nach giorra ná 15 lá a fhorordóidh an tUachtarán. Féadfaidh an tUachtarán iarraidh ar na daoine leasmhara nach mbeadh sna hábhair a ardaíonn siad ina bpléadálacha nó barúlacha i scríbhinn ach na poncanna dlí fíor-riachtanacha a ardófar leis an iarraidh ar réamhrialú.

4. Cuirfear na ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn, más ann, in iúl do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht roimh an éisteacht.

5. Rialóidh an Chúirt Ghinearálta tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

*Airteagal 238 (M7)*

**Doiciméid nós imeachta a sheachadadh**

1. Measfar go mbeidh na doiciméid nós imeachta dá dtagraítear san Airteagal roimhe seo taiscthe, tráth a dhéanfar cóip den doiciméad bunaidh sínithe agus na hítimí agus na doiciméid a mbeifear ag brath orthu mar thacaíocht dó, mar aon le sceideal dá dtagraítear in Airteagal 205(2) a sheachadadh chuig Clárlann na Cúirte Ginearálta, trí e-Curia nó trí mhodh tarchuir leictreonaigh eile arna úsáid ag an gCúirt Ghinearálta. Seolfar an doiciméad bunaidh agus na hiarscríbhinní dá dtagraítear thuas chuig an gClárlann láithreach sa chás gur seoladh na cóipeanna díobh trí mhodh tarchuir leictreonaigh arna úsáid ag an gCúirt Ghinearálta.

2. I gcás ina n-éilíonn an tAirteagal roimhe seo go seirbheálfar doiciméad ar dhuine nó go gcuirfear doiciméad in iúl dóibh, féadfar an tseirbheáil sin nó an fógra sin a thabhairt trí chóip den doiciméad a tharchur trí e-Curia nó trí mhodh tarchuir leictreonaigh arna úsáid ag an gCúirt Ghinearálta.

Caibidil 8 (M7)

CÚNAMH DLÍTHIÚIL

*Airteagal 239 (M7)*

**Iarratas ar chúnamh dlíthiúil**

1. Aon pháirtí sna príomhimeachtaí nach féidir leis costais na n-imeachtaí atá os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc go hiomlán nó go páirteach, féadfaidh sé cúnamh dlíthiúil a iarraidh tráth ar bith.

2. Cuirfear gach faisnéis agus gach doiciméad tacaíochta i dteannta an iarratais ar chúnamh dlíthiúil ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais

an iarratasóra, amhail teastas ó údarás náisiúnta inniúil lena bhfianófar staid airgeadais an iarratasóra.

3. Má deonaíodh cúnamh dlíthiúil don iarratasóir cheana féin os comhair na cúirte nó an bhinse a rinne an tarchur, tabharfaidh sé cinneadh na cúirte nó an bhinse sin ar aird agus sonróidh sé na nithe a chumhdaítear leis na suimeanna a deonaíodh cheana.

*Airteagal 240 (M7)*

**Breith maidir le hiarratas ar chúnamh dlíthiúil**

1. Is le hordú a thabharfaidh an tUachtarán a bhreith ar iarratas ar chúnamh dlíthiúil, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.

2. I gcás go ndiúltaítear, go hiomlán nó go páirteach, an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil, sonrófar na cúiseanna a bheidh leis an diúltú sin san ordú.

*Airteagal 241 (M7)*

**Réamhíocaíochtaí cúnaimh dhlíthiúil**

I gcás go ndeonaítear cúnamh dlíthiúil, beidh airgeadóir na Cúirte Ginearálta freagrach, laistigh de na teorainneacha socraithe ag an Uachtarán, i gcás inarb infheidhme, as na costais a bhaineann le cabhair dhlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil an iarratasóra os comhair na Cúirte Ginearálta. Ar iarratas ón iarratasóir nó ionadaí an iarratasóra, féadfar réamhíocaíocht de na costais sin a dhéanamh.

*Airteagal 242 (M7)*

**Cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar**

1. Féadfaidh an tUachtarán, uaidh féin nó ar iarratas a fháil, tar éis dó an duine a bheidh i dtrácht a éisteacht, cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar tráth ar bith má thagann athrú le linn na n-imeachtaí ar na himthosca ba bhun lena dheonú.

2. Déanfar a shonrú in ordú lena ndéanfar cúnamh dlíthiúil a tharraingt siar na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe agus ní fhéadfar aon achomharc a dhéanamh ina choinne.

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 243 (M7)*

**Rialacha cur chun feidhme**

Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta, le gníomh ar leith, rialacha cleachtais a ghlacadh maidir leis na Rialacha seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 244 (M7)*

**Forfheidhmiú**

Déanfar pionóis a ghearrtar agus bearta eile a ordaítear de réir na Rialacha seo a fhorfheidhmiú de réir Airteagail 280 CFAE agus 299 CFAE agus Airteagal 164 CCEFA.

*Airteagal 245 (M7)*

**Aisghairm**

Cuirtear na Rialacha seo in ionad Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta a glacadh an 2 Bealtaine 1991, arna leasú go deireanach an 19 Meitheamh 2013.

*Airteagal 246 (M7) (C1)*

**Foilsiú agus teacht i bhfeidhm na Rialacha seo**

1. Déanfar na Rialacha seo, atá barántúil sna teangacha dá dtagraítear in Airteagal 44, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Tiocfaidh na Rialacha seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí tar éis a bhfoilsithe.

3. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil in Airteagal 86(1) ach i gcás ina dtosaíonn an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 86(2) i ndiaidh an 1 Meán Fómhair 2024.

4. Ní bheidh feidhm ag forálacha Airteagail 139(b) ach amháin i gcás caingne arna dtabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta i ndiaidh theacht i bhfeidhm na Rialacha seo.

5. Ní bheidh feidhm ag forálacha Airteagail 110a agus 219 go dtí teacht i bhfeidhm an chinnidh dá dtagraítear, faoi seach, in Airteagal 110a(8) agus Airteagal 219(8).

6. Beidh feidhm ag forálacha Airteagail 115(1) agus 116(6) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 2 Bealtaine 1991, arna leasú go deireanach an

19 Meitheamh 2013, fós i gcás caingne arna dtabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta roimh theacht i bhfeidhm na Rialacha seo.

7. Toghfar na chéad Bhreithiúna a chomhlíonfaidh feidhmeanna Abhcóide Ghinearálta chun iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil láithreach i ndiaidh an 1 Meán Fómhair Tiocfaidh deireadh lena dtéarma oifige tráth an athraithe ar chuid de na Breithiúna dá bhforáiltear in Airteagal 254(2) CFAE.